2021

# TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH FOLLÁINE

## sa tSraith Shóisearach

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

1

## AN RÉAMHRÁ 4

1.1 Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an bhfolláine? 6
1.2 An comhthéacs beartais 9
1.3 I dtreo tuiscint a fháil ar fholláine an scoláire sa tsraith shóisearach 11

2

## FOLLÁINE AGUS AN CREAT DON TSRAITH SHÓISEARACH 14

3

## FOLLÁINE – SAOTHAR SCOILE UILE 19

3.1 Ceithre ghné den fholláine i scoileanna 20
3.2 Céard is tábhachtaí le haghaidh folláine an scoláire 22
3.3 Guth an scoláire agus folláine 24
3.4 Folláine an mhúinteora 28
3.5 Ionchais agus tuairimí agus folláine 29
3.6 Teagasc agus foghlaim, agus folláine 30
3.7 Cleachtais mheasúnaithe agus folláine an scoláire 32
3.8 Beartais Scoile 34
3.9 Córais tacaíochta don scoláire 35
3.10 Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus caomhnóirí 37
3.11 An timpeallacht fhisiciúil agus folláine 38
3.12 Pleanáil 39
3.13 Pleanáil le haghaidh Folláine le linn tréimhse dhúshlánach 40

4

## AN FHOLLÁINE AGUS AN CURACLAM 41


4.1 Táscairí na folláine 43
4.2 An fholláine agus an curaclam 45
4.3 Treoir 48
4.4 Foghlaim eile ar féidir a chur san áireamh i gclár Folláine 50
4.5 Clár Folláine a chur ar fáil don scoláire atá ag glacadh páirte i gcláir foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 54
4.6 Prionsabail phleanála agus céimeanna chun cláir Folláine a fhorbairt 55
4.7 Aonaid Foghlama Folláine Shamplacha 61
4.8 Naisc leis an tsraith shóisearach 62
4.9 Curaclam le haghaidh clár Folláine 83


5

## MEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ 87


5.1 Measúnú san Fholláine 88
5.2 Tuairisciú ar an bhFolláine sa chéad bhliain agus sa dara bliain 89
5.3 Tuairisciú ar an bhFolláine i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) 90
5.4 An Scoláire ag machnamh ar fhoghlaim san Fholláine 91


6

## AGUISÍNÍ 92


Aguisín A: Na táscairí Folláine a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas scoile 93
Aguisín B: Teimpléad chun tacú le pleanáil chomhoibríoch 95
Aguisín C: Táscairí folláine a úsáid le tacú le machnamh an scoláire 96
Aguisín D: Folláine sa tSraith Shóisearach: Ceistneoir féinmheastóireachta le haghaidh lucht bainistíochta agus fhoireann na scoile 98
Aguisín E: Fócasghrúpa tuismitheoirí 106
Aguisín I: Teimpléad chun tacú le scoileanna agus iad ag pleanáil aonaid foghlama san Fholláine 107

# 1

# AN RÉAMHRÁ

Folaítear do réimse foghlama ar a dtugtar Folláine sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015). Trasnaíonn an fholláine na trí bliana den tsraith shóisearach agus tógann sí ar an obair shuntasach atá á déanamh cheana i scoileanna le tacú le folláine an scoláire. Mar gheall ar an réimse foghlama seo, bíonn cultúr agus éiteas agus tiomantas na scoile don fholláine le feiceáil ag an scoláire. Cuimsítear leis deiseanna foghlama chun cur le folláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta an scoláire. Tacaíonn sé leis an scoláire scileanna tábhachtacha saoil a fhorbairt agus ómós láidir ceangailteachta a thógáil lena scoil agus lena phobal.

Is é aidhm na dtreoirlínte nuashonraithe seo tacú le scoileanna ina bpleanáil agus ina bhforbairt leanúnach maidir le clár soiléir Folláine a thógann ar na tuiscintí, ar na cleachtais agus ar na curaclaim don fholláine atá bunaithe i scoileanna cheana féin.

Chuir an cur isteach ar an ngnáthshaol scoile de bharr COVID-19 leis an bhfeasacht ar an tábhacht a bhaineann le folláine do gach duine de phobal na scoile. Tá sé an-soiléir dá thoradh sin freisin an ról suntasach cosanta a imríonn scoileanna agus iad ag tacú le folláine daoine óga. Tá sé seo níos tábhachtaí anois ná riamh agus cuireann an clár Folláine spás ar leith ar fáil inar féidir aghaidh a thabhairt ar go leor de na dálaí nua dúshlánacha a chruthaigh an phaindéim.

Sé chuid atá sna treoirlínte[1]. Leagtar amach i gCuid 1 an fáth a bhfuil tábhacht leis an bhfolláine in oideachas na sraithe sóisearaí agus an comhthéacs beartais chun machnamh a dhéanamh ar an bhfolláine in oideachas na sraithe sóisearaí. Breathnaítear i gCuid 2 ar na ceangailtí idir folláine agus an Creat don tSraith Shóisearach. Déantar breith i gCuid 3 ar na gnéithe a chuireann le cur chuige scoile uile ar an bhfolláine. Tugtar forbhreathnú i gCuid 4 ar na breithnithe pleanála agus ar roinnt samplaí de chláir folláine. Leagtar amach i gCuid 5 moltaí maidir le conas is féidir le scoileanna measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an scoláire sa réimse foghlama seo. Tá uirlisí le haghaidh comhairliúchán leanúnach agus chun cláir Folláine a phleanáil agus a mheas le fáil sa chuid deiridh.

**IS ANN D'FHOLLÁINE NUAIR A ÉIRÍONN LEIS AN SCOLÁIRE BARR A CHUMAS A BHAINT AMACH, NUAIR A THUGANN SÉ AIRE DÁ FHOLLÁINE CHOIRP, MÁ ÉIRÍONN LEIS DÉILEÁIL LE GNÁTHSTRUS AN TSAOIL, AGUS MÁ MHOTHAÍONN SÉ GO BHFUIL BRAISTINT CHÓMHUINTEARAIS AIGE LE POBAL NÍOS LEITHNE.**

1 Agus na treoirlínte seo á bhforbairt, baineadh leas ar leith as saothar Maeve O'Brien in *Leas Daltaí agus an Scolaíocht Iar-bhunoideachais; léirmheas ar an litríocht agus ar an taighde* (CNCM, 2008) agus as an doiciméad eolais *A Human Development Framework for Orienting Education and Schools in the Space of Wellbeing* (CNCM, 2016) le Maeve O'Brien agus Andrew O'Shea.

## 1.1

## CÉN FÁTH A BHFUIL TÁBHACHT LEIS AN BHFOLLÁINE?

Tá níos mó airde á díriú ar fholláine in go leor córais oideachais. Tá tionchar air seo ag Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, ina leagtar béim ar cheart páistí chun a gcumas iomlán a bhaint amach agus a bheith páirteach i gcinntí a bhaineann leo. Tá cur chuige bunaithe ar chearta i leith na folláine úsáideach mar cuireann sé i gcuimhne dúinn go bhfuil an fholláine tábhachtach mar go mbíonn torthaí oideachais níos fearr ag baint léi nó gur féidir leis an bhfolláine dul i bhfeidhm ar thorthaí na ndaoine óga mar dhaoine fásta, ach ní ar na cúiseanna sin amháin. Tá tábhacht leis an bhfolláine san am i láthair. Tá an fholláine tábhachtach aisti féin mar tá sé de cheart ag gach scoláire go dtacófar lena fholláine agus a bhrath go bhfuil aire á tabhairt dó ar scoil.

É sin ráite, is eol dúinn freisin go mbíonn torthaí acadúla níos fearr ar scoil ag an scoláire a mbíonn leibhéil níos airde folláine aige[2]. Léiríodh i dtaighde a rinneadh in Éirinn go mbíonn 'leibhéil níos airde gnóthachtála acadúla ina dhiaidh sin ag páistí ag a raibh leibhéil ní b'airde folláine mothúchánaí, iompraíochta, sóisialta agus scoile (ag 11, 14 agus 16 bliana d'aois)'.[3] Tá an tátal seo le feiceáil freisin i dtaighde idirnáisiúnta a d'fhloilsigh an ECFE ina nochtar gaol dearfach idir an muintearas ar scoil, sásamh leis an saol agus feidhmíocht acadúil (ECFE, 2017)[4]

Mar sin, tá an fholláine agus an fhoghlaim rathúil fite fuaite ina chéile.

> Tá sé riachtanach go dtuigeann siad siúd a dhéanann iarracht ardchaighdeáin acadúla a chur chun cinn agus iad siúd a dhéanann iarracht meabhairshláinte, sláinte mhothúchánach agus sláinte shóisialta a chur chun cinn go bhfuil siad ar an taobh céanna, agus gur féidir le hoideachas sóisialta agus mothachtálach tacú le foghlaim acadúil, ní am a thógáil uaidh amháin. Tá fianaise an-láidir ann gur éifeachtaí i bhfad an fhoghlaim, lena n-áirítear sna hábhair acadúla, má tá an scoláire sásta ina chuid oibre, má chreideann sé ann féin, agus má mheasann sé go bhfuil an scoil ag tacú leis.[5]

**TÁ AN FHOLLÁINE AGUS AN FHOGHLAIM RATHÚIL FITE FUAITE INA CHÉILE**

2 *Student wellbeing: Literature review.* (2015) Centre for Education Statistics and Evaluation.

3 Smyth, E. (2015). *Learning in focus: Wellbeing and School Experiences among 9- and 13-Year-Olds: Insights from the growing up in Ireland study.* ITES/CNCM lch 4.

4 ECFE (2017), PISA 2015 Results (Volume III): Students' Well-Being, OECD Publishing, Páras.

5 Weare, K. (2000). *Promoting mental, emotional, and social health: A whole-school approach.* Londain: Routledge.

Tá saothar mór taighde idirnáisiúnta ann freisin ina léirítear nasc idir cáilíocht an chaidrimh idir an múinteoir agus an scoláire agus torthaí áirithe a bhíonn á mbaint amach ag an scoláire lena n-áirítear folláine shocheacnamaíoch, rannpháirtíocht in obair scoile, braistint chomhuintearais a mhothú ar scoil, leibhéil na bhfadhbanna araíonachta, agus gnóthachtáil acadúil.[6] 'Students in classes with supportive teachers are almost two times more likely to feel that they belong at school than those in classes without such teachers. This is relevant, as students who feel like an outsider at school are three times more likely to be unsatisfied with their life than those who do not'[7]. ECFE (2017).

I suirbhé 1 agus 2 *My World*[8] sainaithníodh na príomhthosca riosca agus cosanta[9] maidir le meabhairshláinte daoine óga. I measc na ndaoine óga idir 12 bhliain agus 18 mbliana d'aois a ghlac páirt sa suirbhé, ba é an fáistineoir ba chumhachtaí i leith meabhairshláinte mhaith 'duine fásta maith amháin' ar a laghad a bheith ina saol – duine a raibh aithne phearsanta aige orthu, a chreid iontu, agus a bhí ar fáil dóibh. Fuarthas amach go raibh féinmheas ní ba láidre ag na daoine óga sin a raibh aithne acu ar dhuine fásta den sórt sin, bhí misneach acu go bhféadfaidís déileáil le dúshláin an tsaoil, agus bhí braistint folláine acu. Maidir leo siúd nach raibh in ann duine den sórt sin a shainaithint ina saol, bhí riosca mór ann go mbainfeadh imní, dúlagar, léiriú crá agus féindíobháil leo. I gcás fhormhór na n-ógánach a ghlac páirt sa suirbhé, ba thuismitheoir (a máthair i bhformhór na gcásanna) an 'duine fásta maith', ach ba sheantuismitheoir, gaol níos sine leo nó múinteoir a bhí ann in go leor cásanna.

Tugann an fealsúnaí, Nel Noddings, le fios go bhfuil cúram i gcroílár an tsaoil dhaonna agus i ndéanamh go maith agus gur cheart amharc air mar idéal eiticiúil oideachais. Molann Noddings, ó thaobh an oideachais de, go dtreoraíonn eitic an chúraim oideoirí i dtreo an scoláire a theagasc chun go dtabhairfaidh sé aire dó féin, do dhaoine eile, do smaointe agus don domhan. Nuair a fhreastalaítear ar na héilimh maidir le cúram an scoláire, tacaíonn na scoileanna lena riachtanais acadúla agus lena riachtanais shóisialta/ mhothúchánacha.

> Ní mór gurb é príomhaidhm gach iarrachta oideachais cúram a chothabháil agus a fheabhsú.[10]

Ag leanúint ó Noddings, chuir teoiricithe cúraim eile eitic seo an chúraim i scoileanna in iúl agus mhol siad go mbíonn tionchar láidir ag an gcaoi a múnlaíonn múinteoirí eitic cúraim dá scoláirí ar an gcaoi a bhforbraíonn an scoláire mar fhoghlaimeoir agus mar dhuine óg.

Mar sin féin, caithfear a aithint chomh maith go bhfuil go leor de na tosca a chuireann cruth agus a mbíonn tionchar acu ar fholláine scoláire taobh amuigh de ghreim agus de thionchar na scoile. Bíonn tionchar ag tosca geilleagracha, polaitiúla agus sóisialta ar fholláine an scoláire chomh maith. Bíonn tionchar mór ag cúinsí agus ag comhthéacs áirithe teaghlaigh an scoláire ar a thaithí folláine chomh maith. Tá cur síos forleathan déanta ar na naisc idir an bhochtaineacht agus drochshláinte fhisiciúil agus mheabhrach. Léirítear i dtaighde freisin maidir le tíortha a bhaineann feabhas amach san oideachas go ndéanann siad é trí fhreastal ar chothromas sóisialta agus ar fholláine

---

6 Smyth, E. (2015). *Learning in focus: Wellbeing and School Experiences among 9- and 13-Year-Olds: Insights from the growing up in Ireland study.* ITES/CNCM lch. 3.

7 ECFE, 2017 op cit

8 Suirbhé *My World 1 agus 2*, (2012, 2019) Scoil na Síceolaíochta COBÁC agus Jigsaw. Is é seo an suirbhé is mó agus is cuimsithí ar mheabhairshláinte daoine óga in Éirinn.

9 Is é atá i gceist le tosca cosanta dálaí nó tréithe i ndaoine aonair, teaghlaigh, scoileanna nó sa tsochaí níos leithne a chuireann le sláinte agus le folláine páistí agus teaghlach nuair a bhíonn siad ann.

10 Noddings, N. (1984). *The challenge to care in schools: An alternative approach to education*. Nua-Eabhrac, lch 172.

an pháiste. Mar sin, ní nach ionadh go bhfuil na tíortha atá ar thús cadhnaíochta maidir le leibhéil ghinearálta folláine páiste i measc na dtíortha is fearr feidhmíochta freisin i rangú PISA maidir le gnóthachtáil acadúil, agus tá tiomantas maith ag a rialtais i leith comhionannas sóisialta.[11]

Cé go n-aithnítear na tosca seachtracha sin, tá sé tábhachtach nach ndéanfaí beag is fiú de ról na scoile i ndáil le folláine. Trí dheiseanna do dhaoine óga foghlaim faoin bhfolláine a mhéadú oiread is féidir agus trí bheith feasach ar na tosca cosanta gur féidir le pobail na scoile uile a thabhairt chun cur le braistint folláine an duine óig, féadfaidh scoileanna difríocht shuntasach a dhéanamh.

Féadfar breathnú ar an óige mar phróiseas 'éirí go maith', ina bhfuil an duine óg ag gnóthachtáil eolais, scileanna, luachanna agus dearcthaí a chothóidh é i rith a shaoil.[12] Turas feadh an tsaoil atá anseo, ach ceann ina mbíonn ról tábhachtach ag an scoil. Is é sprioc na folláine an bláthú daonna agus braitheann bláthú ar chúig cholún: **mothúchán dearfach, rannpháirtíocht, caidrimh, brí agus éachtaí**[13].

Nuair a bhíonn páistí agus daoine óga ag 'bláthú', ní hamháin go mbíonn siad i mbun foghlaim bhríoch, bíonn siad:

- cruthaitheach agus samhlaíoch
- ceangailte agus ionbháúil
- go maith mar bhall foirne
- muiníneach fúthu féin
- athléimneach agus seasmhach
- dearfach fúthu féin agus á bhfeiceáil féin ag fás ina ndaoine níos fearr.[14]

## FOGHLAIM FAOIN BHFOLLÁINE AGUS DON FHOLLÁINE

Tá ról lárnach le himirt ag an scoil i dtacú leis an scoláire agus chun foghlaim an scoláire a chur chun cinn *faoin bhfolláine* agus *don fholláine*. Foghlaimíonn an scoláire faoin bhfolláine trí réimsí áirithe den churaclam agus trí imeachtaí agus tionscnaimh speisialta folláine a eagraítear chun feasacht, eolas agus tuiscint faoin bhfolláine a fhorbairt, agus scileanna chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chur chun cinn. Foghlaimíonn sé don fholláine nuair a bhíonn a thaithí iomlán ar shaol na scoile lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí laethúla, sa seomra ranga agus taobh amuigh de, measúil agus comhbhách.

Is iarracht scoile uile í an fholláine, mar a chuirtear síos uirthi i gcuid 3 de na treoirlínte seo. Cé go bhfuil príomhról ag múinteoirí faoi leith ag teagasc faoin bhfolláine, is féidir le gach ball de phobal na scoile tacú le foghlaim don fholláine. Faigheann an scoláire eispéireas ar fhoghlaim don fholláine i seomraí ranga mar a mbíonn múinteoirí feasach ar na táscairí folláine agus a ndéanann siad iarracht go comhfhiosach na hiompraíochtaí seo a fhorbairt. Le smaoineamh ar an bhfoghlaim don fholláine, ní mór dúinn an méid a fhoghlaimíonn an scoláire a chur san áireamh chomh maith leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé é. Is féidir an fhoghlaim don fholláine a chothú i ngach ábhar agus le gach múinteoir. Ach an fholláine a fheiceáil trí lionsa na foghlama faoin bhfolláine agus don fholláine, cuirtear ar a chumas do gach duine den phobal scoile a fheiceáil go bhfuil ról aige agus freagracht air chun tacú le folláine an scoláire.

---

11 Andy Hargreaves, ag caint i mBaile Átha Cliath, Feabhra 2017 maidir le *Ireland: Achievement and Equity*

12 Awartani, M agus Looney, J. (2015). *Learning and well-being: An agenda for change*.

13 Seligman, M. (2011). 'Happiness is not enough' Faighte an 21 Márta 2016 ó https://www.authentichappiness.sas.upenn.edu/newsletters/flourishnewsletters/newtheory

14 *Growing great kids: helping young people to flourish in life*. Faighte an 23 Márta 2016 ó http://growinggreatschools.com.au/growing-great-kids-helping-young-people-flourish-in-life/

## 1.2

## AN COMHTHÉACS BEARTAIS

Is tosaíocht rialtais é cur chun cinn na folláine agus tá príomhról le himirt ag an Roinn Oideachais i gcur chun cinn fholláine páistí agus daoine óga in Éirinn, i gcomhar le ranna agus le gníomhaireachtaí eile rialtais.

Sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015) cuirtear an scoláire i gcroílár an teagaisc agus na foghlama, agus feasacht ar thábhacht fholláine an scoláire mar bhuntaca acu. Tá an bhéim seo ar fholláine follasach i bprionsabail na sraithe sóisearaí, sna príomhscileanna, sna ráitis foghlama agus i gcuimsiú na folláine mar réimse foghlama faoi leith. Tá sé intuigthe i bhfís an teagaisc agus na foghlama agus sa tuiscint níos leithne ar mheasúnú a spreagann sé. Tá cuimsiú na folláine mar phríomhábhar machnaimh do scoileanna agus iad ag pleanáil oideachas na sraithe sóisearaí ag teacht le roinnt cáipéisí beartais rialtais.

D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an Straitéis Náisiúnta Leanaí[15] *Ár Leanaí – A Saol* in 2000 agus leagadh amach inti plean chun saol leanaí in Éirinn a fheabhsú. Moltar inti fís d'Éirinn

> ina mbeidh meas ar leanaí mar shaoránaigh óga atá in ann cur leis an tsochaí ar dhóigh luachmhar agus ina mbeidh guth suaithinseach acu; áit a dtugann a muintir féin agus an tsochaí i gcoitinne grá agus tacaíocht do gach leanbh; áit a mbeidh siad in ann óige shásta a chaitheamh agus áit a mbeidh siad ábalta a bpoitéinseal a bhaint amach.[16]

Leagtar amach fís den chineál céanna d'Éirinn in *Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine fheabhsaithe*:[17]

> … Éire Shláintiúil inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiceach agus meabhrach chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus áit a bhfuil luach ar fholláine agus go dtacaítear leis ar gach leibhéal den tsochaí agus go bhfuil sé mar fhreagracht ar chách.[18]

Sa *Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020*, soláthraítear teachtaireacht shoiléir freisin maidir leis an nasc idir an tOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus cur chun cinn na folláine. Sa chás seo, is é seo a leanas an sainmhíniú a thugtar ar an bhforbairt inbhuanaithe:

> forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an ama i láthair gan cumas na nglúnta atá le teacht chun a gcuid riachtanas féin a shásamh a chur i mbaol. Is próiseas leanúnach treoraithe í an fhorbairt inbhuanaithe ina mbíonn athrú eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, athrú a bhfuil sé mar aidhm aige folláine saoránach a chur chun cinn san am i láthair agus sa todhchaí.[19]

In *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna, Treoirlínte Féinmheastóireacht Scoile 2016-2020* (ROS agus Cigireacht, 2016) cuirtear in iúl dearcadh iomlánaíoch ar an bhfoghlaim i scoileanna ina fhéachtar ar an bhfolláine mar chumasóir foghlama agus toradh foghlama araon. Leagtar béim ann ar an ngá le páistí agus daoine óga raon leathan scileanna, inniúlachtaí, agus luachanna a fhorbairt a chothaíonn saoránacht ghníomhach, foghlaim ar feadh an tsaoil agus folláine phearsanta. Dearbhaítear sa chreat nach mór do mhúinteoirí,

15 An Roinn Oideachais agus An Roinn Sláinte. (2000). *An Straitéis Náisiúnta Leanaí: Ár Leanaí – A Saol.*

16 Cuir isteach uimhir leathanaigh

17 An Roinn Sláinte (2013). *Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe. 2013-2025.*

18 lch 6

19 lch 6

agus iad ag cur eispéiris foghlama ardchaighdeáin ar fáil, machnamh a dhéanamh ar fholláine páistí agus daoine óga agus go mbaineann ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach scoile le cultúr dearfach, slán agus folláin a chruthú agus a choinneáil, ina gcumasaítear forbairt iomlánaíoch gach páiste agus duine óig.

Níos gaire don lá atá inniu ann, leagtar amach in *Ráiteas Polasaí Folláine* agus *Creat Cleachtais*[20] uaillmhian agus fís na Roinne Oideachais le haghaidh chur chun cinn na folláine ar leibhéal na scoile uile, ag tógáil ar an iomad treoirlínte agus creataí atá ar fáil cheana chun tacú le folláine páistí agus daoine óga agus í a chur chun cinn. Cuirtear ar fáil sa ráiteas beartais agus doiciméad creata seo struchtúr uileghabhálach chun tacú le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon agus iad ag pleanáil agus ag athbhreithniú a gcuid oibre i gcur chun cinn na folláine. Cuirtear ar a gcumas do scoileanna a spriocanna féin i leith na forbartha a shainaithint agus a ndul chun cinn sa chur i bhfeidhm a rianú trí ráitis um chleachtas éifeachtach a úsáid. Éilíonn an beartas seo go bhforbrófar agus go gcuirfear i bhfeidhm Próiseas um Chur Chun Cinn na Folláine, tríd an bpróiseas um Fhéinmheastóireacht Scoile a úsáid, i ngach scoil faoi 2023. Tá na treoirlínte seo ailínithe le Próisis um Chur Chun Cinn na Folláine sna scoileanna a fhorbairt, agus is féidir leo bonn eolais a chur fúthu, laistigh den phróiseas um Fhéinmheastóireacht Scoile.

**TÁ CUIMSIÚ NA FOLLÁINE MAR PHRÍOMHÁBHAR MACHNAIMH DO SCOILEANNA AGUS IAD AG PLEANÁIL OIDEACHAS NA SRAITHE SÓISEARAÍ AG TEACHT LE ROINNT CÁIPÉISÍ BEARTAIS RIALTAIS**

20 ROS, (2019) *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais*

## 1.3


## I DTREO TUISCINT A FHÁIL AR FHOLLÁINE AN SCOLÁIRE SA TSRAITH SHÓISEARACH

Tá sé tábhachtach do phobal na scoile uile tuiscint choitianta a thógáil agus a roinnt ar an bhfolláine, go háirithe ar a bhfuil i gceist againn nuair a labhraímid faoi fholláine an scoláire. Baineann daoine éagsúla bríonna éagsúla as an bhfolláine. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach spás a chruthú do mhúinteoirí ina mbeidh siad ag cur agus ag cúiteamh, agus a bhfís agus a dtuiscint féin ar an bhfolláine a roinnt. Dúshlán is ea teacht ar shainmhíniú a chuireann ilghnéitheacht fholláine an scoláire in iúl. Faightear dearcadh éagsúil agus uaireanta iomaíoch ar fholláine i ndisciplíní éagsúla. Sainmhínítear folláine an scoláire i bhformhór an taighde agus na cáipéisíochta beartais i dtéarmaí síceolaíocha agus mar sin feictear folláine go minic mar mheascán de mhothúcháin dhearfacha agus de dhearcthaí dearfacha – daoine óga sona, sláintiúla agus muiníneacha a mhothaíonn sábháilte, slán agus a fhaigheann cúram, iad cuimsithe, páirteach agus rannpháirteach, agus mar sin de. Is iondúil go sainaithníonn amharc cúng mar seo ar an bhfolláine le staid intinne chuspóireach an scoláire. Tá roinnt fadhbanna leis an gcur chuige seo. Ar an gcéad dul síos, tugann sé neamhaird ar an bhfíric go bhfuil folláine agus neamhfholláine le chéile mar chuid de bhail an duine agus nach ionann folláine agus easpa drochghiúmar, drochmhothúchán nó drochsmaointe. Ar an dara dul síos, táthar ag breathnú ar an duine aonair amhail is go bhfuil sé go hiomlán freagrach as a fholláine gan tagairt don chomhthéacs níos leithne ná do choinníollacha sóisialta riachtanacha le go mbláthóidh folláine. Fiú lenár n-iarrachtaí is fearr, is féidir leis an tírdhreach sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha níos leithne drochthionchar a bheith aige ar fholláine an duine aonair. Ní féidir neamhaird a dhéanamh de thosca amhail aicme shóisialta, féiniúlacht eitneach, féiniúlacht inscne agus ghnéasach agus folláine an scoláire á meas. Ar an tríú dul síos, is féidir le cuir chuige a dhíríonn go cúng ar an dearfacht nó ar an sonas a chur chun cinn neamhaird a dhéanamh ar an bhfírinne *'nach bhfuil gach rud a chuireann spionnadh níos fearr orainn go maith dúinn. D'fhéadfadh sé nach bhfuil gach rud a ghortaíonn go dona.'*[21]

Ar an ábhar sin, tá sé tábhachtach go léirítear sa sainmhíniú ar an bhfolláine nádúr ilghnéitheach na folláine agus go dtarraingítear ann ar léargais ón tsíceolaíocht, ón bhfealsúnacht agus ón tsocheolaíocht[22]. Tá samhail éiceolaíochta Brofenbrenner le haghaidh fhorbairt an duine úsáideach mar go gcuireann sé cur chuige cuimsitheach córais-bhunaithe ar fáil chun folláine a thuiscint. Ar dtús, aithnítear ann a thábhachtaí atá an duine agus a dhlúthchaidrimh agus bogtar amach ansin le taispeáint gur gá comhthéacs an phobail agus an comhthéacs sóisialta níos leithne a chur san áireamh chun freastal ar chur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar chórais i leith na folláine. Aithnítear sa dearcadh sin go mbíonn bac uaireanta ar fholláine an duine aonair de bharr tosca sóisialta, geilleagracha nó cultúrtha níos leithne agus ar an láimh eile, uaireanta, d'fhéadfadh sé go ndéanann iompar, roghanna nó spriocanna an duine féin díobháil don fholláine chnuasaitheach, ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal uilíoch araon. Ina theannta sin, cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuil ár bhfolláine phearsanta féin agus folláine an phobail áitiúil ceangailte leis an domhan níos forleithne, agus go bhfuil an fholláine sin tógtha ar luachanna an chirt, an chomhionannais, na dlúthpháirtíochta agus an mheasa ar éagsúlachtaí i ndomhan idirnasctha. Go hachomair, léiríonn an tsamhail seo gur gné den duine é a bheith caidreamhach, agus gur laistigh de phobal a bhaintear an fholláine amach.

21 Be Botton, A. (2001) *The consolations of philosophy* (Penguin books) lch 244
22 O'Brien, M. agus O'Shea A. (2016). *A human development framework for orienting education and schools in the space of wellbeing.*

## Fíor 1: Samhail Éiceolaíoch Bronfenbrenner ar fhorbairt an duine




**DUINE AONAIR**
Aois, inscne, sláinte, srl

**MICREACHÓRAS**
**Garthimpeallachtaí**
Idirghníomhaíocht dhíreach i ngníomhaíochtaí, róil agus caidreamh le daoine eile agus le nithe

**MÉISEACHÓRAS**
Naisc idir córais agus micreachórais

**EISEACHÓRAS**
**Timpeallachtaí indíreacha**
Córais a théann i bhfeidhm ar an duine aonair go hindíreach trí mhicreachórais

**MACRACHÓRAS**
Idé-eolaíochtaí sóisialta agus luachanna cultúr agus fochultúr

**TEICNEA-FHOCHÓRAS**
Tionchar na meán
ríomhairí
idirlíon
gléasanna póca
na meáin shóisialta
teilifís
fón

Ar deireadh, is gá do scoileanna féachaint ar an bhfolláine mar phróiseas dea-fhorbartha seachas mar staid inti féin. Aistear saoil atá inti. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach eispéireas reatha an scoláire a bhailíochtú agus tacú leis an duine óg chun teacht ar eolas, scileanna agus meonta dá fholláine anois, agus amach ina shaol mar dhuine fásta freisin. Tá sé tábhachtach a dhearbhú nach mbainfear amach folláine ina hiomláine riamh: d'fhéadfadh céimeanna ar gcúl tarlú am ar bith agus is fíor é sin i gcás gach aon duine. Níor cheart féachaint ar ísle brí, ar mhothúcháin, ar smaointe ná ar dhroch-fhéinmhuinín mar bhaic ar an bhfolláine ach mar ghnéithe de riocht an duine. Trí thaithí na neamhfholláine a aithint mar chuid de chontanam na folláine, foghlaimíonn an scoláire le glacadh leis go mbíonn gach duine leochaileach uaireanta agus go mbíonn cúram ag teastáil ó gach duine ag céimeanna áirithe ina thuras. Féadfar an scoláire a spreagadh lena aithint nach ionann an fholláine agus easpa struis nó mothúcháin dhiúltacha ina shaol.

> D'fhéadfadh gach leanbh agus duine óg a bheith leochaileach ag tréimhsí éagsúla dá bhforbairt agus d'fhéadfadh an tslí ina mbraitheann siad ó thaobh folláine athrú ó am go ham. Próiseas fadsaoil atá i gceist le forbairt, cothú agus cothabháil na folláine[23].

Sa sainmhíniú[24] seo a leanas, déantar iarracht nádúr ilghnéitheach na folláine a chur san áireamh lena n-áirítear an fholláine shóisialta, mhothúchánach, spioradálta, intleachtúil, chomhshaoil, agus choirp:

**IS ANN D'FHOLLÁINE AN SCOLÁIRE NUAIR A ÉIRÍONN LEIS AN SCOLÁIRE BARR A CHUMAS A BHAINT AMACH, NUAIR A THUGANN SÉ AIRE DÁ FHOLLÁINE CHOIRP, MÁ ÉIRÍONN LEIS DÉILEÁIL LE GNÁTHSTRUS AN TSAOIL, AGUS MÁ MHOTHAÍONN SÉ GO BHFUIL BRAISTINT CHÓMHUINTEARAIS AIGE LE POBAL NÍOS LEITHNE**

Cé gur féidir le gach múinteoir tacú le folláine an scoláire, breisítear a thuilleadh í nuair a bhíonn gnéithe tábhachtacha den fholláine faoi réir foghlama agus teagaisc i réimsí curaclaim ar leith agus go leagtar amach am ar leith dóibh. Sna codanna seo a leanas de na treoirlínte seo tugtar treoir maidir le conas is féidir le scoileanna cláir bhríocha Folláine a fhorbairt agus a éabhlóidiú, le samplaí éagsúla.

23 ROS, (athbhreithnithe 2019) *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais, lch 10*
24 Curtha in oiriúint ó shainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte (2001)

# 2

# FOLLÁINE AGUS AN CREAT DON TSRAITH SHÓISEARACH

Tá blianta na sraithe sóisearaí tábhachtach i saol an duine óig mar go bhfoghlaimíonn sé le freagracht níos mó a ghlacadh as a shaol féin agus le déileáil le taithí, le tionchar agus le brú nua. Tá folláine an scoláire i gcroílár fhís na sraithe sóisearaí agus leagtar amach sa *Chreat don tSraith Shóisearach* bunús iontach chun clár Folláine don tsraith shóisearach a phleanáil.

Tá ocht bprionsabal mar bhonn agus mar thaca leis an *gCreat don tSraith Shóisearach* a chuireann le forbairt agus le cur i bhfeidhm chláir na sraithe sóisearaí i ngach scoil. Tá na prionsabail sin ar fad tábhachtach i dtacú le taithí an scoláire ar fholláine sa tsraith shóisearach. Is fiú a thabhairt faoi deara chomh maith go bhfuil an fholláine ina prionsabal d'oideachas na sraithe sóisearaí agus ina réimse curaclaim araon.

**TÁ FOLLÁINE AN SCOLÁIRE I GCROÍLÁR FHÍS NA SRAITHE SÓISEARAÍ**

## Fíor 2: Prionsabail d'oideachas na sraithe sóisearaí

**PRIONSABAIL D'OIDEACHAS NA SRAITHE SÓISEARAÍ**

**AG FOGHLAIM CONAS FOGHLAIM**
Tacaíonn curaclam, measúnú, teagasc agus foghlaim den scoth le scoláirí neamhspleáchas níos mó a bhaint amach san fhoghlaim agus sa dul i ngleic le dúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil, an bhreisoideachais agus an tsaoil oibre.

**ROGHA AGUS SOLÚBTHACHT**
Tá clár na scoile sa tsraith shóisearach leathan go leor le réimse d'eispéiris fhoghlama a thairiscint do chách, agus solúbtha go leor le rogha a thairiscint chun freastal ar riachtanais scoláirí.

**CÁILÍOCHT**
Cuirtear eispéireas oideachasúil d'ardchaighdeán ar fáil do gach scoláire, a bheidh léirithe ag ardionchais foghlaimeoirí agus ag tóraíocht na sármhaitheasa.

**CRUTHAITHEACHT AGUS NUÁIL**
Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim deiseanna ar fáil do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach.

**CAIDREAMH AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT**
Spreagann eispéireas an churaclaim, an mheasúnaithe, an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil.

**LEANÚNACHAS AGUS FORBAIRT**
Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim ar chumas scoláirí tógáil ar a bhfoghlaim go dtí seo, aithníonn siad an dul chun cinn san fhoghlaim agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim amach anseo.

**OIDEACHAS CUIMSITHEACH**
Cuimsíonn an t-eispéireas oideachasúil na scoláirí uile agus cuireann sé le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

**FOLLÁINE**
Cuidíonn eispéireas scoláirí go díreach lena bhfolláine agus lena dteacht aniar fisiciúil, meabhrach, mothúchánach agus sóisialta. Tarlaíonn an fhoghlaim i dtimpeallacht atá dírithe ar leas comhoibríoch na scoile, an phobail agus na sochaí.

Tá an 24 ráiteas foghlama (RF) sa Chreat, mar aon leis na hocht bprionsabal, lárnach do phleanáil do thaithí an scoláire ar chlár na sraithe sóisearaí de chuid a scoile. Baineann roinnt de na ráitis foghlama go follasach leis an bhfolláine, lena n-áirítear:

- Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh (RF 5).
- Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne (RF 7).
- Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe (RF 10).
- Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú (RF 11).
- Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil (RF 12).
- Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh (RF 13).

Cuireann na ráitis, agus na prionsabail, an bunús ar fáil do phleanáil agus do mheasúnú gach clár scoile sa tsraith shóisearach. Tá ról tábhachtach chomh maith ag cur chun cinn na bpríomhscileanna teagaisc agus foghlama i dtacú le folláine an scoláire. Nuair a phleanálann an múinteoir ceachtanna lán le scileanna, bíonn an scoláire níos rannpháirtí go gníomhach ina chuid foghlama, mothaíonn sé níos dearfaí faoin bhfoghlaim agus glacann sé níos mó freagrachta as a chuid foghlama. Cé go bhfuil an phríomhscil maidir le fanacht folláin dírithe go sonrach ar an bhfolláine, cothaítear go leor de na meonta dearfacha a bhaineann le folláine an scoláire trí fhorbairt chomhfhiosach na bpríomhscileanna uile sa seomra ranga.

Tá an neamhspleáchas ag gach aon scoil a clár sraithe sóisearaí féin a dhearadh, ag tarraingt ar mheascán de chomhpháirteanna den churaclam (ábhair, gearrchúrsaí, Aonaid Tosaíochta Foghlama, agus eispéiris foghlama eile). Critéar tábhachtach chun na comhpháirteanna difriúla a chuimsiú is ea go gcuireann siad taithí foghlama rannpháirteach, dúshlánach agus taitneamhach ar fáil don scoláire, agus dá bhrí sin go dtacaíonn siad lena thaithí ar an bhfolláine.

Leagtar amach comhairle maidir leis an gcaoi ar féidir comhpháirteanna difriúla den churaclam a úsáid agus a mheascadh i gclár Folláine na sraithe sóisearaí, agus tugtar samplaí díobh, i gCuid 4 de na treoirlínte seo.


PRÍOMH-SCILEANNA
MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ
A BHEITH CRUTHAITH-EACH
A BHEITH UIMHEARTHA
A BHEITH LITEARTHA
OBAIR LE DAOINE EILE
CUMARSÁID
FANACHT FOLLÁIN
EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACHT A BHAINISTIÚ
FANACHT FOLLÁIN GNÉITHE
A BHEITH SLÁINTIÚIL AGUS GNÍOMHACH GO FISICIÚIL
A BHEITH SÓISIALTA
A BHEITH FREAGRACH, SLÁN AGUS EITICIÚIL NUAIR ATÁ TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH IN ÚSÁID
A BHEITH SLÁN
A BHEITH DEARFACH FAOIN BHFOGHLAIM
A BHEITH MUINÍNEACH
A BHEITH SPIORADÁLTA

3

# FOLLÁINE – SAOTHAR SCOILE UILE

**3.1**

# CEITHRE GHNÉ DEN FHOLLÁINE I SCOILEANNA


Is gá na gnéithe seo a chur san áireamh sa phleanáil don fholláine: cultúr, caidrimh, beartas agus pleanáil, agus an curaclam. Dírítear sa chuid seo ar an gcéad trí cinn díobh seo agus féachtar ar bhealaí inar féidir le pobal na scoile uile cur le cultúr, le caidrimh agus le beartais a thacaíonn le folláine an scoláire a thógáil.

Déantar mionphlé i gCuid 4 ar cheist na folláine agus an churaclaim.

**Fíor 3: Ceithre ghné den fholláine i scoileanna**

- Misean agus éiteas na scoile
- An timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta
- Cultúr an tseomra ranga
- Teagasc, foghlaim agus measúnú

- Corpoideachas, OSSP agus OSPS
- Treoir
- Ábhair agus eispéiris foghlama eile
- Foghlaim sheach-churaclaim agus comhchuraclaim




- Caidrimh idir an scoláire agus an múinteoir
- Caidrimh le piaraí
- Guth an scoláire
- Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bpobal agus tacaíochtaí níos forleithne

- Beartais na scoile
- Féinmheastóireacht scoile
- Pleanáil ábhair agus scoile uile
- Pleanáil le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach

Ailínítear na ceithre ghné seo leis na ceithre phríomhréimse maidir le cur chun cinn folláine a leagtar amach sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* de chuid na Roinne Oideachais. Sa *Chreat Cleachtais* um an Fholláine tugtar tacar táscairí ratha sna ceithre phríomhréimse Folláine (féach tábla 1) chomh maith le ráitis le haghaidh cleachtas éifeachtach atá mar bhunús le féinmheasúnú scoile ar an bPróiseas um Chur Chun Cinn na Folláine.

### Tábla 1 Táscairí Ratha an Chreata Cleachtais Folláine (ROS, 2019)[1]

| PRÍOMHRÉIMSÍ | COMHARTHAÍ RATHA |
|---|---|
| Cultúr & Timpeallacht | • Tá mothú chomhuintearais ag leanaí agus ag an bhfoireann agus mothaíonn siad slán, bainteach agus tacaithe.<br>• Tá córais i bhfeidhm chun éisteacht a thabhairt do ghuth an linbh / duine óig, an mhúinteora agus an tuismitheora agus tarlaíonn feabhsuithe ar chultúr agus ar éiteas na scoile dá réir. |
| Curaclam (Teagasc & Foghlaim) | • Tá taithí dearfach, ardcháilíochta ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú á fháil ag leanaí agus ag daoine óga, a chruthaíonn deiseanna ratha do chách.<br>• Cuirtear gníomhachtaí curaclaim ar fáil do leanaí agus daoine óga chun a gcumas fisiciúil, sóisialta agus mothúchánach a chothú ar mhaithe lena bhfolláine a fheabhsú. |
| Polasaí & Pleanáil | • Baineann scoileanna agus láraonad oideachais úsáid as féinmheastóireacht ar *Phróiseas do Chothú na Folláine* chun cothú na folláine a fhorbairt, a fhorfheidhmiú agus a athbhreithniú.<br>• Tá cothú na folláine á fhí isteach ag scoileanna agus lárionaid oideachais ina bpolasaithe agus ina gcleachtas don scoil uile. |
| Caidrimh & Páirtnéireachtaí | • Tá leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí agus páirtnéirí seachtracha eile gafa go gníomhach le cothú na folláine i bpobal na scoile.<br>• Tá tuiscint bhreise ag gach duine fásta i bpobal na scoile ar an tábhacht a bhaineann le cothú na folláine, lena n-áirítear éisteacht le leanaí agus le daoine óga, agus iad a threorú chuig na cosáin thacaíochta, laistigh nó lasmuigh den scoil, atá de dhíth orthu. |

1 https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/raiteas-polasai-follaine-creat-cleachtais-2018-%E2%80%93-2023.pdf

3.2

## CÉARD IS TÁBHACHTAÍ LE HAGHAIDH FOLLÁINE AN SCOLÁIRE

Coincheap ilghnéitheach is ea an fholláine, agus is gá cur chuige scoile uile agus uilechuimsitheach sna hiarrachtaí chun folláine an scoláire a chur chun cinn. Nuair atáthar ag smaoineamh faoin bhfolláine i gcomhthéacs scoile, is féidir leis a bheith ina chuidiú a fhiafraí céard is tábhachtaí maidir le folláine an scoláire a chur chun cinn. Is é tátal go leor den taighde sa réimse seo go bhfuil caidrimh dhearfacha idir an múinteoir agus an scoláire, agus idir an scoláire agus a chomhscoláirí, mar aon lena bhraistint cheangailteachta, ar na príomhfhachtóirí maidir le braistint folláine an scoláire agus é ar scoil.

> Tá an bhraistint chómhuintearais le timpeallacht na scoile ina toisc cosanta sheanbhunaithe do shláinte an linbh agus an ógánaigh, don oideachas agus don fholláine shóisialta.[2]

Réadaítear ceangailteacht agus cuirtear chun cinn í trí cháilíocht na gcaidreamh i dtimpeallacht na scoile agus trí na luachanna agus trí chultúr na scoile a bhíonn ar fáil go laethúil. Sa chomhthéacs sin, ní hamháin go ndéantar an fholláine a theagasc trí chomhpháirteanna follasacha den churaclam, ach déanann siad siúd atá ag obair sa scoil í a léiriú de réir mar a léiríonn siad cúram, meas agus tuiscint ina n-idirghníomhaíochtaí leis an scoláire.

> I dtaighde léirítear a thábhachtaí is atá eispéiris oideachasúla iomlánaíocha don scoláire. Ar an ábhar sin, ní leor a bheith ag teagasc 'maidir le' caidrimh mhaithe agus meas; is gá é sin a léiriú agus a mhothú i measc phobal na scoile.' [3]

Tugtar le fios i dtaighde chomh maith gur féidir tionchar a imirt ar fhorbairt scileanna sóisialta agus mothúchánacha i scolaíocht fhoirmiúil agus go bhféadfadh torthaí foghlama agus folláine fheabhsaithe a bheith ina dtoradh air sin.

> Is rud maith é gur féidir dul i bhfeidhm ar roinnt de na scileanna sóisialta agus mothúchánacha, agus bíonn ról ríthábhachtach ag múinteoirí trí fheabhas a chur ar thimpeallachtaí foghlama chun na scileanna sin a bhreisiú....má ardaítear leibhéil na scileanna sóisialta agus mothúchánacha – ar nós buanseasmhachta, féinmhuiníne agus caidreamhachta – is féidir leis sin tionchar fíorláidir a imirt ar thorthaí a bhaineann leis an tsláinte agus leis an bhfolláine shuibiachtúil a fheabhsú, chomh maith le hiompar frithshóisialta a laghdú.[4]

Is féidir le gach aon duine sa scoil, beag beann ar leibhéal nó minicíocht na teagmhála a bhíonn acu le daoine óga, cabhrú le héiteas dearfach agus timpeallacht measa agus cúraim a chruthú. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí laethúla cineáltais, spéise, breithe agus dearfachta. Leis na hidirghníomhaíochtaí seo léirítear don scoláire go n-aithnítear é, go dtugtar cúram dó, go bhfuil meas air, agus go n-éistear leis, agus cuireann siad go mór, ar an ábhar sin, le braistint folláine an scoláire.

> Tá 'duine fásta maith' amháin ar ár son ag teastáil uainn go léir. Duine é sin inár saol a bhfuil tuiscint aige orainn, a éisteann linn agus a chreideann inár n-acmhainneacht.[5]

---

2 ROS, NEPS *Folláine agus Meabhairshláinte Daoine Óga in Éirinn: Tosca le cur san áireamh do Scrúdú na hArdteistiméireachta i gcomhthéacs Phaindéim Covid-19* (2020)

3 O' Brien, M. (2009). *Well-being and post-primary schooling*. CNCM. lch 180.

4 ECFE. (2015). *Skills for Social Progress*. lch 13 - lch 14.

5 Bates, T. (2016, 2 Aibreán). We have the power to help those in a dark place. *The Irish Times*.

Do chuid mhór páistí agus daoine óga is ball den teaghlach an 'duine fásta maith amháin' atá acu. Aimsíonn daoine eile an 'duine fásta maith amháin' atá acu ar scoil, bíodh sin ina mhúinteoir, Cúntóir Riachtanas Speisialta, rúnaí na scoile nó ball eile den fhoireann.

Mar shaothar scoile, tacaíonn an fholláine leis an uile scoláire, ach ar bhealaí éagsúla. Nuair a bhíonn fócas láidir ag an scoil ar chúram a ghlacadh de riachtanais gach scoláire baineann na páistí sin atá leochaileach nó a bhfuil deacrachtaí ar leith acu tairbhe as chomh maith.

Tá príomhbhéim na dtreoirlínte sin bunaithe ar chur chuige sa scoil uile a thógáil i leith na folláine agus ar churaclam don fholláine a bhfuil gach duine freagrach as agus lena dtacaítear leis an bhfolláine do chách.

**TÁ CAIDRIMH DHEARFACHA IDIR AN MÚINTEOIR AGUS AN SCOLÁIRE, AGUS IDIR AN SCOLÁIRE AGUS A CHOMHSCOLÁIRÍ, MAR AON LENA BHRAISTINT CHEANGAILTEACHTA, AR NA PRÍOMHFHACHTÓIRÍ MAIDIR LE BRAISTINT FOLLÁINE AN SCOLÁIRE AGUS É AR SCOIL**

## 3.3

# GUTH AN SCOLÁIRE AGUS FOLLÁINE

I bhforbairtí curaclaim le déanaí, lena n-áirítear an próiseas a bhaineann le clár Folláine don tsraith shóisearach a fhorbairt, tugtar deiseanna saibhre le haghaidh guth an scoláire a chloisteáil maidir le nithe a imríonn tionchar ar a chuid foghlama agus folláine. Sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015) tugtar níos mó solúbthachta do scoileanna cláir a dhearadh atá oiriúnach do riachtanais a scoláirí sraithe sóisearaí agus dá gcomhthéacs áitiúil. Cuireann an *Creat* an scoláire ag croílár na pleanála agus ag croílár an teagaisc agus na foghlama.

Is ag an duine óg amháin a bhfuil an t-eolas aige ar an gcaoi a bhfuil an saol do dhuine óg san am i láthair agus céard iad na gnéithe den fholláine a gcaithfidh siad foghlaim fúthu. Mar oideachasóirí, tá sé tábhachtach nach nglacaimid leis gur eol dúinn a bhfuil de dhíth ar dhaoine óga. Ba cheart go mbeadh deiseanna ag an scoláire a riachtanais a chur in iúl ionas go bhfreagróidh clár Folláine na scoile ar a riachtanais iarbhír agus ar na riachtanais atá curtha in iúl aige seachas ar thuairimí daoine fásta ar a bhfuil de dhíth air.[6] Nuair atá baint ag an scoláire leis an gclár Folláine a mhúnlú is mó an seans go soláthróidh sé an cineál foghlama a theastaíonn ó dhuine óg chun dul i ngleic leis an domhan mar a thagann sé air, seachas leis an domhan mar a shamhlaíonn daoine fásta dó é. Trí bheith páirteach i gcomhráite le grúpaí éagsúla daoine óga, is féidir leis an scoile léargas an scoláire a fháil ar na ceithre phríomhghné den Fholláine (Cultúr, Curaclam, Caidrimh, Beartas) agus a shainaithint conas is fearr am a leithdháileadh laistigh de chlár Folláine na sraithe sóisearaí. Thairis sin, léirítear i dtaighde de réir mar a bhíonn an duine óg rannpháirteach go bríoch i gcinnteoireacht scoile, cabhraíonn sé lena fhéinmhuinín agus lena thuiscint ar a gcumas gníomhaithe a thógáil, cothaíonn sé caidrimh idir an scoláire agus an múinteoir, agus feabhsaíonn sé a rannpháirtíocht lena scoil agus a thiomantas di. Thairis sin, tá an taithí féin a bhaineann le do ghlór a bheith á chloisteáil go maith d'fholláine an duine óig.

Le daingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL) in 1992, gheall Éire go gcinnteofaí go gcloisfear guth an pháiste agus an duine óig, agus go dtabharfar aird chuí dá dtuairimí i ngach ní a bhaineann leo. Mar sin de 'ní rogha de chuid daoine fásta/lucht déanta beartas' é éisteacht le guth an duine óig, 'ach oibleagáid dhlíthiúil ar ceart an linbh é'[7]

Laistigh de thírdhreach oideachais atá ag athrú, ina n-aithnítear ceart an duine óig go gcluinfear a ghuth maidir le nithe a imríonn tionchar air, tá feasacht ann atá ag méadú nach leor guth. Príomhcheist is ea conas a chinntiú go bhfuil fíorbhrí lena rannpháirtíocht. Tá samhail forbartha ag an Ollamh Laura Lundy le haghaidh rannpháirtíocht bhríoch ag páistí agus daoine óga lena n-áirítear na ceithre phríomhghné seo a leanas:[8]

- SPÁS: Ní mór deiseanna sábháilte agus ionchuimsitheacha a thabhairt do pháistí chun a dtuairim a chur in iúl
- GUTH: Ní mór páistí a éascú chun a dtuairim a chur in iúl.
- LUCHT ÉISTEACHTA: Ní mór dóibh siúd a bhfuil an chumhacht acu cinntí a dhéanamh éisteacht leis an tuairim.
- TIONCHAR: Ní mór gníomhú ar an tuairim, de réir mar is cuí.

---

6 Noddings, N. (2005). Identifying and responding to needs in education. *Cambridge Journal of Education, Imleabhar 35*(2).

7 Lundy L (2007) 'Voice is not enough: conceptualising Article 12 of the United Nations Convention on the Rights of the Child', *British Educational Research Journal*, 33:6, 927-942

8 Lundy L (2007)

Tá seicliosta cruthaithe ag Lundy freisin chun cabhrú leo siúd atá ag obair le páistí agus daoine óga agus atá ag obair ar a son, chun cloí le hAlt 12 de CNACL agus a chinntiú go bhfuil an spás ag páistí a dtuairimí a léiriú; go gcumasaítear a nguth; go bhfuil lucht éisteachta ann dá dtuairimí; agus go mbeidh tionchar ag a dtuairimí. Is seicliosta úsáideach é seo nuair atáthar ag pleanáil comhairliúchán le scoláirí. Tá an seicliosta seo oiriúnaithe go sonrach do scoileanna mar a thaispeántar thíos i dtábla 4.

### Tábla 2[9]

## Space

### Provide a safe and inclusive space for young people to form and express their views

- Are the young people affected by this issue involved?
- Are steps taken to ensure that the process is inclusive?
- Do the young people feel safe to express themselves freely in the space?
- Are the young people who are interested in the issue involved?
- Are the young people involved from the start?

## Voice

### Provide appropriate information and facilitate the young people to form and express their views

- Do the young people have the information they need to form a view?
- Are the young people given a range of options on how to express themselves?
- Do the young people know to whom their views will be communicated?
- Does the process include opportunities for young people to identify issues that they want to discuss?
- Do the young people know they have a choice about their participation?

## Influence

### Ensure that young people's views are taken seriously and acted upon, where appropriate

- Are the young people clear about the scope of their influence, (opportunities and limitations)?
- Will young people be given feedback explaining the reasons for decisions taken?
- Will the young people be given an easily accessible summary of their views?
- Do the young people know who the key decision-makers involved are?

## Audience

### Ensure that young people's views are communicated to someone with the responsibility to listen

- Are the right decision-makers involved, i.e. those responsible for decision making on this issue?
- Have these decision-makers committed to taking the young people's feedback seriously?
- Is there a process in place to ensure that the young people's voices are given due weight and consideration?
- Are there plans to have the young people involved in presenting their views

9 https://www.ourvoicesourschools.ie/app/uploads/2019/12/Planning-a-voice-initiative_a-template.pdf

Is saineolaithe iad daoine óga ar a dtaithí féin ar fholláine ina scoil agus lasmuigh di ina bpobail. Tríd an saineolas seo a cheangal le saineolas a múinteoirí agus an churaclaim mar a shonraítear, cumasófar foghlaim níos ábhartha agus níos tarraingtí maidir le Folláine do dhaoine óga agus dá múinteoirí.

Is féidir uirlisí praiticiúla chun tacú le scoileanna éisteacht le daoine óga a íoslódáil ón suíomh gréasáin Our Voices Our Schools ag www.ourvoicesourschools.ie/whole-school/



# 3.4

# FOLLÁINE AN MHÚINTEORA

> Tosaíonn folláine ar scoil leis an bhfoireann. Is iadsan atá i líne thosaigh na hoibre agus bíonn sé deacair orthu a bheith spreagtha i ndáiríre chun folláine mhothúchánach agus shóisialta daoine eile a chur chun cinn má bhraitheann siad féin nach dtugtar aon aire dóibh agus go bhfuil siad go hiomlán spíonta.[10]

Tá go leor ball foirne tiomanta do thacú le folláine a scoláirí cheana féin. Is léir é sin i scoileanna ina mbíonn teagascóirí ranga, treoirchomhairleoirí, ceannairí bliana agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta ag obair lena chinntiú go bhfaigheann daoine óga an tacaíocht agus an aird atá ag teastáil uathu chun go mbeidh rath orthu agus go n-éireoidh leo ar scoil.

Cuid den obair chun an fholláine a chur ar mhapa na scoile is ea deiseanna a chruthú do mhúinteoirí agus do bhaill foirne eile smaoineamh ar a mbraistint folláine féin. Aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta 'an tábhacht a bhaineann le féinchúram ionas gur féidir cúram a thabhairt do dhaoine eile agus, sa chomhthéacs sin, tá ríthábhacht le folláine múinteoirí má tá siad leis an bhfoghlaim a threorú go héifeachtach, agus tacú le foghlaim múinteoirí agus é a éascú ina gcuid iarrachtaí.'[11]

Téann tosca ar leibhéal an duine aonair, tosca caidreamhacha agus tosca comhthéacsúla i bhfeidhm ar fholláine an mhúinteora.[12] Ar leibhéal an duine aonair, baineann folláine an mhúinteora leis an ngá le neamhspleáchas, braistint inniúlachta a bheith ann, acmhainneacht éirime mothúchánaí, dearcadh dearfach, agus cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil. Ar leibhéal caidreamhach, aithnítear mar ghnéithe bunriachtanacha d'fholláine an mhúinteora cáilíocht na n-idirghníomhaíochtaí idir an ball foirne agus an scoláire agus caidrimh oibre atá gairmiúil agus dearfach. Sa chomhthéacs sin, tá tábhacht freisin ag baint le cultúr uilechuimsitheach sa scoil uile ina bhfuil ceannaireacht dhearfach dheimhnitheach. Ar aon dul leis an scoláire, tá braistint chómhuintearais an mhúinteora agus a cheangailteacht lena scoil bunriachtanach dá fholláine freisin. Ar deireadh, is ann do thosca comhthéacsúla amhail tionscnaimh bheartais agus cultúr na scoile a théann i bhfeidhm ar fholláine an mhúinteora freisin. Tá tábhacht ag baint le deiseanna chun folláine an mhúinteora a phlé ar an leibhéal seo.

Tá forbairt ghairmiúil de dhíth ar an múinteoir le cinntiú go bhfuil tuiscint dhomhain choincheapúil aige ar an bhfolláine agus go bhfuil muinín aige as úsáid a bhaint as na cuir chuige oideolaíocha arb eol go dtacaíonn agus go gcuireann siad le folláine an scoláire. Tá sé sin tábhachtach mar bíonn tionchar ag a thuiscint phearsanta agus a luachanna ar an gcaoi a dtugann sé aire dá fholláine féin agus d'fholláine an scoláire. Sa comhthéacs seo is fíor go 'múinimid cé muid féin'.[13]

I ndeireadh na dála, tá sé tábhachtach do scoileanna múinteoirí a bheith tacúil don Chlár Folláine, go dtuigeann siad conas is féidir leo cur leis agus an scoláire a chumasú eispéireas dearfach a bheith aige de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim *faoin* bhfolláine agus *don* fholláine thar an gcuraclam ar fad.

10 Weare, K. (2015). *What works in promoting social and emotional well-being and responding to mental health problems in schools? Advice for schools and framework document*. lch 6.

11 An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2016). *Cosán: Creatlach um Fhoghlaim Múinteoirí*. lch 20.

12 Folláine an mhúinteora i gcomhthéacsanna nualiobrálacha: Athbhreithniú ar an litríocht. In *Australian Journal of Teacher Education Vol. 40* (8) Airteagal 6.

13 Palmer, P.J. (1997). *The heart of the teacher*. lch 15.

3.5

## IONCHAIS AGUS TUAIRIMÍ AGUS FOLLÁINE

Téann na luachanna, toimhdí agus tuairimí maidir leis an bhfoghlaim a thugann an scoláire agus a mhúinteoirí to dtí an seomra ranga i bhfeidhm go mór ar fhéiniúlacht an scoláire agus ar a thuairimí air féin.

Léirítear i dtaighde Carol Dweck an tionchar cumhachtach a bhíonn ag meon fáis agus meon seasta ar intleacht.[14] Glacann meon seasta leis go mbíonn ár n-intleacht agus ár gcumais chruthaitheacha seasta agus nach féidir linn iad a athrú go suntasach, agus is é is rath ann dearbhú ar intleacht bhunúsach. Tá meon fáis bunaithe ar an gcreideamh gur féidir le gach duine athrú agus fás trí iarracht agus trí thaithí cé go mbíonn a bhuanna agus a chumais tosaigh, a ábhar spéise, nó a mheon éagsúil ó dhaoine eile. Dá réir sin, tá sé de chumas ag gach duine fás in intleacht agus i gcumas. Bláthaíonn meon fáis mar gheall ar an dúshlán agus féachtar ar bhotúin agus ar theip mar fhoinse foghlama seachas mar fhianaise ar easpa intleachta. Ar an taobh eile den scéal, nuair a ghlactar meon seasta, seachnaítear dúshláin, féachtar ar an éirim mar rud atá ag duine ó bhroinn agus, más rud é nach mbíonn rath ar an scoláire baineann sé le heasnamh éigin ann.

Lena chinntiú go leanann an scoláire ag feabhsú agus ag dul i ngleic lena chuid foghlama, tá sé úsáideach cuimhneamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Céard é an dearcadh ceannasach inár scoil – dearcadh ó mheon fáis nó ó mheon seasta ar éirim?
- Cén chaoi a dtógaimid meonta fáis seachas meonta seasta lenár scoláirí?
- An nglactar le cur chuige fásbhunaithe i leith na hintleachta agus muid ag labhairt ar an scoláire agus leis an scoláire?
- An gcuirtear a chumas agus a láidreachtaí mar fhoghlaimeoir agus an chaoi gur féidir iad a fheabhsú in iúl don scoláire ar bhonn rialta?
- An bhfuil ionchais arda ann do chách?
- An moltar don scoláire labhairt faoina chuid foghlama, m.sh. céard a chabhraíonn leis san fhoghlaim agus i leagan amach spriocanna dá fhoghlaim?
- An gcothaítear agus an aithnítear cineálacha éagsúla den éirim agus den ghnóthachtáil?

14 Dweck, C. (2006). *Mindset: The new psychology of success.* Nua-Eabhrac.

## 3.6

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM, AGUS FOLLÁINE

> Is féidir leis an múinteoir ról a bhfuil tábhacht ar leith leis a imirt chun féinmhuinín, spreagadh agus muinín an pháiste a ardú leis an gcaoi a n-eagraíonn sé an teagasc agus an fhoghlaim.[15]

Tá tábhacht ag baint leis an gcaoi a ndéantar an teagasc! Mar gheall go gcaitheann an scoláire formhór a lae sa seomra ranga, seans go gcruthaíonn an taithí laethúil teagaisc agus foghlama sa seomra ranga an deis is mó le cur le folláine an scoláire. Tacaítear leis an bhfolláine trí fhoghlaim agus trí theagasc a cabhraíonn leis an scoláire mothú muiníneach, ceangailte agus rannpháirteach go gníomhach ina chuid foghlama féin. Breisítear a thuilleadh é nuair a fhaigheann an scoláire taithí ar dhul chun cinn agus máistreacht sna hábhair agus cúrsaí éagsúla atá á staidéar aige. Cuirtear feabhas breise ar an bhfolláine nuair a éiríonn leis an scoláire dul chun cinn agus máistreacht a bhaint amach ar na hábhair agus na cúrsaí éagsúla a bhfuil staidéar á dhéanamh aige orthu.

Tá príomhscileanna na sraithe sóisearaí agus na hábhair agus foirne uirlisí tacaíochta[16] mar bhunús tábhachtach chun scileanna an scoláire i réimsí atá ríthábhachtach don fholláine a fhorbairt: Mé féin a bhainistiú, Fanacht folláin, A bheith cruthaitheach, Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú, Cumarsáid, agus Obair le daoine eile. Aimsíodh i dtaighde le múinteoirí go gcuidíonn modheolaíochta foghlam agus teagaisc a bhaineann le príomhscileanna a fhorbairt leis an scoláire mothú muiníneach, ceangailte agus rannpháirteach go gníomhach ina chuid foghlama.

Go háirithe, thuairiscigh múinteoirí a ghlac le cur chuige príomhscileanna i leith teagaisc agus foghlama na torthaí seo a leanas:

- d'éirigh na ceachtanna níos dírithe ar an bhfoghlaimeoir
- d'fheabhsaigh spreagadh agus rannpháirtíocht an scoláire san fhoghlaim
- chonacthas caidrimh agus iompar sóisialta níos dearfaí sa seomra ranga
- tharla foghlaim níos éifeachtúla[17].

Chreid múinteoirí gur eascair na torthaí sin ó úsáid mhéadaithe na straitéisí foghlama comhoibrithí, neamhspleáchas níos mó an scoláire a chothú agus an scoláire a thabhairt isteach sna comhráite maidir lena chuid foghlama. Go háirithe, luaigh siad tionchar dearfach na foghlama comhoibrithí, míniú piaraí, agus aiseolais mar aon leis an bhfiúntas a bhain le deis a thabhairt don scoláire machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama, spriocanna a leagan amach agus athbhreithniú a dhéanamh ar a dhul chun cinn. Eascraíonn timpeallacht foghlama níos daonlathaí ina mbíonn guth ag an scoláire as leabú na bpríomhscileanna i dteagasc agus i bhfoghlaim[18]. Féadann sé seo cur le folláine an scoláire chomh maith.

Maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trína dtacaítear le folláine an scoláire:

- bíonn siad daonlathach agus bíonn guth ag an scoláire maidir le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú ar bhonn laethúil
- bíonn siad ionchuimsitheach, agus téann siad i

---

15 ECFE 2015 *Skills for Social Progress* lch 83.

16 http://juniorcycle.ie/Planning/Key-Skills.aspx

17 Is féidir teacht ar thuairiscí ar obair forbartha a rinneadh i 20 scoil maidir le príomhscileanna a leabú (2006-2009) ag http://ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/An_tSraith_Shinsearach/Priomhscileanna/Faisneis-agus-Taighde.html

18 Féach ar scoláirí Éireannacha ag labhairt faoi fhoghlaim dhaonlathach trí phríomhscileanna i bhfíseán arna léiriú do UNESCO https://vimeo.com/42553073.

ngleic go comhfhiosach le riachtanais áirithe grúpaí scoláirí mionlaigh

- bíonn siad rannpháirteach leis an scoláire trí úsáid a bhaint as réimse cuir chuige lena n-áirítear foghlaim ghníomhach, chomhoibritheach agus phiara cuimsítear ann foghlaim dhifreálach agus gníomhaíochtaí measúnaithe lena gcuirtear san áireamh riachtanais agus réimsí spéise éagsúla na scoláirí ar leith
- cothaíonn siad ionchais ardghnóthachtála agus cuireann siad deiseanna ratha ar fáil do chách
- spreagann siad an scoláire le tacú lena chomhscoláirí agus feidhmiú mar eiseamláir dhearfach do dhaoine eile
- spreagann siad agus baineann siad an úsáid is fearr as an taithí foghlama agus dúshláin nua sa timpeallacht taobh amuigh agus sa phobal níos leithne.

Mar gheall go bhfuil sé de fhreagracht ar gach múinteoir cur le foghlaim agus le forbairt sa réimse seo, táthar ag súil go mbeidh gach comhalta foirne réamhghníomhach sna réimsí seo:

- maidir le timpeallacht a chur chun cinn ina mothaíonn páistí agus daoine óga sábháilte agus slán agus ina bhfuil meas ar chearta agus ar fholláine páistí agus ina bhforbraítear iad maidir le caidrimh oscailte, dhearfacha agus thacúla a bhunú thar an bpobal scoile ar fad, ina mothaíonn daoine óga go n-éistear leo agus ina mbraitheann siad gur féidir leo gnéithe íogaire dá saol a phlé ar a gcompord
- maidir le heiseamláir a thabhairt d'iompar a chuireann an fholláine chun cinn do chách
- maidir le modhanna foghlama agus teagaisc a úsáid trína gcuirtear an fhoghlaim rannpháirteach rathúil chun cinn.

In *Ag Breathnú ar an Scoil Againne* (ROS), soláthraítear sraith ráiteas ar féidir le scoileanna iad a úsáid chun féinmheasúnú a dhéanamh agus chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí lionsa na folláine scoláire.

**TACAÍTEAR LEIS AN BHFOLLÁINE TRÍ FHOGHLAIM AGUS TRÍ THEAGASC A CABHRAÍONN LEIS AN SCOLÁIRE MOTHÚ MUINÍNEACH, CEANGAILTE AGUS RANNPHÁIRTEACH GO GNÍOMHACH INA CHUID FOGHLAMA FÉIN**

# 3.7

## CLEACHTAIS MHEASÚNAITHE AGUS FOLLÁINE AN SCOLÁIRE

Bíonn tionchar ag taithí mheasúnaithe an scoláire ar a fholláine. Tá méid na himní a bhaineann le scrúduithe do dhaoine óga in Éirinn ina ábhar mór buartha. Léirítear i dtorthaí PISA meánscór d'imní mar seo i measc scoláirí Éireannacha 15 bliana a bheith go suntasach níos airde ná meán ECFE. Léirítear i dtuarascáil PISA (2018) na strusairí do dhéagóirí na hÉireann a bhíonn ag déanamh scrúduithe, le 44.8% ag tuairisciú gur minic nó gur i gcónaí a bhraithidís nach ndéanfaidís chomh maith le daoine eile i scrúduithe. Bíonn imní ar 51.6% faoin méid a d'fhéadfadh tarlú dá dteipfeadh scrúdú orthu, agus luaigh 43.1% gur bhraith siad neirbhíseach agus faoi strus nuair a smaoinigh siad faoi scrúduithe a dhéanamh.

Gné thábhachtach de na forbairtí ar an tsraith shóisearach is ea athruithe ar an measúnú. Léirítear san athrú seo corpas suntasach taighde ina dtaispeántar na buntáistí d'fhoghlaim an scoláire nuair a úsáidtear raon modhanna measúnaithe lena gceadaítear don scoláire fianaise a fhoghlama a thaispeáint ar bhealaí éagsúla. Nuair a bhíonn an scoláire páirteach i gcomhaontú na gcritéar ratha agus nuair a thugtar aiseolas ar ardchaighdeán dó a chuidíonn leis a thuiscint conas is féidir a fhoghlaim a fheabhsú, bíonn na buntáistí ansin dá fhoghlaim agus dá fholláine araon níos mó arís. Cabhraíonn sé sin leis an scoláire mothú níos spreagtha agus níos rannpháirtí sa phróiseas foghlama, go bhfuil smacht níos mó aige ar a fhoghlaim, agus go bhfuil muinín níos mó aige ina chumas feabhas a bhaint amach.

Ba cheart go gcabhródh measúnú leanúnach sa seomra ranga lena chinntiú go mbraitheann an scoláire go maith ann féin mar fhoghlaimeoir agus go bhfuil tuiscint mhaith aige ar a éifeachtúlacht féin agus ar a acmhainneacht feabhais. Sa chomhairliúchán as ar eascair forbairt na dtreoirlínte Folláine (2017), luaigh idir thuismitheoirí agus scoláirí gur cabhraí i bhfad aiseolas i bhfoirm nótaí tráchta agus tuairimí seachas marcanna agus gráid, go háirithe nuair a luaitear iontu na nithe atá déanta go maith ag an scoláire agus nuair a mholtar bealaí a bhféadfaidís feabhsú.

Ach réimse níos leithne modhanna measúnaithe a úsáid, ar féidir iad a úsáid chun faisnéis a bhailiú faoi dhul chun cinn an scoláire, is féidir fianaise a ghiniúint, rud a ligeann do mhúinteoirí aiseolas foirmitheach tacúil agus bríoch a thabhairt. Is féidir, mar gheall ar a leithéid de chuir chuige ilchineálacha i leith an mheasúnaithe, cumas gníomhaithe níos mó agus úinéireacht an scoláire a éascú ar an bpróiseas foghlama mar is féidir leis an scoláire níos mó rogha a fheidhmiú maidir le conas a fhoghlaim a léiriú. É sin ráite, tá sé tábhachtach a bheith tuisceanach faoi na héilimh ar leith a bhaineann le modhanna measúnaithe níos ilchineálaí, agus ba cheart go mothódh an scoláire go bhfuil tacaíocht á tabhairt dó agus na scileanna á bhforbairt aige atá riachtanach chun iad a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach freisin machnamh ar mhéid na ngníomhaíochtaí measúnaithe, agus cuspóir na measúnuithe seo a bhíonn os comhair an scoláire. Is féidir leo a bheith ina n-údar mór struis. Ach tugtar le fios i dtaighde idirnáisiúnta, cé gur minic a mheastar ró-ualach tástála a bheith bainteach le leibhéil mhéadaithe imní agus struis i measc scoláirí, is mó an tionchar ar conas a fhreagraíonn an scoláire a bhíonn ag braistint an scoláire ar mheasúnú agus na teachtaireachtaí a thógann sé óna mhúinteoirí.

> Is é braistint an scoláire ar an measúnú go bhfuil níos mó nó níos lú de bhagairt a bheith ag baint leis a chinneann cé chomh himníoch a bhraitheann an scoláire faoi thástálacha … léirítear i dtorthaí PISA go bhfuil baint ag cleachtais, iompraíochtaí agus cumarsáid múinteoirí sa seomra ranga le leibhéal imní an scoláire. Tar éis feidhmíocht agus stádas socheacnamaíoch an scoláire a chur san

áireamh, aon scoláire a thuairiscigh go gcomhoiriúnaíonn a mhúinteoirí an ceacht do riachtanais agus eolas an ranga, ba lú an seans go dtuairisceodh sé go mothaíonn sé imníoch, fiú má tá sé ullmhaithe go maith le haghaidh tástála, nó go dtuairisceodh sé go mbíonn strus mór air nuair a dhéanann sé staidéar. Ba lú an seans freisin go dtuairisceodh an scoláire imní má thugann an múinteoir cabhair aonair nuair a bhíonn sé ag streachailt. I gcodarsnacht leis sin, is féidir le caidreamh idir an múinteoir agus an scoláire a bheith ina chúis le baint de mhuinín an scoláire agus cur le himní níos mó[19].

Tá tacaíocht do mhúinteoirí chun a gcleachtais measúnaithe leanúnacha a fhorbairt le fáil ar shuíomh gréasáin CNCM faoi https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú

19 ECFE (2017), PISA Torthaí 2015 (Imleabhar III): Students' Well-Being – Overview lch 10

# 3.8

# BEARTAIS SCOILE

Tugtar treoir i mbeartais na scoile, agus úsáideann an scoil an treoir sin chun a bealach a dhéanamh. In athbhreithniú ar an raon réimsí beartais, léirítear go tapa go mbaineann go leor de na réimsí go díreach le folláine an scoláire. Is iad seo a leanas na beartais is ábhartha: an beartas iompraíochta, an beartas obair bhaile, beartas OSPS (lena n-áirítear oideachas caidrimh agus gnéasachta), beartas sábháilteachta idirlín, beartas frithbhulaíochta, beartas maidir le dínit san ionad oibre, beartas cosanta leanaí, agus beartas maidir le teagmhais chriticiúla.

Beartas a sainaithníonn ceannairí scoile go minic a bheith tábhachtach d'fholláine an scoláire is ea an beartas um chód iompraíochta.[20] Tá sé léirithe sa taighde go nglactar cur chuige tacaíochta i leith na hiompraíochta seachas cur chuige pionóis i scoileanna ina dtugtar tús áite d'fholláine an scoláire. Is iomaí straitéis iompraíochta dearfaí is féidir a ghlacadh i scoileanna.

Nuair a dhéantar athbhreithniú ar bheartais scoile ó dhearcadh fholláine an scoláire de, spreagtar ceisteanna mar seo a leanas:

- Conas a fhorbraítear beartais scoile? An é líon beag daoine a fhorbraíonn iad nó trí chomhpháirtíocht le pobal na scoile uile? An mbíonn guth an scoláire le cloisteáil?
- Cén chaoi a scríobhtar beartais scoile? An úsáidtear teanga dheas shoiléir iontu? An bhfuil an ton pionósach nó dearfach?
- Cén chaoi a roinntear iad? An mínítear iad agus an gcuirtear iad ar fáil do chách? An bhfuil siad nasctha le sraith luachanna comhroinnte?
- Cén chaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad? An gcuirtear chun feidhme iad ar bhealach cóir tuisceanach?

Próiseas comhoibríoch, cuimsitheach agus daonlathach is ceart a bheith san fhorbairt beartas ar son na folláine. Tá sé tábhachtach freisin athbhreithniú rialta a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtacht bheartais na scoile ó dhearcadh fholláine an scoláire de:

> I suíomh scoile, má mheasann scoláire go bhfuil ceangal aige leis an scoil agus go mbíonn meas air i bpobal na scoile, rachaidh sé sin i bhfeidhm ar chumas foghlama an scoláire agus ar a chumas barr a acmhainneachta a bhaint amach. Rachaidh sé i bhfeidhm freisin ar a shláinte agus ar a fholláine. Bíonn buntáiste ann freisin don suíomh ina spreagtar rannpháirtíocht bhríoch, mar is éasca beartais agus pleananna a chur i bhfeidhm má ullmhaíodh iad ar bhealach comhoibríoch. Is dócha gur fearr a fhreastalóidh siad ar riachtanais phobal na scoile uile freisin.[21]

**TUGTAR TREOIR I MBEARTAIS NA SCOILE, AGUS ÚSÁIDEANN AN SCOIL AN TREOIR SIN CHUN A BEALACH A DHÉANAMH**

20 Mar a tuairiscíodh i gcruinniú comhairliúcháin CNCM le príomhoidí scoile, Deireadh Fómhair 2015.

21 FSS. *Schools for Health in Ireland, Post Primary Coordinator's Guide*, lch 14.


3.9

# CÓRAIS TACAÍOCHTA DON SCOLÁIRE

Bíonn réimse leathan riachtanas sóisialta, mothúchánach, iompraíochta agus foghlama ag daoine óga sa tsraith shóisearach. Tá sé úsáideach i gcomhthéacs phleanáil cur chuige scoile uile i leith na folláine a smaoineamh go dteastaíonn leibhéil agus cineálacha éagsúla tacaíochta ón scoláire chun eispéireas a bheith aige ar an bhfolláine, de réir chreat an Chontanaim Tacaíochta arna fhorbairt ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO). Dá réir sin, cuirtear san áireamh leis an bhfolláine mar shaothar scoile uile sainriachtanais an scoláire ar na trí leibhéal sin.

1. Faoin tacaíocht scoile do chách, aithnítear go mbíonn riachtanais folláine ag gach aon scoláire. Fiú amháin i gcás an scoláire a bhfuil an chuma air go bhfuil sé rannpháirteach sa scoil agus ag gabháil dá oideachas gan stró, is gá tacú leis freisin chun táscairí na Folláine a bhaint amach. Ba é taithí na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) freisin, nuair a dhírítear ar thacaíocht scoile do chách, go mbaineann gach aon scoláire tairbhe as, lena n-áirítear an scoláire a bhféadfadh deacrachtaí ar leith a bheith aige.
2. Ar an dara leibhéal, tá roinnt scoláirí ann a d'fhéadfadh deacrachtaí a fhorbairt agus a bhfuil tacaíocht agus spreagadh sa bhreis de dhíth orthu chun tacú leo ina bhfolláine. I gcásanna den sórt sin, ba cheart go mbeadh rochtain thráthúil chuí ag an scoláire ar threoirchomhairleoir ar bhonn duine le duine.
3. Ar deireadh, tá líon beag daoine óga ann ag a bhfuil riachtanais níos casta agus níos seasmhaí. B'fhéidir go mbeadh tacaíocht ó ghníomhaireachtaí seachtracha de dhíth orthu chun tacú agus chun cur le hobair na scoile.

**Fíor 4: Contanam na tacaíochta**[22]




**Tacaíocht Scoile do Bheagán:**
Idirghabháil aonair, spriocdhírithe do leanaí agus do dhaoine óga le riachtanais níos casta agus sheasta.

**Tacaíocht Scoile do Roinnt Scoláirí:**
Aithint, cosc spriocdhírithe agus luath-idirghabháil dóibh siúd atá i mbaol.

**Tacaíocht Scoile do Chách:**
Tacaíocht na scoile uile do chothú na folláine ar a n-áirítear cosc mar aon le hinniúlacht shóisialta agus mhothúchánach & scileanna chun déileáil le deacrachtaí a fhorbairt don uile dhuine.

22 Tábla arna athchló ó *Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais* 2018-2023 (ROS) lch 14 https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/raiteas-polasai-follaine-creat-cleachtais-2018-%E2%80%93-2023.pdf

I ngach scoil, is ann do ghrúpaí scoláirí ar gá machnamh ar leith a dhéanamh orthu lena chinntiú go bhfuil an phleanáil don Fholláine iomlán cuimsitheach. Mar shampla, léirítear i dtaighde gur mó an seans go mbreathnóidh páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, go háirithe iad sin a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha-iompraíochta nó deacrachtaí foghlama acu, orthu féin.

> go bhfuil siad níos imníche, nach bhfuil siad chomh sásta, nach bhfuil siad chomh muiníneach mar fhoghlaimeoirí, go bhfuil siad níos cáintí faoina gcuma fhisiciúil, nach bhfuil an oiread geana ag a gcomhscoláirí orthu, agus nach bhfuil a n-iompar chomh maith céanna. Tá an difríochtaí sin suntasach, ó aon séú go beagnach leath diallta chaighdeánaigh. Bíonn na difríochtaí an-mhór i gcás féiníomhá acadúil.[23]

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn deiseanna ag baill foirne machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr ar féidir leo cúram a dhéanamh de gach scoláire ina gcuid ranganna agus i dtimpeallacht na scoile. Tá méadú ag teacht ar líon na scoláirí a bhfuil easláinte mheabhrach ag cur as dóibh agus d'fhéadfaí go mbeidís ag baint leas as tacaíocht lasmuigh den scoil. Tá sé tábhachtach go mbraitheann múinteoirí muiníneach go bhfuil ar a gcumas tacú leis an scoláire sin agus iad sa rang leis.

Tá córais den scoth agus solúbtha forbartha ag scoileanna chun folláine gach aon scoláire a chur chun cinn agus chun tacú leis an scoláire atá faoi anacair. Tá Foireann Tacaíochta ainmnithe don Scoláire ag a lán scoileanna, agus tá córais agus struchtúir chomhchosúla ag scoileanna eile, ach féadfaidh siad téarmeolaíocht eile a úsáid chun cur síos ar a socruithe, leithéid 'Foireann Chúraim' nó 'Foireann um Chúram Tréadach'. Imríonn na struchtúir seo príomhról ag déanamh soláthair do leas agus d'fholláine gach scoláire agus úinéireacht, tiomantas agus freagracht chomhroinnte a spreagadh le haghaidh cur i bhfeidhm beartais i réimse na folláine don scoláire.

Chabhrófaí go mór le folláine an scoláire freisin trí chórais eile tacaíochta do scoláirí amhail córais mheantóireachta, cláir mheantóireachta i measc na scoláirí féin, cláir ionduchtúcháin, séiplíneacht scoile, córais ceannairí bliana agus teagascóirí, clubanna bricfeasta nó lóin, clubanna obair bhaile, agus cumainn scoile.

Is féidir leis an scoláire taithí a fháil ar ghnéithe áirithe den tsláinte agus den fholláine trí chláir dhírithe scoilbhunaithe atá forbartha ag gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha amhail an clár Cairde don Óige, an tionscnamh um Bratach Scoile Gníomhaí (BSG), clár comhionannais agus éagsúlachta na Brataí Buí, an clár saorálaithe Localise, na Nuálaithe Sóisialta Óga (NSÓ) agus tionscnaimh eile. Tugann siad sin deiseanna don scoláire oibriú lena chomhscoláirí ar thionscadail arna dhearadh chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a bhreisiú.

D'fhéadfadh naisc agus comhpháirtíochtaí le gairmithe leighis, le síceolaithe oideachais, le heagraíochtaí pobail agus spóirt agus le daoine eile saineolas agus tacaíocht chomhlántach thábhachtach eile a chur ar fáil. Sampla amháin den nasc a mheas scoileanna a bheith úsáideach go háirithe ba ea rochtain ar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus *Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirlínte do Scoileanna* nuair a tharlaíonn teagmhas criticiúil ar scoil.[24]

---

23 Smyth, E. (2015). *Wellbeing and School Experiences among 9- and 13-Year-Olds: Insights from the growing up in Ireland study.* ITES/ CNCM lch v.

24 ROS, *Ag freagairt do theagmhais chriticiúla: Treoirlínte do scoileanna.*

3.10

## COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LE TUISMITHEOIRÍ AGUS CAOMHNÓIRÍ

Is sa bhaile a fhoghlaimíonn páistí faoin bhfolláine ar dtús agus is ann a fhaigheann siad taithí ar an bhfolláine, i gcás fhormhór mór na scoláirí. De réir mar a fhorbraíonn an scoláire a thuiscint ar an bhfolláine agus ar a acmhainneacht freagracht níos mó a ghlacadh aisti, b'fhéidir go mbeadh tacaíocht de dhíth ar thuismitheoirí chun déileáil leis na fadhbanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá pháiste.

Tá a fhios againn go bhfuil comhpháirtíochtaí réamhghníomhacha le tuismitheoirí agus caomhnóirí fíorthábhachtach chun Clár Folláine bríoch a chur ar fáil sa scoil. Is iomaí dúshlán a bhain le hiarrachtaí an pobal tuismitheoirí níos mó a mhealladh isteach i dtionscnaimh éagsúla faoi stiúir na scoile.  Mar sin féin, féadtar go soláthrófaí le pleanáil don Fholláine comhthéacs le haghaidh rannpháirtíocht níos mó, mar is léir ó chomhairliúcháin CNCM gur ábhar mór imní folláine an scoláire do thuismitheoirí/caomhnóirí. Ag tuairisciú ar chomhairliúcháin a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí dó, fuair ITES amach

> Maidir le réimsí foghlama don tsraith shinsearach, bhí tromlach – timpeall ochtar as deichniúr – na ngrúpaí tuismitheoirí ag iarraidh go mbeadh scileanna saoil agus folláine leabaithe i gcuraclam na sraithe sinsearaí.

Ba cheart go gcuimseofaí sa phleanáil don Fholláine deiseanna chun dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí go rialta agus ar bhealach bríoch[25]. Is féidir le tuismitheoirí a bheith rannpháirteach sa phleanáil don fholláine ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh orthu ceistneoir ar líne a fhreagairt maidir le folláine an scoláire agus/nó tuairim a thabhairt ar na torthaí ó chomhairliúcháin le scoláirí maidir leis an bhfolláine. D'fhéadfaí iarraidh orthu freisin páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais maidir le folláine scoláirí nó a bheith páirteach san fhoireann pleanála don Fholláine.

Aidhm thábhachtach den Fholláine sa tsraith shóisearach is ea acmhainneacht an scoláire i leith a fholláine féin a fhorbairt mar aon lena chumas labhairt faoi. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an deis a bheith ag tuismitheoirí dul i dtaithí ar an gclár Folláine chun comhráite a bheith acu lena bpáistí agus tacú lena bhfoghlaim faoin bhfolláine.

I gcás ina n-éiríonn le scoileanna rannpháirteachas tuismitheoirí a bhaint amach, is léir na gnéithe seo a leanas de chultúr agus de chleachtas:

- Caidrimh mhaithe – mothaíonn tuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu agus gur cuid den scoil iad, bíonn baill foirne ar fáil agus is éasca labhairt leo, agus tugann siad freagraí agus tacaíocht neamhbhreithiúnach.
- Cumarsáid – úsáidtear réimse modhanna chun faisnéis shoiléir a thabhairt do thuismitheoirí maidir le folláine agus leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a bpáiste. Bíonn an tuismitheoir níos ullmhaithe dá bharr sin le tacú le foghlaim agus le folláine a pháiste sa bhaile.
- Tuiscint agus luachanna comhroinnte – tugann scoileanna ar thuismitheoirí a bheith páirteach i bplé chun teacht ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí don fholláine agus chun an dul chun cinn a mheas.
- Aithnítear scileanna – aithníonn an scoil an taithí agus na scileanna atá ag tuismitheoirí chun tacú le feabhas a chur ar thorthaí folláine.

25 Nuair a fhoilsíonn agus nuair a chuireann scoileanna Cairt don Scoláire agus don Tuismitheoir i bhfeidhm leagfar amach inti seo próisis maidir le comhairliúchán a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an scoláire.

## 3.11

## AN TIMPEALLACHT FHISICIÚIL AGUS FOLLÁINE

Téann timpeallacht fhisiciúil na scoile i bhfeidhm ar thaithí an scoláire ar an bhfolláine.

> Tá atmaisféar ann féin ag gach scoil, a léiríonn de ghnáth an méid lena ndéanann an scoil cúram de riachtanais shóisialta, mhothúchánacha agus fhisiciúla na ndaoine a fhoghlaimíonn, a oibríonn agus a thagann ar cuairt. [26]

Tá sé léirithe go dtéann timpeallacht na scoile agus slacht agus carachtar ginearálta na bhfoirgneamh scoile i bhfeidhm ar iompar an scoláire agus ar a rannpháirtíocht san fhoghlaim.27 Tá sé tábhachtach do scoileanna a chinntiú go bhfuil an timpeallacht fhisiciúil fáilteach, folláin agus sábháilte. Nuair is féidir, ba cheart do scoileanna deiseanna a chur ar fáil don scoláire a bheith gníomhach go fisiciúil le linn an lae scoile, agus trí raon deiseanna seach-churaclaim don ghníomhaíocht choirp. Ba cheart áiseanna ar nós spásanna sóisialta/cruinnithe, seomra ciúin, áiteanna glasa taobh amuigh agus rochtain ar roghanna bia folláin ag amanna smailce agus lóin a chur ar fáil, nuair is féidir.

Ba cheart deiseanna a fhiosrú don scoláire cur le pleanáil le haghaidh bealaí comaitéireachta sábháilte chun na scoile, ag machnamh freisin ar conas limistéir shuaimhneacha agus shábháilte fágála agus tógála a chruthú. Is féidir le rannpháirtíocht an scoláire i gcruthú timpeallachta níos folláine agus níos glaise trí athchúrsáil, múiríniú agus tionscadail ghairneoireachta cur le tuiscint agus braistint an scoláire ar fholláine freisin. Tá tacaíocht do thionscadail mar seo ar fáil ó roinnt eagraíochtaí amhail Scoileanna Glasa agus ECO-UNESCO.

**TÉANN TIMPEALLACHT FHISICIÚIL NA SCOILE I BHFEIDHM AR FHOLLÁINE AN SCOLÁIRE**

26 ROS, FSS, RS. (2013). *Folláine in Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe.*

27 Kutsyuruba, B., Klinger, D, Hussain, A. (2015). Relationship among school climate, school safety, and student achievement and well-being: a review of the literature. *Review of Education, Volume 3* (2) 103 - 35.

## 3.12

## PLEANÁIL

Faoi láthair, bíonn gach scoil páirteach i bhFéinmheastóireacht Scoile. Cuireann próiseas na féinmheastóireachta scoile ar chumas scoileanna:

1. An deis a thapú agus feabhas a chur ar an oideachas a chuireann siad ar fáil dá scoláirí.
2. Gnéithe a fheidhmíonn go maith a dhearbhú agus tógáil orthu sin.
3. Réimsí ar gá iad a fhorbairt a shainaithint agus cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí is ceart a ghlacadh chun feabhas a chur i bhfeidhm sna réimsí sin.
4. Tuairisciú do phobal na scoile maidir le láidreachtaí in obair na scoile agus lena tosaíochtaí don fheabhas agus don fhorbairt.

Úsáideann scoileanna na ceisteanna seo a leanas faoi láthair agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí féinmheastóireachta scoile. Is féidir le scoileanna na ceisteanna seo a úsáid chun machnamh sonrach a dhéanamh ar a gcuid oibre i réimse na Folláine sa tsraith shóisearach:

- Céard atá ar siúl againn faoi láthair?
- Cén fáth a bhfuil sé ar siúl againn?
- Cé chomh maith is atá ag éirí linn?
- Cén fhianaise atá againn?
- Cén chaoi ar féidir linn tuilleadh eolais a fháil?
- Cé na láidreachtaí atá againn?
- Cé na réimsí atá le feabhsú againn?
- Cén chaoi ar féidir linn feabhsú?

Is féidir na ceisteanna sin a chur de réir an tsainmhínithe agus na dtáscairí folláine atá leagtha amach sna treoirlínte seo.

Chomh maith leis sin, tiocfaidh ceannairí agus baill foirne scoileanna ar bhreithnithe meastóireachta maidir le cáilíocht ghnéithe an tsoláthair folláine, ag sainaithint láidreachtaí agus réimsí le díriú orthu laistigh de chóras na scoile agus an chéad chéim eile san aistear feabhsaithe a phleanáil trí mhachnamh ar na Ráitis um Chleachtas Éifeachtach a leagtar amach in *Wellbeing in Education Framework for Practice* (2019)28.

Próiseas leanúnach is ea pleanáil agus athbhreithniú mar beidh scoileanna seasta ag láidriú a gcumais le clár bríoch Folláine don tsraith shóisearach a chur ar fáil. Tá uirlisí sna haguisíní sna treoirlínte seo chun cabhrú le scoileanna sa phróiseas pleanála.

**PRÓISEAS LEANÚNACH IS EA PLEANÁIL AGUS ATHBHREITHNIÚ MAR GO MBÍONN SCOILEANNA SEASTA AG LÁIDRIÚ A GCUMAIS LE CLÁR BRÍOCH FOLLÁINE DON TSRAITH SHÓISEARACH A CHUR AR FÁIL**

28 *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais, lch 22* ROS (2019)

## 3.13

# PLEANÁIL LE HAGHAIDH FOLLÁINE LE LINN TRÉIMHSE DHÚSHLÁNACH

De thoradh ar COVID-19 ní mór do scoileanna pleanáil le linn tréimhse dhúshlánach éiginnte. Tá idir dhúshláin agus deiseanna ar leith ann mar gheall air seo. Tá deis ann mar gheall air seo an iomad bealaí ar féidir le saol na scoile tacú le folláine, go háirithe i dtréimhse ghéarchéime, a mheas agus a dhearbhú. Is féidir le scoileanna tacú le folláine an scoláire agus le folláine an mhúinteora le linn thréimhse dhúshlánach éiginnte trí dhíriú ar na nithe seo a leanas a chruthú:

- atmaisféar socair leis an teachtaireacht 'táimid go léir anseo chun tacú le chéile'
- caidrimh dhearfacha, thacúla
- timpeallachtaí foghlama a chuireann comhoibriú agus dlúthchaidreamh chun cinn le comhscoláirí agus le múinteoirí
- deiseanna don scoláire machnamh a dhéanamh ar na buanna agus na scileanna a léirigh sé mar fhoghlaimeoir le linn tréimhse dhúshlánach agus tógáil orthu sin
- gnáthaimh agus deasghnátha scoile a bhfuil cur amach orthu agus atá intuartha (chomh fada agus is féidir) chun braistint slándála agus ceangail gach duine a fheabhsú
- braistint dóchais agus éifeachtúlachta atá bunaithe ar an gcreideamh i gcumas gach duine deacrachtaí a shárú, in éineacht le dearbhuithe go bhfuil daoine eile ann chun cabhrú freisin
- deiseanna chun seiceáil isteach go rialta leis an scoláire faoina eispéiris ar scoil agus ar fhoghlaim.[29]

De réir John Hattie[30], is féidir le scoileanna an phaindéim a úsáid mar dheis chun níos mó a fhoghlaim faoi láidreachtaí agus riachtanais foghlama an scoláire agus is féidir an fhoghlaim a úsáid chun teagasc agus foghlaim níos fearr a thógáil. B'fhéidir gur tharraing maireachtáil agus foghlaim le COVID-19 aird ar roinnt scileanna faoi leith ar aithin an scoláire anois gur gá iad a fhorbairt nó a dhoimhniú, mar shampla scileanna i bhféinbhainistíocht, bainistíocht ama, socrú spriocanna, féinrialú agus scileanna foghlama neamhspleácha. D'fhéadfaí aonaid ghearra foghlama atá dírithe ar *fhoghlaim le foghlaim* a fhorbairt mar fhreagairt ar na riachtanais sin agus a áireamh mar chuid de chlár Folláine na sraithe sóisearaí.

**CÚIG PHRÍOMHTHEACHTAIREACHT FOLLÁINE:**

**BRAISTINT SÁBHÁILTEACHTA**

**SUIMHNEAS**

**FÉIN-ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTÚLACHT PHOBAIL**

**CEANGAL SÓISIALTA**

**DÓCHAS**

29 Ábhar Machnamh don phleanáil le haghaidh Folláine na Sraithe Sóisearaí 2020-2021 CNCM, Iúil 2020 Féach freisin Tacu le Folláine Pobail Scoile: Ag Filleadh ar an Scoil Tar Éis Dúnadh na Scoile de Bharr Covid 19 - Acamhainní Folláine d'Iar-bhunscoileanna SNSO, Lúnasa 2020

30 John, Hattie, *The New Normal of Learning: Build Back Better* (Bealtaine 2020) á rochtain ag https://corwin-connect.com/2020/05/the-new-normal-of-learning-build-back-better/

4

# AN FHOLLÁINE AGUS AN CURACLAM

Is é is aidhm curaclam tiomnaithe don Fholláine ag an tsraith shóisearach a chinntiú go bhfoghlaimíonn gach scoláire na nithe tábhachtacha faoin bhfolláine trí phríomhréimsí an churaclaim. Maidir le clár Folláine na sraithe sóisearaí:

- bíonn 400 uair an chloig d'fhoghlaim ar an amchlár do gach scoláire[1]
- tá sé deartha chun freastal ar riachtanais shainaitheanta an scoláire
- tacaíonn raon gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim leis ach, go ginearálta, ní áireofar imeachtaí mar seo mar chuid den 400 uair an chloig ar an gclár ama.

Tá neamhspleáchas ag scoileanna clár sraithe sóisearaí a phleanáil ina bhfuil rogha ábhar, gearrchúrsaí agus eispéireas foghlama eile a fhreastalaíonn ar riachtanais agus spéiseanna an scoláire. Mar gheall ar shonraíochtaí nua ábhair a tugadh isteach tá scóip ag scoileanna an curaclam agus an clár ama araon a athbhreithniú. Tá na sonraíochtaí nua deartha le haghaidh 200 uair an chloig ar a laghad de rannpháirtíocht sa seomra ranga (seachas don Ghaeilge, don Bhéarla agus don Mhatamaitic, a dteastaíonn 240 uair an chloig ar a laghad uathu). Toradh amháin air sin is ea go mbeidh am breise ar fáil don fhoghlaim san Fholláine agus i réimsí eile mar a thaispeántar thíos.

Agus clár sraithe sóisearaí á phleanáil, ní mór fís agus luachanna comhroinnte na scoile a úsáid mar thúsphointe i dteannta machnaimh ar na prionsabail agus ar na ráitis foghlama atá leagtha amach sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015)

Maidir le clár sraithe sóisearaí ina gcruthaítear na bunchlocha don fholláine:

- tá sé leathan agus cothromaithe
- tá rogha ann
- tá brí agus ábharthacht ag baint leis
- tá sé taitneamhach agus mealltach
- cuirtear deiseanna ar fáil ann chun taithí a fháil ar dhúshláin agus ar an rath
- soláthraíonn sé an t-eolas, na scileanna agus na meonta don scoláire le forbairt mar fhoghlaimeoir agus caidrimh dhearfacha a chruthú.

## Tábla 3 An mhatamaitic a bhaineann le folláine a leagan amach sa chlár ama

| Ní mór do scoileanna 28 uair an chloig d'am teagaisc ranga a chur ar fáil don scoláire. | **Má roghnaíonn scoileanna an t-uaslíon ábhar, 10 gcinn*** | **Má roghnaíonn scoileanna 9 n-ábhar*** |
|---|---|---|
| 28uac x 33.4 seachtain x 3 bliana = 2,805 uair an chloig | 3 ábhar @ 240 uac an t-ábhar<br>7 n-ábhar @ 200 uac an t-ábhar (nó meascán coibhéiseach ábhar agus gearrchúrsaí)<br>= 2,120 uac<br>+ 400 uair an chloig de chlár folláine = 2,520 uair an chloig<br><br>Fágann seo 285 uair an chloig bhreise, thar 3 bliana, le haghaidh cibé eile a mheastar a bheith riachtanach | 3 ábhar @ 240 uac an t-ábhar<br>6 ábhar @ 200 uac an t-ábhar (nó meascán coibhéiseach ábhar agus gearrchúrsaí)<br>= 1,920 uac<br>+ 400 uair a chloig de chlár folláine = 2,320 uair an chloig<br><br>Fágann seo 485 uac bhreise, thar 3 bliana, le haghaidh cibé eile a mheastar a bheith riachtanach. |

*nó ábhair choibhéiseacha agus gearrchúrsaí) mar seo a shuimítear é

1 Ciorclán 0076/2020

4.1

## TÁSCAIRÍ NA FOLLÁINE

Agus a gclár Folláine á dhearadh ag scoileanna tá solúbthacht nach beag acu clár a fhorbairt a oireann don scoláire agus dá chomhthéacs áitiúil. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeidh gach scoil ag obair i dtreo fís chomhroinnte agus sraith táscairí ina ndéantar cur síos ar na rudaí atá tábhachtach do dhaoine óga agus dá bhfolláine. Ar an mbonn sin, aithníodh sé tháscaire – **Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas Orm** agus **Feasach** – mar a bheith ríthábhachtach d'fholláine an scoláire. Leis na táscairí sin, léirítear go follasach na rudaí atá tábhachtach don scoláire, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do phobal na scoile níos leithne. Tá líon beag tuairisceoirí ag gabháil le gach táscaire. Is féidir na táscairí agus na tuairisceoirí a úsáid ar roinnt bealaí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar reatha i leith na foghlama san Fholláine
- pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim laistigh de Chlár Folláine scoile
- comhráite agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara lena n-áirítear scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí a phleanáil maidir le conas is fearr a d'fhéadfadh clár Folláine scoile tacú le folláine agus dea-fhorbairt na ndaoine óga
- comhráite a scafláil leis an scoláire maidir le foghlaim sa chlár Folláine
- comhthéacs a thabhairt d'fhéinmheasúnú an scoláire maidir lena chuid foghlama san Fholláine
- mar mheabhrú amhairc i seomraí ranga go bhfuil an fholláine ag croílár an teagaisc agus na foghlama ar fud na scoileanna



**Fíor 5: Táscairí na folláine**

## TÁSCAIRÍ NA FOLLÁINE

### GNÍOMHACH
- An rannpháirtí muiníneach oilte mé i ngníomhaíocht choirp?
- Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil?

### FREAGRACH
- An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú?
- An roghnaím bia sláintiúil?
- An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta?

### CEANGAILTE
- An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?
- An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda?

### ATHLÉIMNEACH
- An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil?
- An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil?
- An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach?

### MEAS
- An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm?
- An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí?
- An léirím cúram agus meas ar dhaoine eile?

### FEASACH
- An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu?
- An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh?
- An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas?

# 4.2

# AN FHOLLÁINE AGUS AN CURACLAM

Cé gur féidir le gach múinteoir i ngach ábhar tacú leis an scoláire foghlaim faoin bhfolláine agus don fholláine, breisítear an fholláine nuair atá sí leabaithe sa churaclam agus nuair a bhíonn sí sofheicthe don scoláire laistigh d'am sonrach leithdháilte. Trí phleanáil go follasach don fholláine sa churaclam agus trí spás a shainiú di ar an gclár ama, léirítear don scoláire, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí go bhfuil tábhacht leis an réimse foghlama seo – léiríonn sé tiomantas na scoile maidir leis an bhfolláine ar bhealach feiceálach agus dearbhaíonn sé don scoláire ar bhealach so-aitheanta go mbaineann tábhacht lena fholláine.

Tá trí cholún ag gach clár Folláine den tsraith shóisearach: Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Corpoideachas, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Tá na gearrchúrsaí forbartha go cúramach chun foghlaim bhríoch a chur ar fáil sna trí hábhar seo. Cuimsítear leo freisin treoir maidir le measúnú leanúnach agus measúnú suimitheach araon. Ar an ábhar sin, tá na gearrchúrsaí sin, ina n-aonar agus lena chéile, ina mbloic thógála shámhaithe do chlár Folláine scoile.

Do scoláirí na chéad bhliana ag dul isteach san iar-bhunscoil ó Mheán Fómhair 2022, leagtar amach an t-íosleithdháileadh le haghaidh Corpoideachais, OSSP agus OSPS mar a leanas:

- CORPOIDEACHAS: 135 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain
- OSSP: 100 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain
- OSPS: 100 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain

Nuair atá siad ag pleanáil a gclár Folláine, ba cheart do scoileanna a thabhairt dá n-aire, ó Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh, gur cheart deireadh a chur le húsáid siollabais OSPS agus OSSP na Sraithe Sóisearaí agus comhairlítear do scoileanna gearrchúrsaí CNCM a ghlacadh in OSPS agus OSSP. I gcás corpoideachais, ní mór do scoileanna 135 uair an chloig d'fhoghlaim arna sonrú ag CNCM a chur ar fáil sna trí bliana den tsraith shóisearach (beidh an clár seo ar fáil do scoileanna ó Mheán Fómhair 2021).

Chomh maith leis sin, is féidir le scoileanna réimsí foghlama eile a chur san áireamh ina gclár Folláine, amhail foghlaim a bhaineann le treoir, gearrchúrsaí a d'fhorbair an scoil agus/nó aonaid foghlama a bhaineann le gnéithe den fholláine arna dhearadh chun freastal ar riachtanais an scoláire.

Leagtar amach thíos an bunús le haghaidh OSSP, Corpoideachas agus OSPS a chur san áireamh.

Cuid thábhachtach den Chlár Folláine is ea **OSSP** ar roinnt cúiseanna. Is féidir le OSSP cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an nasc atá idir a bhfolláine féin agus folláine daoine eile. Tá sé tábhachtach don duine a bheith go maith ann féin, agus baineann sé sin i gcónaí le folláine daoine eile agus na sochaí. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh an scoláire nach mbaineann an fholláine leis an tsláinte phearsanta, mhothúchánach agus fhisiceach amháin. Trí leas a bhaint as creat forbartha agus chearta an duine, cabhraíonn OSSP leis an scoláire tuiscint níos iomlánaíche agus éiceolaíche a fhorbairt ar an bhfolláine de réir mar a théann sé i dtaithí ar an gcaidreamh idir a fholláine féin, folláine daoine eile agus folláine na timpeallachta. Gan OSSP, tá an baol ann go gcothófaí an t-indibhidiúlachas trí phlé a dhéanamh ar an bhfolláine agus go gcaillfí an deis

naisc a dhéanamh idir folláine an duine agus an fholláine choiteann, idir an ghné phearsanta agus an ghné pholaitiúil, agus, i ndeireadh na dála, idir ár bhfolláine féin agus folláine an phláinéid. Spreagann OSSP an scoláire freisin machnamh a dhéanamh ar an iliomad fachtóirí sóisialta, polaitiúla, cultúrtha agus eacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar an bhfolláine phearsanta agus choiteann. Ina theannta sin, trí dhíriú ar an tsaoránacht ghníomhach in OSSP, soláthraítear deiseanna don scoláire a mhuinín, a athléimneacht agus acmhainneacht a fhás de réir mar a ghlacann sé páirt i ngníomhartha agus a cheanglaíonn sé le pobal níos leithne chun cabhrú le todhchaí níos cothroime, níos córa agus níos inbhuanaithe a chruthú. Ar deireadh, ní faoi dhaonlathas, cearta daonna agus freagrachtaí amháin a bhíonn an scoláire ag foghlaim. Tá daonlathas, freagracht agus cinnteoireacht á bhfeidhmiú aige sna bealaí ina bhfuil sé ag foghlaim agus á mheasúnú sa rang OSSP, rud a chuireann lena mbraistint folláine.

Soláthraítear leis an **gCorpoideachas** deiseanna foghlama atá taitneamhach agus fiúntach do gach scoláire, mar a bhforbraíonn sé a mhuinín agus a chumas páirt a ghlacadh agus gníomhú i réimse gníomhaíochtaí coirp éagsúla. Tá an scoláire sraithe sóisearaí ag céim thábhachtach dá shaol ina ndéanann sé a chinntí féin maidir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp agus conas a ghlacfaidh sé páirt i ngníomhaíocht choirp mar chuid dá shlí mhaireachtála. Tá an fhoghlaim sa chorpoideachas deartha lena chinntiú go dtuigeann an scoláire a thábhachtaí atá sé a bheith páirteach go rialta i measarthacht gníomhaíochta coirp, ní amháin ar son a fholláine fisiciúla ach ar son a fholláine síceolaíche agus sóisialta freisin. Trí réimse leathan cothromaithe gníomhaíochtaí a chur ar fáil, is é is aidhm leis an gcorpoideachas cur le spreagadh agus tiomantas an scoláire a bheith páirteach i ngníomhaíocht choirp rialta atá taitneamhach agus a chuireann lena shláinte.

Is deis é an t-oideachas don tsláinte choirp agus don mheabhairshláinte naisc a chruthú idir roghanna stíle maireachtála amhail aclaíocht rialta, bia sláintiúil, bainistíocht ar an strus agus scíth a ligean, agus meabhairshláinte dhearfach.

Soláthraíonn **OSPS** deiseanna teagaisc agus foghlama a bhaineann go díreach leis an tsláinte agus leis an bhfolláine. Trí leas a bhaint as modheolaíochtaí eispéireasacha, is é is aidhm OSPS tuiscint dhearfach an scoláire air féin agus ar a shláinte agus ar a fholláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta a fhorbairt. Tá sé mar aidhm leis chomh maith tógáil ar chumas an scoláire chun caidrimh shláintiúla a fhorbairt agus a chothabháil. Trí staidéar a dhéanamh ar ghnéithe de OSPS, forbraíonn an scoláire scileanna pearsanta agus sóisialta a thacóidh lena fholláine, lena n-áirítear féinfheasacht, féinbhainistíocht, cumarsáid, scileanna déileála agus fadhbréitithe.

Tá **Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)** ina ghné lárnach de OSPS na sraithe sóisearaí agus den churaclam Folláine. Éascaítear leis

> teagasc agus foghlaim maidir leis na gnéithe cognaíocha, mothúchánacha, fisiceacha agus sóisialta de chaidrimh agus gnéasacht. Is é is aidhm aige páistí agus daoine óga a fheistiú leis an eolas, na scileanna, na dearcthaí agus na luachanna a chuirfidh ar a gcumas féinfheasacht agus féinmhuinín a fhorbairt; a sláinte, folláine agus dínit féin a aithint; caidrimh dhearfacha mheasúla, shóisialta agus ghnéasacha a fhorbairt; breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann a gcuid roghanna i bhfeidhm ar a bhfolláine féin agus ar fholláine daoine eile; agus, tuiscint a fháil ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí féin i dtaca leo féin agus le daoine eile[2].

2 Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (CNCM) 2019 lch 72

Ag an aois seo, faigheann an scoláire go leor faisnéise ar ghnéas, gnéasacht agus caidrimh ó fhoinsí éagsúla, agus déanann sé a bhealach trína lán cásanna agus cinntí dúshlánacha. Thabharfaí le fios i gcomhairliúcháin a rinneadh le déanaí le páistí agus daoine óga nach ndéantar freastal maith go ginearálta i scoileanna ar a riachtanais maidir le OCG.

> Teastaíonn ón scoláire go soláthródh scoileanna OCG atá cuimsitheach, ábhartha agus aoisoiriúnaithe ag gach céim den oideachas. Tá braistint ag an scoláire gurb é an bac is mó atá ann i dtaca leis seo a réadú ná stádas íseal agus tosaíocht íseal OCG i scoileanna. Léiríonn siad frustrachas nach bhfaigheann siad OCG cuimsitheach agus nach mbítear ag freastal ar a gcuid riachtanas[3].

Éilítear ar scoileanna OCG a theagasc mar chuid de OSPS i ngach bliain de chlár OSPS na sraithe sóisearaí.[4] Cuirtear ar fáil sa chlár Folláine scóip do scoileanna soláthar OCG a athbhreithniú ar fud na sraithe sóisearaí agus clár feabhsaithe a fhorbairt atá cuimsitheach agus ábhartha do shaol an scoláire. Is féidir na tátail ó *Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)* i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (CNCM) a úsáid chun cabhrú le bonn eolais a chur faoin bpleanáil in OCG, lámh ar láimh le comhairliúcháin le grúpaí scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo, is féidir sainaonaid bhreise foghlama a fhorbairt chun clár reatha OSPS a chomhlánú agus chun freagairt ar riachtanais bhreise shainaitheanta i réimse an oideachais caidrimh agus gnéasachta. Mar shampla, aonad ar an topaic caidrimh a bhainistiú sa saol ar líne nó aonad ina bhfiosraítear an nasc idir corpíomhá, féinmheas agus meabhairshláinte óige nó aonad dírithe ar scileanna a fhorbairt le haghaidh caidrimh fholláine a chruthú, d'fhéadfaidís a bheith ábhartha.

**CUIRTEAR AR FÁIL SA CHLÁR FOLLÁINE SCÓIP DO SCOILEANNA SOLÁTHAR OCG A ATHBHREITHNIÚ AR FUD NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS CLÁR FEABHSAITHE A FHORBAIRT ATÁ CUIMSITHEACH AGUS ÁBHARTHA DO SHAOL AN SCOLÁIRE**

3 Ibid, lch 25

4 Ciorcláin M4/95, M20/96, M22/00, M11/03 agus M27/2008, atá ar fad ar fáil ar www.education.ie. Éilítear sna ciorcláin sin ar scoileanna beartas agus clár um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a fhorbairt, agus iad a chur i bhfeidhm do gach scoláire ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain.

# 4.3

## TREOIR

Tagraíonn treoir i scoileanna do:

> Sraith d'imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socraithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá éagsúil ach atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme.[5]

Tá scoileanna ag bainistiú a n-uaireanta acmhainne treorach chun cloí leis an riachtanas in alt 9 (c) den *Acht Oideachais* (1998) go n-úsáidfidh scoil a hacmhainní atá ar fáil 'chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme'. Ní mór oideachas treorach a bheith san áireamh i gclár sraithe sóisearaí na scoile. Sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015) sonraítear gur féidir soláthar don treoir a áireamh sna huaireanta a bheidh ar fáil don Fholláine 'mar aitheantas don chion ar leith gur féidir leis an treoir a dhéanamh do chothú folláine scoláirí'[6].

Tá ról tábhachtach ag an gcomhairleoir treorach maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm gnéithe de chlár Folláine na scoile. Tá comhoibriú idir comhairleoirí treorach agus comhordaitheoirí ábhair ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar chlár cuimsitheach agus éifeachtach Folláine. Go háirithe, tá comhordú agus cumarsáid idir na múinteoirí OSPS agus an comhairleoirí treorach ríthábhachtach chun forluí féideartha a shainaithint i bhfoghlaim idir OSPS agus foghlaim i bhfoghlaim treorach na sraithe sóisearaí agus chun a chinntiú go mbeidh an bheirt acu ag comhlánú a chéile agus chun dúbailt nach cabhair í a sheachaint.

Is iad na scoileanna is fearr atá in ann a chinneadh conas is féidir leo treoir a chuimsiú ina gclár Folláine don tsraith shóisearach i gcomhthéacs a plean scoile uile um threoir. Is féidir soláthar a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Tá a lán scoileanna ag cur ar fáil aonaid foghlama a bhaineann le treoir, a thugann faoi riachtanais shainaitheanta phearsanta, shóisialta, oideachais agus ghairme an scoláire. Tá na haonaid foghlama seo idir ceithre agus sé seachtaine ar fad agus de ghnáth cuirtear ar fáil iad ar bhonn modúil do ghrúpaí ranga chun a chinntiú go bhfuil gach scoláire sa bhliainghrúpa ag glacadh páirte sna haonaid foghlama chéanna mar chuid den chlár Folláine.

Leagtar amach thíos an cineál eolais agus scileanna ar féidir a fhorbairt laistigh d'aonaid foghlama um threoir.

---

5 ROS. (2005). *Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain mac léinn ar sholáthar treorach cuí*. lch 4.

6 ROS. (2015). *Creat don tSraith Shóisearach*. lch 22.

### Tábla 3 – Foghlaim shamplach a bhaineann le treoir laistigh d'Fholláine

| AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN |
|---|---|---|
| • Ag aistriú chuig an gcéad bhliain<br>• Foghlaim le foghlaim<br>• Feasacht ar láidreachtaí agus spéiseanna pearsanta<br>• Spriocanna pearsanta agus foghlama a shocrú<br>• Scileanna féinbhainistíochta agus bainistíochta ama<br>• Eolas a bheith acu cén áit le dul chun cabhair a fháil<br>• Roghnú ábhair (mar a bhfuil blaschláir ann)<br>• Clár meantóra/cairde scoláire | • Foghlaim le foghlaim<br>• Machnamh orm féin mar fhoghlaimeoir<br>• Straitéisí maidir le féinrialáil don fhoghlaim<br>• Spriocanna pearsanta agus foghlama a shocrú<br>• Inspreagadh<br>• Scileanna a fhorbairt chun déileáil le gnáthstrus an tsaoil<br>• Feasacht maidir le gairm bheatha | • Scileanna staidéir<br>• Scileanna eagraíochtúla, pleanála agus bainistíochta ama<br>• Straitéisí déileála i dtréimhsí struis<br>• Strus scrúduithe a bhainistiú<br>• A bheith in ann saol cothrom a chothú<br>• Mo luachanna, láidreachtaí agus spéiseanna agus conairí féideartha gairme a shainaithint<br>• Rogha ábhair<br>• Smaoineamh faoin bpost ceart dom |

Féach cuid 4.7 de na treoirlínte seo le haghaidh sampla d'aonad foghlama a bhaineann le treoir

# 4.4

# FOGHLAIM EILE AR FÉIDIR A CHUR SAN ÁIREAMH I GCLÁR FOLLÁINE

Is iad OSSP, Corpoideachas agus OSPS na príomh-bhunchlocha curaclaim chun clár Folláine scoile. Is féidir le scoileanna an t-am atá fágtha a úsáid chun foghlaim bhreise a chur ar fáil, atá sainaitheanta a bheith tábhachtach d'fhoghlaim an scoláire san Fholláine.

Tar éis do scoil machnamh a dhéanamh ar riachtanais shainiúla an scoláire sa tsraith shóisearach, ar chomhthéacs uathúil na scoile, agus ar na hacmhainní atá ar fáil, tá raon roghanna curaclaim ar fáil ar féidir machnamh a dhéanamh orthu nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr an 400 uair an chloig a chomhlíonadh.

I measc na roghanna tá:

- aonaid foghlama arna bhforbairt sa scoil a thugann faoi ghné den fholláine atá sainaitheanta trí chomhairliúchán le scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí. I measc samplaí atá forbartha ag scoileanna chun freagairt ar spéiseanna/riachtanais léirithe faoi leith an scoláire tá aonaid a bhaineann le Foghlaim le Foghlaim, Bia Sláintiúil, Gairneoireacht, Damhsa, Gníomhaíochtaí Allamuigh, Ióga, gan ach roinnt a ainmniú.
- aonaid a chuireann ar fáil síneadh ar fhoghlaim in OSSP, Corpoideachas nó OSPS/OCG.  In OSSP, is sampla é aonad foghlama a thacaíonn le hobair dheonach sa phobal, arna fhorbairt ag Localise. Sa Chorpoideachas, is sampla é nuair a d'fhorbair scoil aonad foghlama maidir le sábháilteacht uisce agus laistigh de OSPS/OCG tá aonad forbartha ag scoil eile ar thoiliú mar thopaic. I ngach cás tá sé tábhachtach go gcuirfidh an t-aonad foghlaim shainiúil agus bhríoch atá ábhartha don fholláine ar fáil agus a chomhlánaíonn foghlaim i ngearrchúrsaí CNCM a bhfuil an scoláire ag déanamh staidéir orthu cheana féin, gan forluí nach cabhair é.
- aonaid foghlama a bhaineann leis na trí ghné idirnasctha den oideachas treorach – forbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachais agus gairmthreoir.
- aonaid bunaithe ar thorthaí foghlama a bhaineann le folláine ó ghearrchúrsaí eile CNCM. Tá sampla den scoth sa ghearrchúrsa ar Litearthacht Dhigiteach. Níl na torthaí foghlama go léir sa ghearrchúrsa ábhartha don chlár Folláine ach is féidir na torthaí foghlama sin atá ábhartha a thabhairt le chéile mar aonad gearr as féin, a fhad is nach bhfuil an scoláire ag déanamh staidéir freisin ar an nGearrchúrsa um Litearthacht Dhigiteach ina iomláine (féach aonad samplach lch 64).  Ar an gcaoi chéanna, is féidir an gearrchúrsa CNCM i dTaibhiú Ealaíne a úsáid chun bonn eolais a chur faoi aonad foghlama a fhorbairt atá nasctha le folláine.
- is féidir cláir ábhartha arna bhforbairt ag gníomhaireachtaí agus ag eagraíochtaí seachtracha a úsáid nó a oiriúnú. Agus cláir den chineál sin á roghnú tá sé tábhachtach go bhfuil cúiseanna soiléire lena gcur san áireamh sa chlár Folláine, go bhfuil ceangal idir iad agus na sé tháscaire den fholláine, agus go dtugtar breac-chuntas soiléir ar an bhfolláine ar a bhfuil siad dírithe (féach Aguisín I). I measc samplaí de chláir a chuir scoileanna san áireamh ina gclár Folláine tá an clár *Cairde don Óige, Scoileanna Gníomhacha, Bratach Bhuí, Comhshaolaí Óg agus an Clár Gníomhaíochta i leith Nuálaíocht Shóisialta*.

### CÉARD FAOI AOICHAINTEOIRÍ NÓ ÉASCAITHEOIRÍ SEACHTRACHA A CHUR SAN ÁIREAMH?

Is féidir cainteoirí ar cuairt a úsáid go han-éifeachtach chun foghlaim a chomhlánú i gclár Folláine na scoile, amhail ceardlann ar scileanna staidéir a d'fhéadfadh tarlú laistigh d'aonad foghlama um threoir nó aoi ar gníomhaí ar son Chearta an Duine é ag cur le haonad saoránachta nó saincheardlann ar ghné d'Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Léirítear i dtaighde gurb éifeachtaí na hionchuir seo nuair a bhíonn siad nasctha le foghlaim a tharlaíonn roimh an imeacht agus ina dhiaidh agus nuair a chuirtear san áireamh iad i gclár foghlama níos leithne. Is féidir teacht ar an gcleachtas is fearr in úsáid éascaitheoirí seachtracha i *gCiorclán 43/2018 - Treoir dhea-chleachtais d'iarbhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn.*

### CÉARD FAOI IMEACHTAÍ AONUAIRE A CHUR SAN ÁIREAMH?

Go ginearálta, ní áireofar imeachtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim mar chuid den 400 uair an chloig ar an gclár ama. D'fhéadfadh áit oiriúnach a bheith ag roinnt imeachtaí aonuaire laistigh de chlár Folláine na sraithe sóisearaí i scoil. Nuair atá imeachtaí den chineál seo á sainaithint, ba chóir cuimhneamh ar na riachtanais seo a leanas:

- Ba cheart an réasúnaíocht chun an t-imeacht a chur san áireamh i gclár Folláine na scoile a bheith soiléir agus ba cheart go gcuirfeadh an t-imeacht foghlaim bhríoch maidir le Folláine ar fáil. I bhfocail eile, ba cheart don imeacht a bheith ag tacú go follasach le foghlaim an scoláire maidir le folláine agus/nó na scileanna a theastaíonn chun tacú lena fholláine a fhorbairt.
- Maidir le tionscnaimh roghnacha a bhaineann leis an bhfolláine agus ina mbíonn roinnt scoláirí páirteach seachas an rang ar fad, is féidir leo a bheith an-éifeachtach do na scoláirí sin a bhíonn rannpháirteach, agus is féidir leo tacú le folláine an scoláire. Ach níor cheart imeachtaí atá ar bhonn cuiridh nó a n-éiríonn roinnt scoláirí astu a áireamh mar chuid den chlár Folláine 400 uair an chloig. Ní mór gach scoláire sa tsraith shóisearach a bheith san áireamh ag an imeacht.

### AN FÉIDIR AM LEIS AN TEAGASCÓIR A ÁIREAMH SAN 400 UAIR AN CHLOIG?

Is féidir rang an teagascóra a chur san áireamh más rud é go bhfuil foghlaim shoiléir agus bhríoch a bhaineann le folláine ag tarlú laistigh den rang, atá nasctha leis na táscairí folláine, agus pleanáilte ag úsáid Aguisín I. Ní mór an t-am a bheith imleor chun deis a thabhairt don scoláire a fhoghlaim san fholláine a thabhairt chun cinn. Ní dócha go gcuirfear i gcrích foghlaim bhríoch san fholláine nuair a bhíonn am an teagascóra spréite thar 5 lá, amhail 8 nóiméad sa lá, agus i gcásanna mar seo ní áireofaí é san 400 uair an chloig.

### CONAS IS FÉIDIR LE SCOILEANNA TABHAIRT FAOINA NGEARRCHÚRSA FÉIN A FHORBAIRT?

I gcás ina bhfuil cleachtas láidir bunaithe ag an scoil i réimse áirithe den fholláine, b'fhéidir go gcinnfeadh an scoil a gearrchúrsaí féin a fhorbairt agus úsáid a bhaint as treoirlínte CNCM do ghearrchúrsaí[7]. Próiseas an-fhiúntach a d'fhéadfadh a bheith ann, ina gcuirfí ar chumas na scoile díriú go sainiúil ar riachtanais agus ar leasanna a scoláirí féin. Mar sin féin, tá sé dúshlánach agus glacann sé am gearrchúrsa 100 uair an chloig a fhorbairt agus, ar an gcéad ásc, tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugtar am agus tacaíocht imleor do na trí bhun-ghearrchúrsa don chlár Folláine, is iad sin OSSP, OSPS agus Corpoideachas.

7 http://juniorcycle.ie/Planning/Short-Course-Development

## CONAS IS FÉIDIR LE SCOILEANNA TABHAIRT FAOINA N-AONAID FOGHLAMA FÉIN A FHORBAIRT?

Tá a lán scoileanna ag cur aonaid ghearra san áireamh mar chuid dá gclár Folláine. Uaireanta díorthaítear iad seo ó chlár reatha, amhail an clár *Cairde don Óige* nó cláir **Webwise** *Lockers* agus *Be in Ctrl*. Moltar do scoileanna freisin aonaid foghlama a fhorbairt a chomhlíonann riachtanais faoi leith trí chomhairliúchán le scoláirí/tuismitheoirí/múinteoirí. Is sampla é seo de chleachtas den scoth. Ach ba cheart cuimhneamh ar thrí ní thábhachtacha.

- Féadfaidh roinnt aonad a bheith an-tairbheach agus an-spéisiúil do scoláirí faoi leith agus gan a bheith tairbheach ná spéisiúil do scoláirí eile. Is féidir é seo a shárú má thairgeann scoileanna rogha aonad, agus iad ar an gclár ama ag an am céanna. Tá sé tábhachtach a bheith ábalta roghnú bheith páirteach nó gan bheith páirteach in eispéiris áirithe, amhail aireachas agus machnamh, a bhféadfadh sé nach n-oireann siad do gach scoláire agus ar féidir leo buairt a spreagadh ag amanna a bhfuil pian ag an scoláire ina shaol.
- Sula ndéantar aonad foghlama a fhorbairt tá sé tábhachtach seiceáil a dhéanamh ar shonraíochtaí an ábhair agus an ghearrchúrsa, a bhfuil an scoláire ag déanamh staidéir orthu cheana féin, chun a fheiceáil an bhfuil an topaic á theagasc cheana féin agus cad é fócas faoi leith na foghlama. Mar shampla, tugtar aghaidh ar bhia sláintiúil in OSPS agus in Eacnamaíocht Bhaile agus tugtar faoi fholláine mhothúchánach in OSPS.
- Ní mór gach aonad a phleanáil ag úsáid Aguisín I de na treoirlínte seo.

Níl aon mheicníocht fhaofa fhoirmiúil ann ná córas chun tacú le haonaid foghlama nó iad a fhaomhadh. Táthar ag súil go n-athbhreithneoidh agus go measúnóidh scoileanna éifeachtacht gach gné den chlár Folláine mar chuid de phleanáil scoile leanúnach.

## AN FÉIDIR LIOM AONAID FOGHLAMA A CHUR SAN ÁIREAMH ATÁ NASCTHA LE HÁBHAIR SEACHAS OSPS, OSSP AGUS CORPOIDEACHAS?

Níl sé inmholta aonad foghlama a chruthú, ag úsáid torthaí foghlama ó ábhar a bhfuil gach scoláire nó an chuid is mó acu ag déanamh staidéir air cheana féin, mar tá an dóchúlacht rómhór go mbeidh forluí agus athluaiteachas ann nach cabhair iad. Ach sa chás nach bhfuil an scoláire ag déanamh ábhair mar chuid dá churaclam sraithe sóisearaí agus go dtugann an t-ábhar foghlaim shuntasach a bhaineann le folláine, d'fhéadfadh torthaí foghlama faoi leith ón tsonraíocht a bheith ina mbunús le haonad foghlama. Tá féidearthacht ag baint le hEalaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile agus Staidéar Gnó ina leith seo, don scoláire **nach bhfuil ag déanamh staidéir ar an ábhar iomlán cheana féin.**

Nuair atáthar ag sainaithint gnéithe foghlama in ábhair (seachas OSSP, OSPS agus Corpoideachas) arbh fhéidir iad a chur san áireamh i gclár Folláine den tsraith shóisearach, ba cheart cuimhneamh ar na riachtanais seo a leanas:

- Ba cheart an réasúnaíocht leis an bhfoghlaim a chur san áireamh i gclár Folláine na scoile a bheith soiléir. I bhfocail eile, ba cheart go rachadh an t-aonad foghlama i ngleic le riachtanas atá sainaitheanta go soiléir agus go mbeadh sé ag tacú leis an scoláire agus é ag foghlaim faoin bhfolláine nó ag forbairt na scileanna a theastaíonn chun tacú lena fholláine.
- Ba cheart go mbeadh an fhoghlaim uileghabhálach i ndáil le gach scoláire sa tsraith shóisearach.
- Ba cheart go mbeadh an fhoghlaim faoin bhfolláine, a bhfuil sé i gceist tabhairt faoi leis an aonad, a bheith soiléir agus nasctha leis na sé tháscaire folláine.

- I scoileanna ina bhfuil an t-ábhar ar an gclár ama cheana féin ba cheart an t-am a thugtar don aonad a bhaineann le folláine a bheith sa bhreis ar an am íosta a shonraítear don tsonraíocht ábhair sin. Mar shampla, i gcás Eacnamaíocht Bhaile, ba cheart dó a bheith sa bhreis ar an 200 uair an chloig d'am íosta atá le leithdháileadh do theagasc agus foghlaim san Eacnamaíocht Bhaile.
- Ní mór Aguisín I sna Treoirlínte Folláine don tSraith Shóisearach a úsáid chun pleanáil a dhéanamh do gach aonad foghlama san Fholláine, arna fhorbairt ag scoil, a chuireann leis an gclár Folláine.

**Roinnt bobghaistí le seachaint**

- Rang 'Folláine' a chur sa chlár ama a d'fhéadfadh forluí ar fhoghlaim atá ar siúl cheana féin laistigh den chlár Folláine.
- Am teagascóra a chur sa chlár ama mar chuid den chlár Folláine gan torthaí soiléire foghlama agus am imleor ranga chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim bhríoch.
- An spás Folláine a úsáid chun príomhscileanna cineálacha a fhorbairt, amhail scileanna cumarsáide, scileanna taighde, scileanna oibre grúpa – a theastaíonn i ngach foghlaim. Ba cheart dóibh seo a bheith leabaithe laistigh de theagasc agus foghlaim i ngach ábhar ábhartha agus níor cheart iad a theagasc mar aonaid astu féin laistigh den chlár Folláine.

# 4.5

# CLÁR FOLLÁINE A CHUR AR FÁIL DON SCOLÁIRE ATÁ AG GLACADH PÁIRTE I GCLÁIR FOGHLAMA LEIBHÉAL 1 AGUS LEIBHÉAL 2

Beidh scoileanna a sholáthraíonn Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) ar an eolas go gcuimsítear sna cláir sin foghlaim shuntasach faoin bhfolláine agus don fholláine. Beidh scoileanna in ann tarraingt ar thorthaí foghlama ó na hAonaid Foghlama Tosaíochta laistigh de na cláir foghlama agus gnéithe de chlár pearsantaithe an scoláire le haghaidh a chláir Folláine. Mar sin de, níltear ag súil leis go mbeadh na scoláirí seo ag glacadh páirte i gclár folláine breise 400 uair an chloig.

De réir mar is cuí agus sa chás gur féidir féadfaidh na scoláirí seo páirt a ghlacadh i ngnéithe de chlár Folláine na scoile taobh lena gcomhscoláirí. I gcás scoláire atá ag obair ar Chlár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) pearsantaithe taobh le scoláirí atá ag déanamh staidéir ar Chlár den tsraith shóisearach Leibhéal 3, táthar ag súil leis go dtarlóidh cuid mhór dá bhfoghlaim lena gcomhscoláirí sa Chorpoideachas, OSPS, OSSP agus san fhoghlaim a bhaineann le treoir. Féadfaidh foghlaim áirithe tarlú i ngrúpaí beaga nó i dtimpeallacht duine le duine, mar shampla nuair atá siad ag obair ar ghnéithe de na hAonaid Foghlama Tosaíochta mar a dteastaíonn treoir dhíreach nó shonrach nach féidir leis tarlú sa rang. Do gach scoláire Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 beidh an t-am a leithdháiltear d'fhoghlaim a bhaineann le folláine comhthéacsúil agus beidh sé ag freagairt do riachtanais an scoláire.

Sainaithnítear naisc idir OSSP, Corpoideachas agus OSPS agus na hAonaid Foghlama Tosaíochta sa tábla thíos.

| GEARRCHÚRSAÍ LEIBHÉAL 2 AGUS/NÓ LEIBHÉAL 3 | AONAID FOGHLAMA TOSAÍOCHTA LEIBHÉAL 2 | AONAID FOGHLAMA TOSAÍOCHTA LEIBHÉAL 1 AGUS GEARRCHÚRSAÍ |
|---|---|---|
| OSSP | • Cónaí i bpobal<br>• Ullmhú don obair | • A bheith rannpháirteach i bpobal (Aonad Foghlama Tosaíochta)<br>• Timpeall an domhain in ochtó lá (gearrchúrsa) |
| Corpoideachas | • Corpoideachas | • Corpoideachas |
| OSPS | • Cúram pearsanta | • Cúram pearsanta agus folláine (Aonad Foghlama Tosaíochta)<br>• Bia Blasta (gearrchúrsa)<br>• Fanacht slán, breathnú go maith, mothú go hiontach (gearrchúrsa) |

Tá cáipéisí chun tacú le scoileanna agus iad ag ceapadh a gClár Foghlama Leibhéal 1/Clár Foghlama Leibhéal 2 don Fholláine ar fáil ag www.jct.ie

4.6

# PRIONSABAIL PHLEANÁLA AGUS CÉIMEANNA CHUN CLÁIR FOLLÁINE A FHORBAIRT

Beidh gach clár Folláine den tsraith shóisearach á mhúnlú ag a chomhthéacs scoile uathúil agus ag riachtanais an scoláire. Forbróidh agus athróidh sé thar am ionas gur féidir leis leanúint ar aghaidh ag tabhairt foghlaim bhríoch agus ábhartha do gach scoláire. Chun seo a bhaint amach breathnóidh scoileanna arís go rialta ar na prionsabail agus céimeanna pleanála.

## PRIONSABAIL PHLEANÁLA

- **Cur chuige comhoibríoch:** Mar atá amhlaidh le gach pleanáil scoile, ba cheart ionadaithe ó gach páirtí leasmhar a bheith páirteach, lena n-áirítear bainisteoirí scoile, múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí. Tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar an gclár iomlán trí phleanáil chomhoibríoch mar is trí iomlán an chláir a chomhlíontar na riachtanais.
- **Cur chuige comhairliúcháin:** Má dhéantar próisis chomhairliúcháin leanúnach leis na páirtithe leasmhara ar fad beidh sé sin ina chabhair chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil, chun aird a tharraingt ar a bhfuil ag feidhmiú go maith agus ar an méid ar ghá díriú air sa chlár Folláine. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh cuid de thoradh an chomhairliúcháin leanúnaigh le taithí agus cleachtais a shainaithint a chuireann le heispéireas an scoláire ar neamhfholláine agus é ar scoil. Tá sé tábhachtach a bheith oscailte don fhaisnéis seo.
- **Solúbthacht chun freagairt do riachtanais an scoláire:** Ba cheart go mbeadh riachtanais shainiúla an scoláire sa scoil ina gceist lárnach nuair atá clár bríoch, ábhartha agus solúbtha á fhorbairt. Má tharraingítear an scoláire isteach i gcomhráite faoina fholláine, cabhróidh sé le clár Folláine a fhorbairt ina bhfreagraítear do na riachtanais atá curtha in iúl aige seachas toimhdí daoine fásta maidir lena dteastaíonn ón scoláire. Tá uirlisí chun comhairliúchán a dhéanamh leis an scoláire sna haguisíní agus ar https://www.ourvoicesourschools.ie
- **Acmhainní áitiúla pobail a mhapáil:** Tá sé úsáideach an réimse scileanna agus acmhainní ar féidir tarraingt orthu laistigh den scoil agus seirbhísí atá ar fáil sa phobal áitiúil a shainaithint, agus is féidir seo a úsáid chun léarscáil a ghiniúint de dhaoine teagmhála agus líonraí ábhartha ar féidir leo cur le cur chun cinn fholláine an scoláire.
- **Ag dul in oiriúint don athrú agus do chúinsí nua agus do chúinsí atá ag teacht chun cinn:** De réir mar a athraíonn an scoláire agus tosca, athraíonn an clár Folláine freisin. Uaireanta, de réir mar a thagann saincheisteanna nua chun cinn, is féidir tabhairt fúthu laistigh de chodanna reatha den chlár Folláine, amhail clár OSPS. Uaireanta eile d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tabhairt faoi shaincheisteanna trí aonaid shonracha foghlama, arna bhforbairt ag an scoil, nó ceardlanna aonuaire arna n-éascú go seachtrach.
- Pleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach a nascadh le próiseas na scoile maidir le Féinmheastóireacht Scoile. Is féidir an uirlis mheasúnaithe (Aguisín E) a úsáid nó a chur in oiriúint chuige seo, chomh maith leis na ráitis um chleachtas éifeachtach a leagtar amach in *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais.*

### CÉIMEANNA

Tá foireann Folláine curtha ar bun ag an gcuid is mó de scoileanna chun maoirseacht a dhéanamh ar chlár bríoch soiléir Folláine a phleanáil agus a fhorbairt. Taispeántar na céimeanna atá i gceist leis an bpróiseas seo thíos agus níor chóir breathnú orthu mar chéimeanna aonuaire ach céimeanna leanúnacha.

**CÉIM 1**

Comhairliúchán a dhéanamh agus riachtanais an scoláire a shainaithint

**CÉIM 2**

Na sonraíochtaí gearrchúrsa a scrúdú chun naisc le riachtanais a cuireadh in iúl a sheiceáil

**CÉIM 3**

Seiceáil le haghaidh bearnaí agus é seo a úsáid chun aonaid foghlama folláine fhéideartha a shainaithint

**CÉIM 4**

A chinntiú go bhfuil réasúnaíocht fhónta ann chun na haonaid foghlama a chur san áireamh sa chlár Folláine

**CÉIM 5**

Na haonaid foghlama a phleanáil, a thriail agus a mheasúnú

## CÉIM 1

Teastaíonn foireann Folláine chun tacú leis an bpróiseas pleanála agus chun comhleanúnachas a chinntiú ar fud an chláir Folláine. San fhoireann seo de ghnáth bíonn múinteoirí a bhfuil spéis ar leith acu san fholláine nó freagracht acu aisti (amhail OSPS, OSSP, Corpoideachas agus an Comhairleoir Treorach), ball den fhoireann bhainistíochta, agus, go hidéalach, ionadaithe scoláire agus tuismitheoirí. I measc a dtascanna tá maoirseacht ar phróisis chomhairliúcháin; an chumarsáid a chinntiú le gach ball de phobal na scoile ionas go bhfuil tuiscint, fís agus tiomantas comhroinnte i leith an chláir Folláine; agus maoirseacht ar athbhreithniú leanúnach agus ar fhorbairt an chláir Folláine.

## CÉIM 2

Pléann an fhoireann Folláine torthaí na gcomhairliúchán leanúnach leis an scoláire, le baill foirne agus le tuismitheoirí agus cabhraíonn siad bonn eolais a chur faoin bpróiseas pleanála agus athbhreithnithe. Is minic a thugtar faoi thopaicí a shainaithnítear trí chomhairliúcháin sna torthaí foghlama laistigh de cheann amháin nó níos mó de ghearrchúrsaí OSSP, OSPS agus Corpoideachais. Ar an gcúis seo, tá gá le scrúdú cúramach ar na sonraíochtaí seo chun a dhearbhú cad iad na heispéiris foghlama bhreise is gá a chur san áireamh laistigh den spás curaclaim Folláine agus conas is fearr seo a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go bpleanálfaidh múinteoirí OSSP, OSPS agus Corpoideachais go comhoibríoch chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm clár cuimsitheach, soiléir a chomhlíonann riachtanais an scoláire. Is féidir leis an gcomhoibriú seo cabhrú freisin le forluí féideartha cabhrach nó neamhchabhrach a shainaithint agus/nó bearnaí sa chlár Folláine ar an iomlán.

## CÉIM 3

Tugtar tuilleadh sonraí ar threoir maidir le conas is féidir le scoileanna a n-aonaid foghlama féin a shainaithint agus a fhorbairt ar leathanach 46 de na treoirlínte seo.

## CÉIM 4

Tá a lán solúbthachta ag scoileanna maidir le clár Folláine a cheapadh chun freastal ar riachtanais an scoláire agus mar sin is féidir a bheith ag súil le héagsúlacht idir scoileanna agus laistigh de scoileanna, ó bhliain go bliain. Ba chóir an réasúnaíocht le haghaidh roghanna a bheith nasctha go soiléir le riachtanas sainaitheanta agus tacú leis an scoláire agus é ag forbairt roinnt de na sé tháscairí don fholláine nó iad go léir. Féach lch xx de na treoirlínte seo.

## CÉIM 5


Ní mór na haonaid foghlama a phleanáil ag úsáid Aguisín I chun a chinntiú go bhfuil na torthaí foghlama follasach agus go nascann siad go soiléir le foghlaim faoin bhFolláine. Ba cheart iad seo a thriail, a mheasúnú (ag an scoláire agus ag múinteoirí araon) agus a leasú de réir mar is gá.

### CÉN CHAOI A SUÍONN AN FHOIREANN UM FHOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH LAISTIGH DEN FHOIREANN TACAÍOCHTA SCOLÁIRÍ?

Tá nósanna imeachta agus córais an-soiléir ag an gcuid is mó de scoileanna chun tacú le gach gné d'fholláine an scoláire chun freastal ar a riachtanais féin agus ar chomhthéacs faoi leith. Is í an fhoireann tacaíochta scoláirí an fhoireann uileghabhálach lena mbaineann leas agus folláine gach scoláire. Is meicníocht í trína ndéantar a lán de thacaíochtaí reatha an scoláire a chomhordú agus a phleanáil. Oibríonn an fhoireann tacaíochta scoláirí go dlúth le foirne agus grúpaí eile, amhail an roinn riachtanas speisialta oideachais, foireann treoirchomhairleoireachta agus tréadchúraim, an fhoireann bainistíochta teagmhas criticiúil agus foireann pleanála curaclaim fholláine na sraithe sóisearaí.

Cé gurb é príomhfhócas na foirne folláine maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil agus measúnú leanúnach an chláir Folláine, tá an fhoireann folláine in áit uathúil inar féidir leo aird a tharraingt ar an iomad bealaí ar féidir leis an scoil folláine an scoláire a chosaint lasmuigh den chlár Folláine.

### BREATHNÚ AR CONAS A OIBRÍONN NA FOIRNE LE CHÉILE



### TUILLEADH CEISTEANNA CHUN MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU

Tar éis don scoil riachtanais shainiúla an scoláire sa tsraith shóisearach, comhthéacs uathúil na scoile agus na hacmhainní atá ar fáil a chur san áireamh, is féidir machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas.

| CEIST | TRÁCHT |
|---|---|
| Ar bhailíomar fianaise chun tacú lenár gcinntí pleanála? | |
| Cad atá ag imirt tionchair ar ár gcinntí? | |
| An féidir linn réasúnaíocht fhónta a chur ar fáil le haghaidh gach gné den chlár Folláine? | |
| An bhfuil próisis i bhfeidhm againn chun a sheiceáil go bhfuil an clár fós ábhartha agus bríoch dár scoláirí? | |
| An bhfuil deiseanna rialta ann le haghaidh pleanáil chomhoibríoch idir múinteoirí OSSP, Corpoideachais agus OSPS agus múinteoirí eile sa chlár Folláine? | |
| An bhfuil meicníocht i bhfeidhm chun a sheiceáil an bhfuil aon fhorluí nó athrá neamhchabhrach foghlama ann ar fud na gcodanna éagsúla de chlár Folláine na sraithe sóisearaí? | |
| An bhfuil ranganna ar an gclár leagtha amach ar bhealach a cheadaíonn foghlaim ar ardchaighdeán san Fholláine? | |
| An ndéantar múinteoirí a imlonnú chun an clár Folláine a theagasc a léirigh spéis é a dhéanamh agus a bhfuil na scileanna agus an oiliúint acu a theastaíonn? | |
| An spreagtar agus an éascaítear múinteoirí leas a bhaint as deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach sa réimse seo? | |
| An bhfuil cleachtais forbartha againn chun foghlaim a mheasúnú agus a thuairisciú ar fud an chláir Folláine? | |
| An bhfuilimid ag baint leas éifeachtach as gníomhaireachtaí seachtracha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chun tacú leis an gclár Folláine? | |

### TORTHAÍ FOGHLAMA LE HAGHAIDH CLÁR FOLLÁINE

Cuireann torthaí foghlama OSSP, Corpoideachais agus OSPS go díreach leis na táscairí folláine sa tsraith shóisearach. Ar an iomlán, is maith mar a réitíonn na torthaí foghlama thar na trí réimse agus sé tháscaire na folláine le chéile. Ní haon iontas é sin mar rinneadh comhairliúchán forleathan leis na comhpháirtithe oideachais mar chuid den phróiseas forbartha do na trí chúrsa lena chinntiú go dtugtar aghaidh iontu ar fhoghlaim thábhachtach, ábhartha agus bhríoch do dhaoine óga in OSSP, Corpoideachas agus OSPS. Bhíothas cúramach freisin le cinntiú go seachnaítear aon fhorluí neamhriachtanach nó neamhchabhrach idir na torthaí foghlama do na trí chúrsa.

> **CUIREANN TORTHAÍ FOGHLAMA OSSP, CORPOIDEACHAIS AGUS OSPS GO DÍREACH LEIS NA TÁSCAIRÍ FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH**

4.7

## AONAID FOGHLAMA FOLLÁINE SHAMPLACHA

Sa chuid seo de na treoirlínte cuirtear ar fáil raon aonad foghlama samplach a d'fhorbair scoileanna nó eagraíochtaí agus ar féidir iad a chuimsiú nó a oiriúnú chun a úsáid i gclár Folláine scoile. Tá siad seo san áireamh chun inspreagadh agus samplaí praiticiúla a chur ar fáil maidir le conas aonaid foghlama a leagan amach ag úsáid Aguisín I.

### TEIDEAL AN AONAID:

## AN T-AISTRIÚ ISTEACH SA CHÉAD BHLIAIN A DHÉANAMH

| | |
|---|---|
| **Fad:** | Timpeall 4 uair an chloig chun a theagasc i Meán Fómhair. (6 x rang 40 nóiméad nó 4 x rang 1 uair an chloig) |
| **Riachtanas sainaitheanta:** | Is féidir leis an aistriú isteach san oideachas iar-bhunscoile bheith ina am iontach agus dúshlánach. Tá riachtanas sainaitheanta ag a lán scoileanna maidir le tacú leis an scoláire le linn an aistrithe seo chun cabhrú leis caidrimh agus cairdis nua a thógáil agus chun go mbeidh rath san fhoghlaim. D'fhreagair an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) ar an riachtanas seo tríd an aonad seo a chomhchruthú le múinteoirí agus trí chomhairliúchán a dhéanamh leis an scoláire agus é á fhorbairt. |
| **Aidhm an aonaid:** | Is é is aidhm ag an aonad seo an scoláire a threorú ina aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil tríd an scoláire a éascú chun scileanna féinbhainistíochta, pearsanta agus sóisialta a fhorbairt chun go mbeidh aistriú dearfach ann. |
| **Torthaí foghlama:** | Beidh sé ar chumas an scoláire:<br>• Dúshláin agus ábhair imní a bhaineann le tosú sa chéad bhliain a scrúdú agus bealaí a shainaithint chun dul i ngleic leo.<br>• Daoine a shainaithint ar féidir cabhair agus tacaíochtaí a lorg uathu atá ar fáil don scoláire ina scoil nua.<br>• Spriocanna foghlama bríocha agus cuí a leagan amach agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta aige i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach.<br>• Scileanna féinbhainistíochta agus bainistíochta ama a chleachtadh chun tacú leis gníomhaíochtaí scoile agus eile a bhainistiú.<br>• A luachanna agus conas is féidir leis a luachanna a úsáid sa chinnteoireacht a shainaithint. |
| **Eispéiris foghlama shamplacha scoláire** | • Smaoineamh, Péireáil, Roinnt – Cé is féidir leo cabhrú liom i mo scoil nua?<br>• Machnamh pearsanta agus plé treoraithe maidir le spriocanna agus socrú spriocanna<br>• Tráth na gceist – M'amchlár a Thuiscint.<br>• Obair ghrúpa chun leideanna 'chun teacht slán' a chruthú do scoláirí eile atá ag tosú ar scoil nua |

# NAISC LEIS AN TSRAITH SHÓISEARACH

## RÁITIS FOGHLAMA I BHFÓCAS

| RÁITIS FOGHLAMA | SAMPLA D'FHOGHLAIM GHAOLMHAR SAN AONAD |
|---|---|
| 11. Gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint | Gheobhaidh an scoláire faisnéis phraiticiúil chun cabhrú leis an t-aistriú go hiar-bhunscoil a bhainistiú. Tacófar leis freisin agus é ag machnamh ar a ábhair dhóchais, ábhair imní, ionchais agus spriocanna laistigh de spás sábháilte, rud a chuirfidh lena bhraistint folláine ar an iomlán. |
| 7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne. | Déanfaidh an scoláire machnamh ar an tábhacht a bhaineann le bheith cineálta lena chomhscoláirí le linn dó a bheith ag aistriú go dtí a scoil nua. Spreagfar dó machnamh ar an méid a dhéanann duine inspioráideach de. Tabharfar an deis don scoláire a fhiosrú conas is féidir leis cur go dearfach lena rang agus leis an domhan. |
| 5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh. | Tabharfar an deis don scoláire machnamh a dhéanamh ar a luachanna féin agus bealaí a fhiosrú a luachanna a úsáid mar threoir don chinnteoireacht. |

## TÁSCAIRÍ FOLLÁINE I BHFÓCAS

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo san Fholláine. Tarraingítear aird ar na táscairí lena dtacaítear go sonrach san aonad seo thíos:

| PRÍOMHSCIL | SAMPLA DE GHNÍOMHAÍOCHT FOGHLAMA A BHFÉADFADH AN SCOLÁIRE TABHAIRT FÚITHI |
|---|---|
| Mé féin a bhainistiú | Foghlaimeoidh an scoláire conas bainistíocht níos fearr a dhéanamh air féin agus ar a fhoghlaim trí shocrú spriocanna a chleachtadh, agus straitéisí eile. |
| Cumarsáid | Forbróidh scoláirí scileanna cumarsáide nuair atá siad ag éisteacht le hábhair dóchais, ábhair imní agus ionchais a chéile faoin iar-bhunscoil. |
| Fanacht folláin | Foghlaimeoidh an scoláire an tábhacht a bhaineann le cabhair a lorg nuair is gá agus cén áit agus cén duine le dul chucu má theastaíonn tacaíocht. |
| Obair le daoine eile | Trí ghníomhaíochtaí foghlama gníomhacha agus comhoibríocha cuirfidh na scoláirí aithne ar a chéile - ag tógáil mar sin caidreamh agus muintearais le chéile agus lena scoil nua. |
| Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú | Déanfaidh an scoláire faisnéis a bhailiú, a thaifeadadh agus a eagrú ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach. |

### TÁSCAIRÍ FOLLÁINE I BHFÓCAS

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo san Fholláine. Tarraingítear aird ar na táscairí lena dtacaítear go sonrach san aonad seo thíos:

| TÁSCAIRE FOLLÁINE | TUAIRISCEOIRÍ ÁBHARTHA |
|---|---|
| CEANGAILTE | • An mothaím ceangailte le mo scoil, le mo chairde?<br>• An dtuigim an chaoi a mbíonn tionchar ag mo ghníomhaíochtaí ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile? |
| ATHLÉIMNEACH | • An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil?<br>• An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil? |
| MEAS ORM | • An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo chomhscoláirí agus mo mhúinteoirí? |
| FEASACH | • An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu?<br>• An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh? |

### MEASÚNÚ

Foirmitheach: Coinníonn an scoláire punann dá chuid foghlama.

### ACMHAINNÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN ÚSÁIDEACHA

Tá acmhainní forbartha ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO), i gcomhpháirt le careersportal.ie, chun tacú le múinteoirí agus iad ag éascú an aonaid foghlama seo, atá ar fáil ag https://careersportal.ie/guidance/index_junior.php agus ag https://www.ncge.ie/resources

#### TEIDEAL AN AONAID:

# FANACHT SÁBHÁILTE AGUS FOLLÁIN AR LÍNE

| | |
|---|---|
| **Fad:** | Rang amháin sa tseachtain ar feadh 10 seachtaine |
| **Riachtanas sainaitheanta:** | Tá an t-aonad seo deartha mar fhreagairt ar ábhair imní a sainaithníodh timpeall ar ghníomhaíochtaí an scoláire ar líne. Is minic na hábhair imní seo á gcur in iúl ag baill foirne, ag tuismitheoirí agus ag an scoláire féin. Spreag sé seo don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí aonad foghlama a fhorbairt a tharraingíonn ar eolas agus ar scileanna a dtugtar fúthu sa ghearrchúrsa i litearthacht ar na meáin dhigiteacha. Úsáidtear sé thoradh foghlama ón ngearrchúrsa i litearthacht ar na meáin dhigiteacha chun tacú leis an bhfoghlaim san aonad foghlama seo. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-aonad seo oiriúnach mar chuid de chlár Folláine i gcásanna nach bhfuil na scoileanna ag tairiscint an ghearrchúrsa iomláin i litearthacht sna meáin agus mar sin níl aon riosca go mbeidh forluí ann san fhoghlaim. Nascann roinnt codanna den Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta leis an aonad seo agus comhlánaíonn siad é, agus tá teagmháil éigin leis an gcomhordaitheoir OSPS ag teastáil freisin. |
| **Aidhm an aonaid:** | Chun feasacht a dhoimhniú agus chun forbairt a dhéanamh ar an tuiscint, eolas agus scileanna ábhartha a theastaíonn chun idirghníomhú ar bhealach sábháilte, freagrach, measúil agus folláin le teicneolaíochtaí digiteacha agus na meáin ar líne. |
| **Torthaí foghlama:** [8] | Beidh sé ar chumas an scoláire<br>• Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a úsáideann sé teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon ina shaol (1.1)<br>• Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an idirlín ina shaol a léiriú (1.2)<br>• A ábhar imní maidir le sábháilteacht phearsanta nuair atá teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon á úsáid a phlé (1.5)<br>• Cur síos a dhéanamh ar na freagraí cuí ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith dochrach (1.7)<br>• Breac-chuntas a thabhairt ar na deiseanna agus na rioscaí atá ann mar gheall ar dhaoine óga ag úsáid líonraí sóisialta (4.1)<br>• A léiriú conas is fearr eolas pearsanta a chomhroinnt, tuairimí agus mothúcháin a léiriú ar líne ar bhealach freagrach agus measúil (4.4) |

8 Tógtar na torthaí foghlama go díreach ó shonraíocht ghearrchúrsa CNCM i litearthacht sna meáin

| | |
|---|---|
| **Eispéiris foghlama shamplacha scoláire** | • Déan tobsmaointeoireacht ar na bealaí a n-úsáideann an scoláire na meáin shóisialta, aipeanna agus an t-idirlíon ina shaol agus ansin na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu a phlé, ag díriú go háirithe ar an tionchar ar an bhfolláine.<br>• Breathnaigh ar fhíseáin ar 'rialú néil' (agus/nó ar acmhainní eile meán) le gníomhaíochtaí smaoinimh, péireála, roinnte agus plé treoraithe chun machnamh a dhéanamh ar thionchar an idirlín agus na meán sóisialta ó pheirspictíocht phearsanta agus na sochaí.<br>• An smaoineamh maidir le 'strus digiteach' a fhiosrú, an chuma atá air agus conas a mhothaíonn sé, agus bearta faoi leith ar féidir leis an scoláire a úsáid chun déileáil leis.<br>• Cás-staidéir faoi leith ar líne a phlé, i ngrúpaí beaga, agus an fhreagairt is fearr i ngach cás a chomhaontú.<br>• Suirbhé a dhéanamh ar a chomhscoláirí chun a fháil amach cé mhéad ama a chaitheann scoláirí ina scoil ar líne agus le haghaidh cén cuspóirí.<br>• Scrúdú a dhéanamh ar bhearta ar féidir le daoine óga a dhéanamh chun an t-am a chaitheann siad ar líne a bhainistiú.<br>• Díospóireacht siúil a dhéanamh chun tuiscint an scoláire a sheiceáil ar an dlí agus ar a chearta maidir lena láithreacht ar líne.<br>• Taifead a choinneáil ar phríomhfhoghlaim agus ar léargais a fhaightear ar fud an aonaid seo. |

## NAISC LEIS AN TSRAITH SHÓISEARACH

### RÁITIS FOGHLAMA I BHFÓCAS

RF 11. gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn

RF 24. úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil

## PRÍOMHSCILEANNA I BHFÓCAS:

Tá deiseanna ann chun tacú leis an iomad príomhscileanna uile san aonad seo, ach tá tábhacht ar leith ag baint leis na cinn seo a leanas.

| PRÍOMHSCIL | GNÉ NA PRÍOMHSCILE | SAMPLAÍ DE GHNÍOMHAÍOCHT FOGHLAMA FÉIDEARTHA DON SCOLÁIRE |
|---|---|---|
| Fanacht folláin | A bheith freagrach, slán & eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid | A phlé conas déileáil le cásanna ar líne a d'fhéadfadh a bheith díobhálach |
| Mé féin a bhainistiú | Aithne orm féin | Tobsmaointeoireacht ranga agus machnamh pearsanta príobháideach maidir le conas a úsáidimid teicneolaíochtaí digiteacha inár saol – nithe dearfacha agus diúltacha |
| Cumarsáid | Plé agus díospóireacht | Plé ranga treoraithe agus déan smaoineamh, péireáil, roinnt, tar éis na bhfíseán mar spreagthaí |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas | Cur i láthair oibre grúpa ar chomhairle do chomhscoláirí maidir le déileáil le cásanna dúshlánacha ar líne |

## TÁSCAIRÍ FOLLÁINE I BHFÓCAS

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo san Fholláine. Tarraingítear aird ar na táscairí lena dtacaítear go sonrach san aonad seo thíos:

| TÁSCAIRE FOLLÁINE | TUAIRISCEOIRÍ ÁBHARTHA |
|---|---|
| FREAGRACH | An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint?<br><br>An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim roghanna cearta? |
| CEANGAILTE | An dtuigim an chaoi a mbíonn tionchar ag mo ghníomhaíochtaí agus ag m'idirghníomhaíochtaí ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile, i gcomhthéacsanna áitiúla agus domhanda? |
| ATHLÉIMNEACH | An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil?<br><br>An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil? |
| MEAS ORM | An léirím cúram agus meas ar dhaoine eile? |
| FEASACH | An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh? |

### MEASÚNÚ

Is iomaí bealach a bhféadfadh múinteoirí foghlaim an scoláire a mheasúnú. Seo roinnt moltaí

- Cur i láthair grúpa ar conas cásanna ar líne a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a sheachaint nó conas déileáil leo
- Bileog shábháilteachta ar líne a ullmhú dá chomhscoláirí, a bhaineann, b'fhéidir, le gníomhaíochtaí feasachta scoile uile ag obair i dtreo 'Lá na Sábháilteachta Idirlín' i mí Feabhra gach bliain.
- Feachtas físeáin a chruthú chun feasacht a ardú maidir le ceist a bhaineann le folláine ar líne, lena n-áirítear faisnéis maidir le conas déileáil go héifeachtach le saincheist faoi leith, m.sh. strus digiteach, cibearbhulaíocht, comhroinnt íomhánna gan toiliú.

### ACMHAINNÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN ÚSÁIDEACHA

- Sonraíocht an ghearrchúrsa um Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha
- Físeáin faisnéise ar 'rialú néil'
- Paca acmhainní teagaisc um 'rialú néil'
- Físeáin faisnéise ar 'rialú néil'
- Paca acmhainní teagaisc um 'rialú néil'
- Ceangailte - Dearadh 'Ceangailte' go sonrach do mhúinteoirí an Ghearrchúrsa um Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha de chuid na sraithe sóisearaí. Tá Modúl 1, dar teideal 'M'Fholláine ar líne', bainteach go sonrach leis an Aonad seo.
- Taisceadáin - Is acmhainn OSPS é 'Taisceadáin' a forbraíodh chun scoláirí ón dara agus tríú bliain a mhealladh chun an topaic um chomhroinnt íomhánna gan toiliú a phlé.
- Bí in Ctrl - Is acmhainn oideachais OSPS é 'Bí in Ctrl' ina dtéitear i ngleic leis an gceist maidir le comhéigean gnéasach agus sracadh ar líne.
- ThinkB4UClick - Dearadh ThinkB4UClick go sonrach do mhúinteoirí OSSP sa tSraith Shóisearach. Fiosraítear in ThinkB4UClick ceist an phríobháideachais ar líne i gcomhthéacs ceart agus freagrachtaí ar líne.
- Nasc le Meas - Is é is aidhm leis an acmhainn 'Nasc le Meas' cabhrú leis an scoláire in iar-bhunscoileanna an tionchar is féidir a bheith ag an gcibearbhulaíocht ar dhaoine a thuiscint.

TEIDEAL AN AONAID:

# FOGHLAIM LE FOGHLAIM[9]

| | |
|---|---|
| **Fad:** | Rang amháin sa tseachtain ar feadh 10 seachtaine (oiriúnach do scoláirí sa chéad bhliain nó sa dara bliain) |
| **Riachtanas sainaitheanta:** | Forbraíodh an t-aonad seo tar éis tionscadal mór 'guth an scoláire' inar phléigh scoláirí réimsí féideartha foghlama a bhraithfidís a bheith luachmhar mar chuid dá gclár Folláine. Luadh go láidir i measc na scoláirí sa scoil seo gur theastaigh uathu tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad agus a bheith ábalta a bheith níos rathúla mar fhoghlaimeoirí. De thoradh air seo d'fhorbair grúpa múinteoirí 'Foghlaim le Foghlaim' chun cabhrú leis an scoláire feasacht níos mó a fháil air féin agus cad is féidir leis a dhéanamh chun a bheith ina fhoghlaimeoir níos fearr. Tá triail bainte as an aonad seo agus tá sé oiriúnaithe bunaithe ar aiseolas ó scoláirí. |
| **Aidhm an aonaid:** | tacú leis an scoláire chun forbairt mar **fhoghlaimeoir machnamhach** agus chun **scileanna** agus **straitéisí** a fhorbairt a chabhróidh leis foghlaim ar bhealach níos éifeachtúla agus níos rathúla |
| **Torthaí foghlama:** [10] | Beidh sé ar chumas an scoláire:<br>• A roghanna foghlama féin a shainithint – Amharc, Éisteacht, Léamh/ Scríobh, agus Cinéistéiseach, agus straitéisí foghlama a mholadh a oireann do gach ceann<br>• Réimse straitéisí praiticiúla a úsáid chun tacú lena chuid foghlama, lena n-áirítear eagraithe grafacha, meabhairmhapaí, spléach-chártaí, pleananna staidéir, cairde staidéir, etc.<br>• Machnamh air féin mar fhoghlaimeoir<br>• Níos mó freagrachta a ghlacadh air féin as a chuid foghlama féin |
| **Eispéiris foghlama shamplacha scoláire** | • Machnamh aonair a dhéanamh agus ansin a roinnt i ngrúpaí beaga an méid a chabhraíonn leo foghlaim<br>• A rogha foghlama phearsanta a sheiceáil trí cheistneoir ar líne a úsáid<br>• Ag obair i ngrúpaí, tiomsaigh liosta de straitéisí a oireann do gach rogha foghlama ag úsáid mata boird<br>• Úsáid an t-idirlíon chun faisnéis agus acmhainní praiticiúla a aimsiú ar féidir leo tacú lena fhoghlaim |

9 Ba mhaith le CNCM aitheantas a thabhairt do Choláiste an Droichid Nua, Co. Chill Dara, as cead a thabhairt an t-aonad seo a fhoilsiú.

10 Tógtar na torthaí foghlama go díreach ó shonraíocht ghearrchúrsa CNCM i litearthacht sna meáin

## NAISC

### RÁITIS FOGHLAMA I BHFÓCAS

RF 11. gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn

RF 24. úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil

### PRÍOMHSCILEANNA I BHFÓCAS

Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile san aonad seo ach tá tábhacht ar leith ag baint leis na cinn seo a leanas.

| PRÍOMHSCIL | GNÉ NA PRÍOMHSCILE | SAMPLAÍ DE GHNÍOMHAÍOCHT FOGHLAMA FÉIDEARTHA DON SCOLÁIRE |
|---|---|---|
| Mé féin a bhainistiú | A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | I rith na ngníomhaíochtaí beidh an scoláire ag machnamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé agus ar na bealaí chun é a fheabhsú |
| Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú | Faisnéis agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas | Foghlaimeoidh an scoláire conas raon uirlisí a úsáid chun cabhrú lena gcuid foghlama a thaifeadadh, a eagrú agus a bhainistiú |
| Fanacht folláin | A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | Beidh an scoláire níos dearfaí agus níos rannpháirtí san fhoghlaim agus é ag forbairt a fheasachta air féin mar fhoghlaimeoir agus glacfaidh sé níos mó freagrachta as a chuid foghlama féin |
| A bheith cruthaitheach | Ag foghlaim go cruthaitheach | Fiosróidh an scoláire bealaí a chabhróidh leis foghlaim. |

### TÁSCAIRÍ FOLLÁINE I BHFÓCAS

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo san Fholláine. Tarraingítear aird ar na táscairí lena dtacaítear go sonrach san aonad seo thíos:

| TÁSCAIRE FOLLÁINE | TUAIRISCEOIRÍ ÁBHARTHA |
|---|---|
| ATHLÉIMNEACH | An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach? |
| MEAS ORM | An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm? |
| FEASACH | An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas? |

### MEASÚNÚ

Taispeánann an scoláire fianaise ar a chuid foghlama trí cheann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Póstaer nó cur i láthair, ag léiriú nó ag insint na mbealaí is fearr a bhfoghlaimíonn siad
- Tionscadal grúpa a bhfuil d'aidhm aige tacar straitéisí a chruthú le haghaidh foghlaim ranga éifeachtach a d'fhéadfaí a chomhroinnt le múinteoirí.

### ACMHAINNÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN ÚSÁIDEACHA:

- Leabhrán Príomhscileanna CNCM, Faisnéis agus Smaointeoireacht a Bhainistiú go háirithe lgh 17-21 agus lgh 28-37
- https://ncca.ie/media/1151/managing-information-and-thinking_april-2015.pdf
- Leabhrán CNCM um Dhíriú ar Fhoghlaim Scoláirí ag Machnamh ar a gCuid Foghlama (go háirithe lgh 12-14) https://ncca.ie/media/1926/assessment-booklet-4_en.pdf
- Institiúid na gComhairleoirí Treorach (IGC), Treoir maidir le Foghlaim le Foghlaim https://www.stpaulscollege.ie/wp-content/uploads/2019/09/2ND-YEAR-STUDY-LEARNING-TO-LEARN-IGC-17.pdf
- Leideanna staidéir ó Studyclix: https://www.studyclix.ie/Blog/Show/how-to-study-a-guide-for-1st-and-2nd-year-students
- Teicnící foghlama agus cuimhne https://www.irishtimes.com/sponsored/exam-times/study-guide/learning-and-memory-techniques-1.1614348
- Cad a chuireann cosc ort a bheith níos fearr ag staidéar? https://careersnews.ie/prevents-studying-better/?highlight=Factors%20that%20affect%20
- Aimsigh do shainrogha foghlama https://vark-learn.com/the-vark-questionnaire/?p=questionnaire
- An bhileog oibre um Do phróifíl foghlama https://www.sess.ie/dyslexia-section/your-learning-profile
- Tógáil Nótaí - Straitéis léitheoireachta agus foghlama https://www.nbss.ie/node/249
- Leideanna staidéir agus meabhairmhapaí https://www.sess.ie/dyslexia-section/study-tips-and-mind-maps
- Eagraithe grafacha le húsáid sa rang https://www.pdst.ie/node/2827

TEIDEAL AN AONAID:

# TAIBHIÚ CEOIL

| | |
|---|---|
| **Fad:** | Rang amháin sa tseachtain don chéad bhliain |
| **Riachtanas sainaitheanta:** | Tá fianaise an-láidir ann ar na buntáistí sláinte agus folláine a bhaineann le hamhránaíocht nó ceol a thaibhiú, go háirithe nuair a dhéantar an taibhiú mar chuid de ghrúpa[11]. De thoradh ar an bhfeasacht seo, in éineacht le spéis láidir sa cheol i measc na scoláirí, forbraíodh an t-aonad foghlama seo. Cruthaíodh é laistigh de chomhthéacs scoile bige nach bhfuil ceol ar fáil inti mar ábhar sa tsraith shóisearach agus, mar sin, níl aon riosca go mbeidh forluí idir an t-aonad foghlama seo agus ceol sa tsraith shóisearach. Bhí an mhian ann aonad a fhorbairt a bheadh ina chabhair le haeráid ranga dhearfach a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar rath agus rannpháirtíocht scoláirí na chéad bhliana, mar a dtugtar aitheantas agus dearbhú do scileanna agus cumais gach duine. |
| **Aidhm an aonaid:** | scileanna féinfheasachta a fhorbairt a cheadaíonn don scoláire a thuiscint conas is féidir leis an gceol tacú lena fholláine agus scileanna maidir le léiriú ceoil a fhorbairt ionas gur féidir leis ceol a chruthú agus a thaibhiú le daoine eile agus lúcháir, cruthaitheacht agus braistint folláine a mhothú. |
| **Torthaí foghlama:** | Beidh sé ar chumas an scoláire<br>• Cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint idir raon seánraí agus stíleanna ceoil<br>• A fhiosrú conas is féidir leis an gceol cabhrú linn, agus le daoine eile, mothúcháin a léiriú agus a chur in iúl agus mothúcháin a rialú<br>• Patrúin rithime a chruthú agus a thaibhiú trí ghluaiseacht, cnagcheol colainne, cumadóireacht agus uirlisí cnagcheoil.<br>• Frásaí séiseacha a sheinm nó a chanadh mar cheoltóir aonair nó mar ghrúpa.<br>• Píosa bunaidh ceoil a chumadh agus a sheinm mar cheoltóir aonar nó i ngrúpaí mar fhreagairt ar spreagthach[12]<br>• Píosaí ceoil uirlise agus gutha a ullmhú, a chleachtadh agus a sheinm i ngrúpa<br>• A shainaithint agus machnamh a dhéanamh ar conas a thacaíonn ceol leis na 6 tháscaire folláine ina shaol. |

11 https://www.outoftheark.co.uk/blog/why-singing-is-good-for-pupil-well-being/
https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Creative-Ireland-and-Youth-Singing-in-Ireland-Helen-Doyle-research-paper-2019.pdf
https://livingwell.org.au/well-being/mental-health/how-music-can-support-our-well-being/
https://www.nammfoundation.org/articles/2014-06-01/benefits-learning-and-playing-music-adults?gclid=EAIaIQobChMIubW84vfR6QIV2-7tCh3neQSeEAAYASAAEgIQOfD_Bw –

12 Is féidir gurb é is spreagthach ann íomhá, focal, mothúchán, grafaic, rud

| | |
|---|---|
| **Eispéiris foghlama shamplacha scoláire** | • Éisteacht le rogha ceoil ó sheánraí éagsúla ceoil trí lionsa na folláine.<br>• Seinnliosta a chruthú de 'cheol le spreacadh a chur ionam', 'ceol le mé a shuaimhniú', 'ceol a chuireann lúcháir orm', 'ceol chun frustrachas a ligean amach'.<br>• Patrúin rithimiúla éagsúla a bhualadh ar bhosa, ar chosa agus a chanadh.<br>• Éisteacht le samplaí ceoil a insíonn scéal agus a phlé conas a cheanglaíonn an ceol, na carachtair agus na mothúcháin le chéile.<br>• Píosa ceoil a chruthú a léiríonn ar a laghad dhá mhothúchán agus a mhíniú conas a léirítear iad sa taibhiú.<br>• A bheith ag amhránaíocht agus ag seinm le chéile i ngrúpaí éagsúla agus uirlisí éagsúla a úsáid.<br>• Páirt a ghlacadh i gcáirióice ucailéile, ag úsáid Youtube.<br>• A bheith ag seinm ina aonar, i ngrúpaí beaga agus mar chuid de thaibhiú deiridh.<br>• Plé ranga agus machnamh aonair maidir le conas a chabhraíonn ceol le strus a bhainistiú, mothúcháin a chur in iúl agus folláine a chur chun cinn (ag úsáid na 6 tháscaire folláine) |

## NAISC

### RÁITIS FOGHLAMA I BHFÓCAS

RF 4: Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé an próiseas agus na scileanna atá i gceist.

RF 11. gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn

RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú

RF 24. úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil

### PRÍOMHSCILEANNA I BHFÓCAS

Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile san aonad seo ach tá tábhacht ar leith ag baint leis na cinn seo a leanas.

| PRÍOMHSCIL | GNÉ NA PRÍOMHSCILE | SAMPLAÍ DE GHNÍOMHAÍOCHT FOGHLAMA FÉIDEARTHA DON SCOLÁIRE |
|---|---|---|
| Mé féin a bhainistiú | A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | Déanfaidh an scoláire machnamh ar na scileanna atá á bhforbairt aige agus conas atá foghlaim trí chruthaitheacht agus comhoibriú lena chomhscoláirí ag tacú lena fholláine |
| Cumarsáid | Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh | Úsáidfidh an scoláire teicneolaíocht dhigiteach chun scileanna nua ceoil a fhoghlaim agus a chleachtadh agus chun iad féin a chur in iúl go cruthaitheach |
| Fanacht folláin | A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | De réir mar a bhraitheann an scoláire an tógáil croí agus an spraoi a bhaineann le seinm le chéile braithfidh sé ceangailte leis na scoláirí eile agus dearfach faoin bhfoghlaim |
| A bheith cruthaitheach | Ag foghlaim go cruthaitheach | Beidh taithí ag an scoláire ar raon modheolaíochtaí cruthaitheacha, mar shampla trí ghluaiseacht, amhránaíocht, taibhiú, úsáid chruthaitheach na teicneolaíochta agus aipeanna ceoil. |

### TÁSCAIRÍ FOLLÁINE I BHFÓCAS

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo san Fholláine. Tarraingítear aird ar na táscairí lena dtacaítear go sonrach san aonad seo thíos:

| WELLBEING INDICATOR | RELEVANT DESCRIPTORS |
|---|---|
| CEANGAILTE | An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?<br><br>An dtuigim an chaoi a mbíonn tionchar ag mo ghníomhaíochtaí agus ag m'idirghníomhaíochtaí ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile, i gcomhthéacsanna áitiúla agus domhanda? |
| ATHLÉIMNEACH | An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil? |
| MEAS ORM | An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm?<br><br>An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo chomhscoláirí agus mo mhúinteoirí?<br><br>An léirím cúram agus meas ar dhaoine eile? |
| FEASACH | An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu? |

### MEASÚNÚ

Is féidir féinmheasúnú agus piarmheasúnú foghlama a fhí tríd an aonad seo ar fad.

Leis an taibhiú grúpa deiridh tá deis ann le haghaidh measúnú suimitheach a ligeann do scoláirí a léiriú le chéile na scileanna atá foghlamtha acu agus fianaise a thaispeáint ar fheabhsú, tiomantas, cruthaitheacht agus obair foirne.

### ACMHAINNÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN ÚSÁIDEACHA:

- https://yousician.com/
- *Somewhere Over the Rainbow/What a Wonderful World by Israel KIsrael Kamakawiwo'ole - Ukulele Play Along*. [Comhad físeáin] Arna aisghabháil ó https://www.youtube.com/watch?v=Bv46K4cSsoc
- Reese, an Dr. Jill, (Márta 12, 2016) *Count on Me - Bruno Mars - UKE CHORD GUIDE*. [Comhad físeáin] Arna aisghabháil ó https://www.youtube.com/watch?v=0YpgQsfjEDY
- Reese, an Dr. Jill, (Márta 14, 2016) *Count on Me - Bruno Mars - UKE CHORD GUIDE*. [Comhad físeáin] Arna aisghabháil ó https://www.youtube.com/watch?v=gOtgcUr2_TM
- Reese, an Dr. Jill, (Samhain 6, 2016) *Let it be, Ukulele chord guide*. [Video file] Arna aisghabháil ó
- https://www.youtube.com/watch?v=6ifJ5GxhpR8

TEIDEAL AN AONAID:

# AN CLÁR POBAIL UM OBAIR DHEONACH DO CHÁCH[13]

| | |
|---|---|
| **Fad:** | 30 uair an chloig |
| **Riachtanas sainaitheanta:** | Sa Chlár Pobail um Obair Dheonach do Chách cuirtear ar fáil bealach do scoileanna chun cion dearfach daoine óga do na háiteanna ina maireann siad a cheiliúradh agus a chur chun cinn, agus cruthaíonn sé feasacht ar conas is féidir leis an scoláire tacú lena fholláine féin agus folláine daoine eile trí chabhrú le daoine eile. Tá fianaise láidir ann go dtuairiscíonn daoine a dhéanann obair dheonach go rialta go mbíonn folláine níos fearr acu mar gheall ar fhéinmheas agus muinín níos mó, níos lú imní, dúlagar níos lú, agus idirghníomhaíocht shóisialta, comhtháthú agus piarthacaíocht níos fearr (Príomh-Oifig Staidrimh 2013) |
| **Aidhm an aonaid:** | Chun tionscadal um obair dheonach faoi cheannas an scoláire a fhorbairt sa phobal áitiúil, mar a dtéann an scoláire i mbun gnímh i seirbhís daoine eile agus trí difríocht dhearfach a dhéanamh is féidir leis a fholláine féin agus folláine daoine eile a fheabhsú. |
| **Torthaí foghlama:** | Beidh sé ar chumas an scoláire<br>• Fíor-riachtanais ina phobal áitiúil a shainaithint.<br>• A fhiosrú conas is féidir a bhuanna agus a scileanna a úsáid ar mhaithe le daoine eile.<br>• A bheith ag obair go comhoibríoch chun tionscadal um obair dheonach a dhearadh agus a phleanáil.<br>• Seilbh a ghlacadh ar thascanna.<br>• Dul i mbun gnímh chun folláine daoine eile a fheabhsú.<br>• Éisteacht go measúil agus meas a léiriú ar dhaoine eile mar gheall ar cé hiad féin.<br>• Machnamh a dhéanamh ar an tionchar a imríonn a luachanna, a chinntí agus a ghníomhaíochtaí ar a fholláine féin agus ar fholláine daoine eile. |

13 Is Eagraíocht Neamhrialtasach é Localise Youth Volunteering a thacaíonn le scoileanna agus iad ag forbairt tionscadail bhríocha maidir le hobair dheonach do dhaoine óga. Tá fás tagtha ar na tionscadail seo ó thosaigh paindéim Covid le tacaíocht ar líne agus foghlaim chumaisc á tairiscint don scoláire agus do mhúinteoirí.

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí foghlama samplacha** | • Téann an scoláire i mbun ceachta, 'Gach Rud Fúm', chun teacht ar na buanna, scileanna agus tréithe atá aige le tairiscint dá phobal.<br>• I bhfoirne, cruthaíonn scoláirí léarscáil dá bpobal idéalach agus cuireann siad i láthair a ranga í.<br>• Déanann an scoláire anailís ar riachtanais an phobail chun grúpaí/ eagraíochtaí sa phobal a shainaithint ar féidir leis cabhrú leo.<br>• Téann an scoláire i mbun plé treoraithe chun fíor-riachtanas i gcoinne riachtanas braite a scrúdú.<br>• Sainaithníonn scoláirí agus comhaontaíonn siad go daonlathach ar thionscadal gnímh seirbhíse don phobal atá praiticiúil agus indéanta.<br>• Oibríonn scoláirí le chéile chun seirbhís don phobal a phleanáil, cuireann siad an plean i ngníomh agus déanann siad é a mheasúnú. |

## NAISC

### RÁITIS FOGHLAMA I BHFÓCAS

RF 5. tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálta

RF 6. tuigeann an scoláire conas a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin ilghnéitheacha leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé agus tá meas aige orthu.

RF 7. tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.

RF 11. gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn

RF 23. tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú

### PRÍOMHSCILEANNA:

Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile san aonad seo ach tá tábhacht ar leith ag baint leis na cinn seo a leanas.

| PRÍOMHSCIL | GNÉ NA PRÍOMHSCILE | GNÍOMHAÍOCHT FOGHLAMA AN SCOLÁIRE |
|---|---|---|
| A Bheith Cruthaitheach | Roghanna a fhiosrú | Déanann an scoláire anailís ar riachtanais an phobail mar chuid den phróiseas cinnteoireachta. |
| Cumarsáid | Plé agus díospóireacht | Nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir le cé leo a chabhrófar agus conas cabhrú leo, téann an scoláire i mbun plé gníomhach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta. |
| Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú | Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach | Roghnaíonn gach scoláire nó sanntar dó roinnt tascanna chun go n-éireoidh leis an tionscadal. |
| Mé féin a bhainistiú | A bheith sóisialta | Imíonn an scoláire ón seomra ranga agus déanann sé seirbhís do dhaoine sa phobal, ag cruthú caidreamh le daoine a bhíonn taobh amuigh dá saol sóisialta de ghnáth. |
| Obair le daoine eile | Meas ar an éagsúlacht | Cabhraíonn an obair dheonach le dearcadh an scoláire ar an domhan a mhúnlú agus meas folláin a fhorbairt ar dhaoine eile |

### TÁSCAIRÍ FOLLÁINE I BHFÓCAS:

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo san Fholláine. Tarraingítear aird ar na táscairí lena dtacaítear go sonrach san aonad seo thíos:

| TÁSCAIRE FOLLÁINE | TUAIRISCEOIRÍ ÁBHARTHA |
|---|---|
| FREAGRACH | An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint? |
| CEANGAILTE | An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?<br><br>An dtuigim an chaoi a mbíonn tionchar ag mo ghníomhaíochtaí agus ag m'idirghníomhaíochtaí ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile, i gcomhthéacsanna áitiúla agus domhanda? |
| ATHLÉIMNEACH | An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach? |
| MEAS ORM | An léirím cúram agus meas ar dhaoine eile? |
| FEASACH | An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta? |

### MEASÚNÚ

Taispeánann an scoláire fianaise ar a chuid foghlama trí phunann nó ríomhphunann. Roghnaíonn an scoláire 3-4 phíosa fianaise is fearr a léiríonn a chuid foghlama le machnamh gairid ina mhínítear cén fáth ar roghnaíodh gach píosa. D'fhéadfaí a áireamh leis na píosaí bileoga oibre, cóip de chonradh an ghrúpa, grianghraif de dhearadh an phobail idéalaigh, tátail taighde, seisiúin tobsmaointeoireachta, fianaise ar thascanna a cuireadh i gcrích, píosaí ealaíne nó saothair cheardaíochta ghaolmhara, grianghraif de laethanta imeachta agus mar sin de.

### ACMHAINNÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN ÚSÁIDEACHA:

- Tá an clár seo á éascú ag Localise Youth Volunteering www.localise.ie Is é suíomh an chláir www.volunteeringforall.ie áit a bhfuil acmhainní ranga agus físeáin teagaisc ar fáil.
- Tá roinnt cainéal ar na meáin shóisialta ag Localise, lena n-áirítear facebook.com/localise, instragram.com/localiseyouth, twitter.com/localiseyouth agus youtube.com/localise2010 áit ar féidir tionscadail a chuir na scoláirí i gcríoch a fheiceáil.
- Chun clárú don chlár seo déan teagmháil le Localise ag info@localise.ie agus (01) 4979010.

### LÉITHEOIREACHT MHOLTA:

- Tuarascáil na Príomhoifige Staidrimh ar Obair Dheonach agus Folláine in Éirinn https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/q-vwb/qnhsvolunteeringandwellbeingq32013/
- Sa Chairt Eorpach ar Chearta agus Freagrachtaí Saorálaithe tá sainmhínithe úsáideacha agus tacair ceart agus freagrachtaí do shaorálaithe https://www.youthforum.org/charter-rights-and-responsibilities-volunteers

TEIDEAL AN AONAID:

# BHEITH GNÍOMHACH: GNÍOMHAÍOCHT CHOIRP AGUS DEISEANNA FOLLÁINE ATÁ IONCHUIMSITHEACH DO CHÁCH

| | |
|---|---|
| **Fad:** | 10 seachtaine (oiriúnach don difreáil ar fud grúpaí ón gcéad bhliain go dtí an tríú bliain). |
| **Riachtanas sainaitheanta:** | aonad foghlama oideachasúil faoi cheannas an scoláire a sholáthar don tsláinte fhisiciúil agus don fholláine, a mhéadaíonn tuiscint an scoláire ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp, agus a chruthaíonn deiseanna cuimsitheacha don ghníomhaíocht choirp do gach scoláire. |
| **Aidhm an aonaid:** | Tá an iomad buntáistí fisiciúla agus meabhairshláinte ag an ngníomhaíocht choirp. Ach in Éirinn tá leibhéal na gníomhaíochta coirp i measc an aosa óig in Éirinn íseal, go háirithe i measc cailíní. Tá braistint an scoláire ar cheangal leis an scoil, misneach agus athléimneacht ag meath chomh maith. Má tá an scoláire gníomhach go fisiciúil tugann sin deiseanna dó cur leis na ráitis seo. Mar sin de, tá sé tábhachtach deiseanna a chruthú chun gníomhaíocht choirp a spreagadh, taobh amuigh den rang Corpoideachais, agus chomh maith leis, chun stíl mhaireachtála fholláin shona a chinntiú. Ba é an grúpa, Conair le haghaidh Sláinte, ag Ollscoil Luimnigh a dhear an t-aonad seo, i gcomhar leis an tionscnamh, An Bratach Scoile Gníomhaí, de chuid na Roinne Oideachais, chun tabhairt faoin riachtanas seo. |
| **Torthaí foghlama:** | Beidh sé ar chumas an scoláire<br>• A thuiscint ar na téarmaí a leanas a phlé: cuimsitheach, gníomhaíocht choirp agus folláine.<br>• Plé a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le bheith gníomhach go fisiciúil agus conas is féidir le gníomhaíocht choirp a fholláine a fheabhsú.<br>• A bheith ag obair le chéile chun na bacainní agus na héascaitheoirí a bhaineann le beatha shláintiúil a chaitheamh, agus conas a athraíonn siad seo i dtimpeallachtaí éagsúla m.sh. ar scoil, sa bhaile, i do phobal áitiúil.<br>• A chruthaitheacht agus a scileanna oibre foirne a fhorbairt trí bheith ag obair go comhoibríoch chun gníomhaíocht nua a dhearadh agus a theagasc atá cuimsitheach do gach scoláire.<br>• Gníomh a dhéanamh chun a fholláine a fheabhsú trí thiomantas a léiriú do ghníomhaíocht choirp nua ar scoil nó sa phobal áitiúil.<br>• Machnamh a dhéanamh ar an dóigh a mhothaíonn sé roimh aclaíocht agus ina diaidh. |

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí foghlama samplacha** | • Grafaic faisnéise a dhearadh chun gníomhaíocht choirp agus folláine a chur chun cinn agus í a chur timpeall na scoile agus/nó ar shuíomh gréasáin na scoile.<br>• Punann a chruthú a thugann breac-chuntas ar a aistear sa ghníomhaíocht choirp, ag úsáid machnamh, cairteacha, grianghraf, sleachta athfhriotail spreagúla, líníochtaí, srl.<br>• Déan ransú smaointe ar bhealaí chun nóiméid de dhianghníomhaíocht choirp a chur isteach ina shaol agus a smaointe a chomhroinnt leis an rang.<br>• Úsáid aip chliste chun meán seachtainiúil a thaifeadadh, ina phunann, líon iomlán na gcéimeanna a dhéanann an duine nó an rang agus an sprioc acu 10,000 céim sa lá a bhaint amach.<br>• Taighde a dhéanamh agus punann a chruinniú d'fhíseáin aclaíochta agus de mhachnaimh aoisoiriúnacha ar féidir leis an scoláire a dhéanamh sa bhaile chun a shláinte agus folláine a mhéadú.<br>• A bheith ag obair i ngrúpaí chun gníomhaíocht reatha a mhodhnú nó gníomhaíocht nua a chruthú atá spraíúil do gach scoláire beag beann ar chumas duine. Ag obair ina ngrúpaí, is féidir le scoláirí a ngníomhaíocht a theagasc do bhaill eile an ranga.<br>• A bheith ag obair le comhpháirtí nó cara agus triail a bhaint as gníomhaíocht iarscoile nua. |

#### RÁITIS FOGHLAMA I BHFÓCAS

RF 11 Gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn

RF 12 Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é an scoláire sa ghníomhaíocht choirp agus tá inspreagadh ann le bheith gníomhach go fisiciúil

RF 24 Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh agus chun oibriú agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil

### PRÍOMHSCILEANNA

Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile san aonad seo ach tá tábhacht ar leith ag baint leis na cinn seo a leanas.

| PRÍOMHSCIL | GNÉ NA PRÍOMHSCILE | GNÍOMHAÍOCHT FOGHLAMA AN SCOLÁIRE |
|---|---|---|
| Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú | Faisnéis a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas. | Suirbhé ar "Cé chomh gníomhach atáimid?" a dhearadh agus a chomhlánú<br><br>Punann a chruinniú d'fhíseáin aclaíochta agus de mhachnaimh aoisoiriúnacha ar féidir leis an scoláire a dhéanamh sa bhaile chun a shláinte agus folláine a mhéadú. |
| Fanacht folláin | A bheith sláintiúil, fisiciúil agus gníomhach | Beidh an scoláire páirteach i ngníomhaíocht choirp nua iarscoile agus roghnóidh sé meicníocht chun an ghníomhaíocht thrialach seo a thaifeadadh agus chun machnamh a dhéanamh uirthi (córas páirtíochta) |
| A bheith cruthaitheach | Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú | Dreas traenála spraíúil i ngníomhaíocht choirp a dhearadh, a chomhchruthú agus a chur ar fáil dá chomhscoláirí, ag freagairt ar riachtanais, cumais agus spéis an ranga. |
| A bheith uimheartha | Meastachán, tuar agus ríomh | A bheith páirteach i ndúshlán céimeanna, lena n-áirítear sprioc maidir le háireamh céimeanna thar thréimhse ama. |
| Mé féin a bhainistiú | Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach | Spriocanna pearsanta agus inbhainte amach maidir le gníomhaíocht choirp a shocrú agus machnamh a dhéanamh go seachtainiúil ar a ndul chun cinn. |

### TÁSCAIRÍ FOLLÁINE I BHFÓCAS

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo san Fholláine. Tarraingítear aird ar na táscairí lena dtacaítear go sonrach san aonad seo thíos:

| TÁSCAIRE FOLLÁINE | TUAIRISCEOIRÍ ÁBHARTHA |
|---|---|
| GNÍOMHACH | An rannpháirtí muiníneach agus oilte mé i ngníomhaíocht choirp?<br><br>Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil? |
| FREAGRACH | An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú? |
| CEANGAILTE | An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, agus mo theaghlach? |
| ATHLÉIMNEACH | An bhfuilim toilteanach a bheith ag obair go crua chun rudaí móra a bhaint amach? |
| FEASACH | An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar? |

### MEASÚNÚ

Taispeánfaidh an scoláire fianaise ar fhoghlaim agus ar thiomantas do ghníomhaíocht choirp trí r-phunann nó punann. A bheith ag obair go haonarach agus go neamhspleách, ar feadh na tréimhse deich seachtaine, beidh an scoláire ag tiomsú íomhánna, físeán, sleachta athfhriotail, ábhair léitheoireachta, machnamh agus eispéireas i bpunann 'Mo leibhéil ghníomhaíochta coirp a athrú'. Beidh an rang agus an múinteoir ag obair go comhoibríoch chun a chomhaontú cén chuma a bheadh ar phunann de ghníomhaíocht choirp agus ag comhchruthú na gcritéar ratha ag tús an aonaid foghlama. Is féidir an punann seo a bheith féinmheasúnaithe, piarmheasúnaithe nó measúnaithe ag an múinteoir, ag úsáid na gcritéar ratha.

### NAISC AGUS ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA:

- www.activeschoolflag.ie
- www.peai.org
- Seo a leanas nasc chuig aip Pacer Health chun céimeanna laethúla a thaifeadadh: https://www.mypacer.com/
- Seo a leanas nasc chun a cheadú don scoláire graif faisnéise ildaite a chruthú:www.canva.com
- Children's Sport Participation and Physical Activity levels report and info graphs (CSPPA 2010, 2018).
- UK Physical Activity Guidelines, Benefits and Infographics:
- Plean um Ghníomhaíocht Choirp d'Éirinn
  Get Ireland Active & Acmhainní
- Get Active! Physical Education, Physical Activity and Sport for Children and Young People – A guiding framework
- Physical activity report card for Ireland
- Get Active in the Classroom

# 4.8

# CURACLAM LE HAGHAIDH CLÁR FOLLÁINE

Cuirtear trí chlár shamplacha Folláine i láthair sna leathanaigh seo a leanas. Dearadh iad seo chun na bealaí éagsúla a bhféadfadh scoil clár a chumrú a léiriú. Is iomaí féidearthacht eile laistigh de gach clár díobh agus lasmuigh díobh, agus is mar léiriú a chuirtear na samplaí ar fáil.

### AM A THABHAIRT

Tá an fhoghlaim in OSSP, Corpoideachas, agus OSPS bunriachtanach don fhoghlaim faoin bhFolláine agus lena haghaidh. Ar an ábhar sin, is ann do **thairseach íosta ama** is ceart a sholáthar i ngach réimse. Mar seo a leanas a leagtar amach an tairseach sin:

- CORPOIDEACHAS: 135 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain
- OSPS: 100 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain.
- OSSP: 100 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain.

Agus na híosmhéideanna sin á leagan amach, bíonn an tsolúbthacht ag scoileanna breis ama a leithdháileadh do na réimsí sin de réir a dtosaíochtaí féin agus de réir na riachtanas a bhíonn ag an scoláire. Tar éis na riachtanais íosta seo a chomhlíonadh, is féidir an 65 uair an chloig d'fharasbarr, a chomhlánaíonn an líon iomlán 400 uair an chloig, a leithdháileadh ar ghnéithe eile den fhoghlaim faoin bhFolláine. Mar shampla, tugann siad deis do scoileanna am a chur i leataobh do roinnt de na chláir shármhaithe a bhaineann leis an bhfolláine nó a n-aonaid foghlama féin a fhorbairt. Leithdháileadh 400 uair an chloig atá léirithe sna cláir seo a leanas ar fad.

CUIRTEAR TRÍ CHLÁR SHAMPLACHA FOLLÁINE I LÁTHAIR SNA LEATHANAIGH SEO A LEANAS. DEARADH IAD SEO CHUN NA BEALAÍ ÉAGSÚLA A BHFÉADFADH SCOIL CLÁR A CHUMRÚ A LÉIRIÚ

## CLÁIR SHAMPLACHA

### CLÁR 1

Comhthéacs: Sa scoil seo tá an clár ama deartha timpeall ar thréimhsí ranga 40 nóiméad. Is é atá sa chlár Folláine na gearrchúrsaí in OSSP agus OSPS agus 135 uair an chloig de Chorpoideachas. Chomh maith leis sin, bíonn an scoláire páirteach in aonaid ghearra foghlama (10/11 seachtain ar fad), arna sceidealú le haghaidh tréimhse ranga amháin 40 nóiméad gach seachtain, roinnte idir na trí bliana den tsraith shóisearach. Is scoil mheasctha í ina bhfuil timpeall 900 scoláire. Tá spéis mhór ag scoláirí sa scoil seo i ngníomhaíocht timpeallachta agus shóisialta agus léirítear seo sna haonaid foghlama. Tá an scoil suite cois farraige freisin, agus sin an fáth a bhfuil sábháilteacht uisce san áireamh mar aonad foghlama.

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar phríomhghnéithe an chláir.

| | AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN | UAIREANTA AN CHLOIG |
|---|---|---|---|---|
| **Corpoideachas** | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga dhúbailte | 135 |
| **OSSP** | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga amháin | 100 |
| **OSPS** | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga amháin | Tréimhse ranga dhúbailte | 100 |
| **AONAID** | Tréimhse aonair x 11 seachtaine | Tréimhse aonair x 11 seachtaine | Tréimhse aonair x 11 seachtaine | 66 |
| **Téarma 1** | An t-aistriú isteach san iar-bhunscoil a dhéanamh[14] | Clár Gníomhaíochta i leith Nuálaíocht Shóisialta Shóisearach[15] | Gradam Comhshaolaí Óg[16] | |
| **Téarma 2** | Clár Cairde Óige[17] | JAWS 1 (Junior Aquatic Water Safety)[18] | Scileanna caidrimh[19] | |
| **Téarma 3** | Fanacht sábháilte agus fanacht folláin ar líne[20] | Foghlaim le foghlaim[21] | Treoir agus scileanna staidéir | |

IOMLÁN
**401**
hours

14 Féach aonad samplach lch 55
15 http://www.youngsocialinnovators.ie/programmes-initiatives/social-innovation-action-programme-junior/
16 https://ecounesco.ie
17 https://www.friendsresilience.org/my-friends-youth-ages-12-15/
18 Cuir isteach an suíomh gréasáin anseo
19 Forbraíodh an t-aonad seo mar fhreagairt ar scoláirí a léirigh go bhfuil gá le níos mó ama chun gnéithe de chaidrimh agus gnéasacht a phlé, agus sin a phleanáil taobh le clár OSPS
20 Féach aonad samplach lch 58
21 Féach aonad samplach lch 62

## CLÁR 2

**Comhthéacs:** Is scoil mheasctha uirbeach í seo ina bhfuil níos lú ná 200 scoláire. Sa scoil seo tá an clár ama deartha timpeall ar thréimhsí ranga 40 nóiméad. San áireamh sa chlár Folláine tá na gearrchúrsaí in OSSP agus OSPS agus an cúrsa 135 uair an chloig sa Chorpoideachas. Chomh maith leis sin, tá trí aonad foghlama fhada forbartha ag an scoil, mar fhreagairt ar riachtanais agus spéiseanna an scoláire. Tá gach ceann acu 22 uair an chloig ar fad agus maireann siad ar feadh na bliana. Déantar foghlaim a bhaineann le treoir a éascú trí bhloic ghairide, arna socrú idir múinteoirí na n-aonad foghlama agus an treoirchomhairleoir.

Forbraíodh *Ceol agus folláine* sa scoil seo mar bhraith scoláirí go bhféadfadh tairbhí folláine a bheith le hamhránaíocht nó ceol a sheinm mar chuid de ghrúpa[22]. Cruthaíodh é laistigh de chomhthéacs scoile bige nach bhfuil ceol ar fáil inti mar ábhar sa tsraith shóisearach agus, mar sin, níl aon riosca go mbeidh forluí idir an t-aonad foghlama seo agus ceol sa tsraith shóisearach. Déantar *gradam saorálaíochta* Localise a reáchtáil i gcomhpháirtíocht leis an eagraíocht neamhrialtasach Localise Youth Volunteering, leis an aidhm folláine a chur chun cinn trí sheirbhís do dhaoine eile. D'fhorbair múinteoir OSPS agus treoirchomhairleoir *Mé féin a bhainistiú agus m'fhoghlaim a bhainistiú* chun dul i ngleic le riachtanais a bhaineann le déileáil le níos mó éileamh staidéar sa tríú bliain, spriocanna foghlama agus spriocdhátaí a bhainistiú (lena n-áirítear MRBanna) agus straitéisí chun cúrsaí a láimhseáil i dtréimhsí struis.

| | AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN | UAIREANTA AN CHLOIG |
|---|---|---|---|---|
| **Corpoideachas** | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga dhúbailte | 135 |
| **OSSP** | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga amháin | 100 |
| **OSPS** | Tréimhse ranga dhúbailte | Tréimhse ranga amháin | Tréimhse ranga dhúbailte | 100 |
| **AONAID** | Tréimhsí aonair x 33 seachtaine | Tréimhsí aonair x 33 seachtaine | Tréimhsí aonair x 33 seachtaine | 66 |
| **Teideal** | Ceol agus folláine | Gradam saorálaíochta Localise | Mé féin a bhainistiú agus m'fhoghlaim a bhainistiú | |

IOMLÁN
**401**
hours

22 Deimhnítear seo i dtaighde amhail
https://www.outoftheark.co.uk/blog/why-singing-is-good-for-pupil-well-being/
https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Creative-Ireland-and-Youth-Singing-in-Ireland-Helen-Doyle-research-paper-2019.pdf
https://livingwell.org.au/well-being/mental-health/how-music-can-support-our-well-being/
https://www.nammfoundation.org/articles/2014-06-01/benefits-learning-and-playing-music-adults?gclid=EAIaIQobChMIubW84vfR6QIV2-7tCh3neQSeEAAYASAAEgIQOfD_Bw –

### CLÁR 3

Comhthéacs: Léirítear sa chlár Folláine seo scoil ina bhfuil 700 scoláire a d'athraigh go dtí ranganna uair an chloig. Mar seo a leanas atá an sampla seo leagtha amach:

- Tréimhse uair an chloig do OSPS agus OSSP i ngach ceann de na trí bliana.
- Tréimhse uair an chloig amháin don Chorpoideachas sa chéad bhliain, agus sa tríú bliain, agus tréimhse dhá uair an chloig sa dara bliain

Cuireann an scoil ar fáil freisin aonaid rothlacha níos giorra, arna ndearadh mar fhreagairt ar riachtanais agus spéiseanna na scoláirí sa dara bliain agus sa tríú bliain, agus dhá cheardlann neamhspleácha do scoláirí na chéad bhliain go luath i Meán Fómhair, chun tacú le scoláirí agus iad ag socrú isteach agus ag cur aithne ar a chéile. Léirítear i líon na n-aonad rothlach líon na ngrúpaí ranga i ngach bliain.

| | AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN | UAIREANTA AN CHLOIG |
|---|---|---|---|---|
| **Corpoideachas** | Uair an chloig amháin | Dhá uair an chloig | Uair an chloig amháin | 132 |
| **OSSP** | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | 100 |
| **OSPS** | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | 100 |
| **AONAID** | **Ceardlanna saindeartha**<br>Ag socrú isteach i mo scoil nua (2 uair an chloig)<br>Tógáil foirne trí ghníomhaíocht choirp (3 uair an chloig) | 5 **aonad rothlacha** (ritheann gach ceann acu ar feadh 6-7 seachtaine/uair an chloig)<br>Mo phobal áitiúil a fhiosrú trí ghníomhaíocht choirp<br>Clár an Acadaimh Athléimneachta[23]<br>Cé mé féin agus mo spriocanna pearsanta a fhiosrú[24]<br>Bia shláintiúil[25]<br>Níos mó ná Féinphic[26] | 5 **aonad rothlacha** (ritheann gach ceann acu ar feadh 6-7 seachtaine/uair an chloig)<br>Gach duine éagsúil – gach duine cothrom, ag ceiliúradh na héagsúlachta<br>Scoil Ghníomhach na sraithe sóisearaí<br>Treoir[27]<br>Toiliú a thuiscint[28]<br>Tomhaltas inbhuanaithe: bia & faisean | 68 |

IOMLÁN
**401**
hours

23 Is é an tAcadamh Athléimneachta clár sé seachtaine arna fhorbairt agus arna éascú ag Pieta House do scoláirí sa dara bliain a bhfuil d'aidhm leis uirlisí athléimneachta mothúchánaí a thabhairt don scoláire. Le haghaidh eolais: https://www.pieta.ie/how-we-can-help/prevention-programmes/resilience-academy/

24 Is féidir an t-aonad seo, arna fhorbairt ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, a íoslódáil https://careersportal.ie/guidance/index_junior.php

25 Sa scoil seo tá an t-aonad seo forbartha ag an múinteoir Eacnamaíocht Bhaile ionas go gcuirtear ar fáil leis foghlaim nua don scoláire sin a dhéanann staidéar ar Eacnamaíocht Bhaile na sraithe sóisearaí chomh maith.

26 *#MoreThanASelfie* – clár ceachtanna agus treoir d'éascaitheoirí lena bhfiosraítear an nasc idir íomhá choirp, féinmheas agus meabhairshláinte. Ar fáil ó info@bodywhys.ie

27 Sa scoil seo téann an scoláire ar aghaidh go díreach isteach sa chúigiú bliain mar sin tá treoir tábhachtach sa tríú bliain chun cabhrú leis an scoláire a luachanna, láidreachtaí, spéiseanna agus conairí féideartha gairme a shainaithint agus chun cabhrú leis roghanna oiriúnacha ábhair a dhéanamh don tsraith shinsearach. https://careersportal.ie/guidance/index_junior.php

28 Nascann an t-aonad seo le clár OSPS/OCG agus tacaíonn sé leis, agus déantar é a theagasc le tacaíocht ó ghníomhaireacht sheachtrach.

# 5

# MEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ

# 5.1

# MEASÚNÚ SAN FHOLLÁINE

Sonraítear sa *Chreat don tSraith Shóisearach* go mba cheart go mbeadh an tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tsraith shóisearach.[1] Chun é sin a bhaint amach, leagann an creat béim ar a thábhachtaí atá sé an cur chuige i leith an mheasúnaithe a leathnú. Aithnítear freisin 'nach féidir le haon ócáid mheasúnaithe amháin fianaise a sholáthar ar raon gnóthachtála uile an scoláire'.[2] Is fíor an méid sin go háirithe i leith na foghlama san Fholláine nuair is gá aird a thabhairt sa mheasúnú ar an réimse leathan foghlama a bhíonn ar siúl ag an scoláire.[3] Is fíor an méid sin go háirithe i leith na foghlama san Fholláine nuair is gá aird a thabhairt sa mheasúnú ar an réimse leathan foghlama a bhíonn ar siúl ag an scoláire.

Ní bhaineann an measúnú san Fholláine le múinteoirí ag measúnú cén áit atá bainte amach ag an scoláire ar chontanam na folláine ná ráiteas a dhéanamh maidir le staid shuibiachtúil folláine an scoláire. Bheadh sé neamhchabhrach múinteoir a bheith ag déanamh breithiúnais maidir le folláine scoláire per se, toisc go mbraitheann folláine an scoláire ar thosca agus ar chúinsí saoil éagsúla ar féidir athrú teacht orthu go tobann agus a bhaineann go sainiúil le comhthéacs áirithe. San Fholláine, dírítear sa mheasúnú ar fhianaise a bhailiú ar a d'fhoghlaim an scoláire faoin bhfolláine i. an t-eolas, na scileanna agus na meonta atá faighte ag an scoláire. Cé nach gá measúnú a dhéanamh ar gach aon toradh foghlama, tá sé tábhachtach deiseanna rialta a thabhairt don scoláire fianaise a thaispeáint ar a chuid foghlama agus spreagadh dó machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama ar fud an chláir Folláine. Táthar ag dréim leis na nithe seo a leanas

> go mbeidh formhór na ngníomhaíochtaí don mheasúnú in achar na Folláine rangbhunaithe agus foirmitheach.[4]

De réir dea-chleachtais mheasúnaithe, ba chóir don mheasúnú sa chlár Folláine

- a bheith comhtháite isteach sa phleanáil don teagasc agus foghlaim laistigh de gach gné den chlár Folláine
- a bheith diongbháilte agus dírithe ar aiseolas a thabhairt don scoláire ar bhealaí ar féidir leis an scoláire a chuid foghlama a fheabhsú
- a bheith ilghnéitheach agus riachtanais agus cumais an scoláire a chuimsiú
- a bheith de réir thorthaí foghlama na ngearrchúrsaí ábhartha nó na n-aonad foghlama
- tacú le folláine an scoláire, trí ró-mheasúnú a sheachaint agus trí dheiseanna a thabhairt don scoláire úinéireacht a ghlacadh agus roghanna a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéantar measúnú san Fholláine.

Tá deiseanna don mheasúnú leanúnach agus suimitheach araon agus don aiseolas cuiditheach sna comhpháirteanna curaclaim ar fad i gcuraclam Folláine. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar an scoláire tascanna, obair thionscadail, cur i láthair, nó taibhléirithe a dhéanamh, gabháil don fhéinmheasúnú/do mheasúnú piaraí, machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim, agus spriocanna a leagan amach do na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint as ceisteanna éifeachtacha agus idirphlé freisin le cur ar chumas an scoláire a chuid foghlama a léiriú agus chun pleanáil a dhéanamh don fheabhas. Is éifeachtaí na gníomhaíochtaí measúnaithe ar fad nuair a thacaítear leo le critéir ratha ina sonraítear conas mar a bhíonn obair mhaith sna comhthéacsanna lena mbaineann.

1 Ich 35.
2 Ich 34.
3 Ich 34.
4 *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) Ich 42

# 5.2

## TUAIRISCIÚ AR AN BHFOLLÁINE SA CHÉAD BHLIAIN AGUS SA DARA BLIAIN

Is é is aidhm leis an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire san Fholláine léiriú a thabhairt do thuismitheoirí ar a bhfuil á fhoghlaim ag an scoláire faoin bhFolláine agus ar na scileanna atá á bhforbairt aige chun tacú lena fholláine. Táthar ag dréim leis go dtuairisceoidh scoileanna ar fhoghlaim an scoláire faoin bhFolláine mar chuid den mheasúnú agus tuairisciú leanúnach i rith na Sraithe Sóisearaí. Den chuid is mó, díreoidh an tuairisciú ar mheasúnuithe leanúnacha atá déanta ag an scoláire mar chuid dá fhoghlaim i ngearrchúrsaí OSSP, Corpoideachais agus OSPS agus in aonaid foghlama nó eispéiris foghlama eile atá i gclár Folláine na scoile.

Tá teimpléid tuairiscithe forbartha ag CNCM de réir stíl agus fhormáid Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí[5]. Spreagtar do scoileanna a bhformáidí tuairiscithe féin a fhorbairt ar bhealach comhchosúil. Beidh raon d'fhoirmeacha tuairiscithe eile á úsáid mar aon leis an tuairisc fhoirmiúil seo i rith na scoilbhliana, lena n-áirítear cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí agus raon d'aiseolas neamhfhoirmiúil scríofa agus ó bhéal maidir le dul chun cinn an scoláire.

**TÁTHAR AG DRÉIM LEIS GO DTUAIRISCEOIDH SCOILEANNA AR FHOGHLAIM AN SCOLÁIRE FAOIN BHFOLLÁINE MAR CHUID DEN MHEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ LEANÚNACH I RITH NA SRAITHE SÓISEARAÍ**

5 Ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/tuairisci%C3%BA

## 5.3

## TUAIRISCIÚ AR AN BHFOLLÁINE I BPRÓIFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

Tá foghlaim an scoláire i réimse na Folláine laistigh de chuid thiomnaithe den PGSS. Is sa chuid seo a dtuairiscíonn scoileanna ar ghnóthachtáil an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) a bhaineann leis na gearrchúrsaí in OSSP, OSPS agus Corpoideachas. Déantar seo ag úsáid na dtuairisceoirí céanna a úsáidtear chun breithiúnais a dhéanamh ar gach MRB, is é sin le rá, níor chomhlíon na hionchais go fóill, ag teacht leis na hionchais, os cionn na n-ionchas agus thar barr ar fad. Tá comhairle mhionsonraithe ar mheasúnú agus ar cheisteanna praiticiúla eile le fáil i dtreoirlínte measúnaithe na ngearrchúrsaí sin. I gcás ina bhforbraíonn scoileanna na gearrchúrsaí seo nó a bhforbraíonn siad a ngearrchúrsaí féin, is féidir leo na cuir chuige measúnaithe atá i ngearrchúrsaí CNCM a úsáid chun bonn eolais a chur faoi dhearadh an MRB.

Sa PGSS freisin tá spás téacs saor inar féidir le scoileanna tuairisciú ar ghnóthachtáil san Fholláine taobh amuigh de na gearrchúrsaí, amhail measúnuithe déanta mar chuid de rannpháirtíocht an scoláire in aonaid foghlama Folláine. Nuair a bheidh aonaid mar seo á bpleanáil, ag úsáid Aguisín I, beidh scoileanna tar éis a bheith ag smaoineamh ar an gcaoi a ndéanfar measúnú ar an bhfoghlaim laistigh de na haonaid seo.

Féadfaidh scoileanna tuairisciú freisin ar fhoghlaim an scoláire san Fholláine sa chuid sin de PGSS dar teideal 'Réimsí Foghlama Eile'. Anseo, féadfar a chur san áireamh ceann amháin nó dhá cheann d'eispéiris foghlama lasmuigh den chlár Folláine 400 uair an chloig a chuir le foghlaim an scoláire san Fholláine, amhail 'D'fhorbair mé muinín agus d'éirigh mé níos gníomhaí go fisiciúil trí bheith rannpháirteach i gcumann Karate na scoile' nó 'Chuir mé le m'fheasacht ar an bhfolláine trí bheith ar an gcoiste eagraithe le haghaidh sheachtain an Chairdis.' Le himeacht aimsire, bheifí ag dréim leis go nglacfaidh an scoláire freagracht as a shocrú cad ba mhaith leis a chur san áireamh sa chuid sin den PGSS, Réimsí Foghlama Eile.

Tá sé tábhachtach ráiteas arna fhorbairt ag an scoláire a bheith san áireamh laistigh de 'Réimsí Foghlama Eile' mar

- cabhraíonn sé leis an scoláire a bheith i bhfad níos eolaí air féin mar fhoghlaimeoir
- cuireann sé san áireamh go bríoch guth an scoláire sa tuairisciú
- déanann sé rannpháirtíocht an scoláire i bhfoghlaim folláine sofheicthe lasmuigh den seomra ranga.

**TÁ SÉ TÁBHACHTACH RÁITEAS ARNA FHORBAIRT AG AN SCOLÁIRE A BHEITH SAN ÁIREAMH LAISTIGH DE 'RÉIMSÍ FOGHLAMA EILE'**

# 5.4

## AN SCOLÁIRE AG MACHNAMH AR FHOGHLAIM SAN FHOLLÁINE

Is mó an seans go gcruthóidh an scoláire tascanna measúnuithe saibhre a chumasóidh tuairisciú saibhir nuair a dhéantar measúnuithe laistigh de chomhthéacs ina mbíonn idirphlé agus aiseolas rialta sa rang agus nuair a thugtar deiseanna go minic don scoláire machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim féin.  Ní féidir an tábhacht a bhaineann le scileanna an scoláire a thógáil maidir le machnamh ar fhoghlaim a mheas faoina luach. Is réamhriachtanas le haghaidh ratha ar fud na dtrí ghearrchúrsa, arb iad colúin chlár Folláine na sraithe sóisearaí, é an cumas machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim.

Bealach amháin ar féidir le múinteoirí cur le scileanna chun machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim san Fholláine is ea amharc trí lionsa Phríomhscileanna na sraithe sóisearaí agus na sé tháscaire folláine. Nuair a iarrtar ar an scoláire machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige, is féidir an scoláire a spreagadh chun bogadh ar aghaidh ó bheith ag smaoineamh go díreach ar eolas nó ar fhaisnéis a fuarthas, agus is féidir é a ghríosú chun machnamh a dhéanamh ar conas a forbraíodh príomhscileanna faoi leith trína fhoghlaim. Ar an gcaoi chéanna, is féidir na sé tháscaire – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas Orm agus Feasach – a úsáid chun tacú le machnamh leanúnach ag an scoláire maidir lena fhoghlaim san Fholláine. Mar shampla, ag deireadh ranga, aonaid nó téarma scoile, is féidir leis an scoláire na táscairí a úsáid chun machnamh a dhéanamh orthu seo a leanas:

- an fhoghlaim thábhachtach atá déanta acu faoin bhfolláine
- na táscairí a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta acu orthu, dar leo
- na táscairí ar mhian leo dul chun cinn a dhéanamh orthu agus conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh.


I ndeireadh na dála, is é is aidhm leis an bhfoghlaim san Fholláine daoine óga a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a bhfolláine féin agus as folláine daoine eile. Tá sé tábhachtach mar sin go gcabhraíonn cleachtais mhachnaimh agus mheasúnaithe san Fholláine leis an scoláire dul i dtaithí ar theanga na folláine agus a acmhainneacht a fhorbairt chun labhairt faoina fhoghlaim san Fholláine.




I leabhráin CNCM, Díriú ar an bhFoghlaim, tugtar a lán treoir phraiticiúil le haghaidh measúnú leanúnach ar féidir a chur in oiriúint le húsáid i réimsí éagsúla den churaclam Folláine.

Is féidir na leabhráin seo a íoslódáil ag

https://ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/d%C3%ADri%C3%BA-ar-an-bhfoghlaim




Tá Treoirlínte ar Thuairisciú ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/tuairisci%C3%BA

# 6

# AGUISÍNÍ

# AGUISÍN A:
# NA TÁSCAIRÍ FOLLÁINE A ÚSÁID CHUN ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR CHLEACHTAS SCOILE

Sainaithníonn na sé tháscaire Folláine na rudaí atá tábhachtach d'fholláine daoine óga sa tsraith shóisearach. Tá solúbthacht ag gach scoil a clár Folláine féin a phleanáil chun tacú le dul chun cinn an scoláire i ndáil le gach ceann de na táscairí.

B'fhéidir go bhféadfaí leas a bhaint as na ceisteanna seo a leanas chun tacú le grúpaí amhail an fhoireann ar fad, ranna ábhair, múinteoirí bliainghrúpa, an pobal scoile níos forleithne lena n-áirítear an fhoireann riaracháin agus choimhdeach chun machnamh a dhéanamh ar chleachtais reatha agus ar conas a chuireann siad nó conas is féidir leo cur, ina n-aonair agus/nó mar ghrúpa, le tacú le dul chun cinn an scoláire i ndáil le gach ceann de na táscairí.

| | I MO RÓL AGUS I MO CHAIDREAMH LEIS AN SCOLÁIRE, CONAS A THACAÍM LENA AISTEAR FOGHLAMA I DTREO NA NITHE SEO A LEANAS? | FÍOR | GO POINTE ÁIRITHE | NÍ GO FÓILL |
|---|---|---|---|---|
| GNÍOMHACH | • a bheith ina rannpháirtí muiníneach oilte i ngníomhaíocht choirp<br>• a bheith gníomhach go fisiciúil | | | |
| FREAGRACH | • a bheith in ann gníomhú chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú<br>• bia sláintiúil a roghnú<br>• a thuiscint cén áit a mbíonn a chuid sábháilteachta i mbaol, agus cur ar a chumas na roghanna cearta a ghlacadh | | | |
| CEANGAILTE | • a bheith ceangailte lena scoil, lena chairde, lena phobal agus leis an saol mór<br>• a thuiscint conas a théann a chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar a fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda | | | |
| ATHLÉIMNEACH | • a bheith muiníneach as féin agus na scileanna a bheith aige chun déileáil le dúshláin an tsaoil<br>• eolas a bheith aigr cén áit ar féidir leis cabhair a fháil<br>• a chreidiúint go n-éireodh go maith leis ach an iarracht a chur isteach | | | |

| | I MO RÓL AGUS I MO CHAIDREAMH LEIS AN SCOLÁIRE, CONAS A THACAÍM LENA AISTEAR FOGHLAMA I DTREO NA NITHE SEO A LEANAS? | FÍOR | GO POINTE ÁIRITHE | NÍ GO FÓILL |
|---|---|---|---|---|
| MEAS | • cúram agus meas a léiriú ar dhaoine eile<br>• caidreamh dearfach le cairde, piaraí agus múinteoirí<br>• a mhothú go n-éistear leis agus go bhfuil meas air | | | |
| FEASACH | • a bheith feasach ar a chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus a bheith in ann ciall a bhaint astu<br>• a bheith feasach ar a luachanna pearsanta féin agus machnamh a dhéanamh ar a chinntí<br>• a bheith feasach air féin mar fhoghlaimeoir agus fios a bheith aige cén chaoi ar féidir leis feabhsú | | | |

**Cuimhnigh orthu seo a leanas agus machnamh á dhéanamh ar an gceacht seo:**

| | |
|---|---|
| Cé na táscairí folláine is mó a dtacaíonn tú leo dar leat?<br><br>Cén fhianaise atá ann lena haghaidh seo? | |
| Cé na táscairí folláine a dteastaíonn aird uathu?<br><br>Cén fhianaise atá ann lena haghaidh seo? | |
| Cén t-athrú nó dhó a dhéanfaidh tú chun tacú le dul chun cinn an scoláire i ndáil leis na táscairí? | |
| Céard a chuir ionadh ort agus an ceacht seo á dhéanamh? | |

# AGUISÍN B:
# TEIMPLÉAD CHUN TACÚ LE PLEANÁIL CHOMHOIBRÍOCH

Is féidir leis an teimpléad pleanála seo tacú le comhrá idir na múinteoirí atá dírithe ar chur chuige soiléir, comhoibríoch maidir le pleanáil don Fholláine. Is féidir leis feasacht a chruthú ar dheiseanna féideartha chun naisc a chruthú idir ghnéithe éagsúla den fhoghlaim ar fud an chláir Folláine. Rud atá tábhachtach, is féidir leis oiriúnú agus athrú leanúnach a cheadú de réir mar a thagann riachtanais nua chun cinn le linn na scoilbhliana.

Tá torthaí foghlama le haghaidh OSSP, OSPS agus Corpoideachais ar fáil ar www.curriculumonline.ie

| BLIAIN 1 | MEÁN FÓMHAIR | DEIREADH FÓMHAIR | SAMHAIN | NOLLAIG | ATHBH-REITHNIÚ/ AISEOLAS |
|---|---|---|---|---|---|
| OSSP | **Tideal an aonaid**<br>Torthaí Foghlama | | | | |
| Corpoide-achas | **Tideal an aonaid**<br>Torthaí Foghlama | | | | |
| OSPS | **Tideal an aonaid**<br>Torthaí Foghlama | | | | |
| Eile | **Tideal an aonaid**<br>Torthaí Foghlama | | | | |
| Teamaí comhoibríoch | | | | | |
| Imeachtaí folláine | | | | | |
| Naisc le hábhair eile | | | | | |

Nóta buíochais: SSM a d'fhorbair an teimpléad seo agus tá sé san áireamh anseo lena gcead

# AGUISÍN C: TÁSCAIRÍ FOLLÁINE A ÚSÁID LE TACÚ LE MACHNAMH AN SCOLÁIRE

D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach chun tacú leis an scoláire machnamh a dhéanamh ar a fholláine trí leas a bhaint as na sé tháscaire. D'fhéadfaidís a bheith úsáideach freisin chun deimhniú leis an scoláire go dtuigeann sé a bhfuil i gceist leis na táscairí éagsúla.

Agus úsáid á baint as an uirlis seo, nó as uirlisí féinmheasúnaithe eile, tá sé tábhachtach a aibhsiú don scoláire gur próiseas agus aistear ar feadh an tsaoil atá san fholláine agus go bhféadfadh sé tarlú nach mbainfí amach ceann scríbe go brách. An cuspóir atá leis an uirlis seo cur ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar a fholláine, réimsí den fholláine a shainaithint inar féidir leis feabhsú, agus faisnéis agus léargais a thabhairt don fhoireann maidir le conas is fearr is féidir leo tacú leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine agus lena haghaidh.

Is féidir leis an scoláire an bosca tuairimí a úsáid chun tuairim a léiriú ar a bhfreagra, sprioc a leagan amach, agus/nó moladh a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh an clár Folláine sa tsraith shóisearach cabhrú lena dhul chun cinn i dtaca leis an táscaire seo.

D'fhéadfaí an uirlis féinmheasúnaithe seo a ghiniúint ar google docs nó ar ardán comhchosúil agus d'fhéadfaí na torthaí a úsáid chun bonn eolais a chur faoi phleanáil.

| | Ó LÁ GO LÁ | FÍOR | GO POINTE ÁIRITHE | NÍ GO FÓILL |
|---|---|---|---|---|
| GNÍOMHACH | • Is rannpháirtí muiníneach oilte mé i ngníomhaíocht choirp<br>• Bím gníomhach go fisiciúil ar bhonn rialta | | | |
| Trácht: | | | | |
| FREAGRACH | • Gníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú<br>• Is féidir liom bia sláintiúil a roghnú<br>• Tuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus déanaim na roghanna cearta chun mé féin a chosaint | | | |
| Trácht: | | | | |
| CEANGAILTE | • Mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór<br>• Tuigim conas a théann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda | | | |
| Trácht: | | | | |

| | Ó LÁ GO LÁ | FÍOR | GO POINTE ÁIRITHE | NÍ GO FÓILL |
|---|---|---|---|---|
| ATHLÉIMNEACH | • Tá muinín agam asam féin agus tá na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil<br>• Is eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil<br>• Creidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach | | | |
| **Trácht:** | | | | |
| MEAS | • Mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm<br>• Tá caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí<br>• Léirím cúram agus meas ar dhaoine eile | | | |
| **Trácht:** | | | | |
| FEASACH | • Táim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus is féidir liom ciall a bhaint astu<br>• Táim feasach ar mo luachanna pearsanta agus déanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh<br>• Táim feasach ar conas is fearr a bhím ag foghlaim agus tá a fhios agam conas is féidir liom feabhsú | | | |
| **Trácht:** | | | | |

**Cuimhnigh orthu seo a leanas agus machnamh á dhéanamh ar an gceacht seo:**

| | |
|---|---|
| Trí rud atá á ndéanamh agam ar bhealach maith chun tacú le mo chuid folláine | 1.<br><br>2.<br><br>3. |
| Trí rud atá beartaithe agam a chabhróidh liom tacú le mo chuid folláine | 1.<br><br>2.<br><br>3. |

# AGUISÍN D:
# FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH: CEISTNEOIR FÉINMHEASTÓIREACHTA LE HAGHAIDH LUCHT BAINISTÍOCHTA AGUS FHOIREANN NA SCOILE[1]

Is féidir an seicliosta seo a úsáid chun machnamh agus measúnú a dhéanamh ar a bhfuil á dhéanamh go maith ag an scoil agus ar gá a fheabhsú sna ceithre phríomhghné den fholláine sa tsraith shóisearach: cultúr, caidrimh, curaclam agus beartas/pleanáil. Ba cheart do scoileanna úsáid a bhaint as gach fianaise atá ar fáil ó raon daoine lena n-áirítear scoláirí, múinteoirí, agus tuismitheoirí/caomhnóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad na gnéithe atá leagtha amach sa cheistneoir.

### PRÍOMHGHNÉ: CULTÚR

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh.
*(1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)*

| DÍRIÚ | ROINNT CRITÉAR LE LORG: | AIRD DE DHÍTH | MAITH GO LEOR | AR FHEABHAS |
|---|---|---|---|---|
| Misean agus éiteas na scoile | Tá folláine phobal na scoile uile ag croílár ráiteas misin na scoile | | | |
| | Tá meas ar gach duine i bpobal na scoile agus bíonn deiseanna acu dul chun cinn a dhéanamh. | | | |
| | Cabhraíonn an fhoireann ar fad le timpeallacht thuisceanach chuimsitheach a chur chun cinn laistigh den scoil lena dtacaítear le folláine an scoláire. | | | |
| | Is ann d'fhís agus do thuiscint choiteann ar a bhfuil i gceist le folláine an scoláire, rud a chuireann béim ar láidreachtaí agus ar acmhainneachtaí seachas díreach díriú ar fhadhbanna agus ar laigí. | | | |
| | Cothaítear caidrimh mheasúla thuisceanacha idir an fhoireann agus an scoláire, idir na scoláirí féin, agus idir an fhoireann agus tuismitheoirí. | | | |
| | Tá struchtúir i bhfeidhm atá deartha chun tacú le folláine an scoláire, m.sh. Foireann Tacaíochta Scoláirí | | | |

1 Tá an seicliosta seo curtha in oiriúint ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte. (2013). *Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do chothú na meabhairshláinte agus do chosc an fhéinmharaithe.* Igh 62-65 agus tá comhghaol dlúth aige leis na Ráitis um Chleachtas Éifeachtach sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* (ROS, 2019)

| DÍRIÚ | ROINNT CRITÉAR LE LORG: | AIRD DE DHÍTH | MAITH GO LEOR | AR FHEABHAS |
|---|---|---|---|---|
| **An timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta** | Cuirtear cairdiúlacht, fáilte agus ionchuimsiú in iúl leis an timpeallacht fhisiciúil. | | | |
| | Is áit shábháilte do gach scoláire í an scoil. | | | |
| | Is ann do spásanna inar féidir le scoláirí teacht le chéile go sóisialta agus am a chaitheamh go ciúin. | | | |
| | Tá foirgneamh na scoile inrochtana do gach scoláire. | | | |
| | Bíonn an scoláire agus an fhoireann bródúil agus cúramach chun an timpeallacht fhisiciúil a chothú. | | | |
| | Tá timpeallacht na scoile fabhrach do ghníomhaíocht choirp agus roghanna bia shláintiúil a chur chun cinn. | | | |
| **Cultúr an tseomra ranga** | Bíonn ionchais arda ag múinteoirí do gach scoláire. | | | |
| | Is ann do chaidrimh oscailte, dhearfacha agus thacúla idir na múinteoirí agus an scoláire, sa rang féin agus lasmuigh de araon. | | | |
| | Cuirtear cultúr comhoibrithe agus comhair chun cinn trí na cleachtais laethúla teagaisc, foghlama agus measúnaithe. | | | |
| | Mothaíonn an scoláire slán agus sábháilte sa seomra ranga agus mothaíonn sé go bhfuil meas air. | | | |
| **Teagasc, foghlaim agus measúnú** | Bíonn an scoláire gníomhach ag gabháil dá chuid foghlama agus baineann sé taitneamh as a bheith ar scoil. | | | |
| | Tugtar aiseolas múnlaitheach rialta don scoláire maidir lena fhoghlaim agus le conas is féidir leis feabhsú. | | | |
| | Bíonn deiseanna rialta ag an scoláire labhairt faoina chuid foghlama agus faoina gcabhraíonn leis foghlaim. | | | |
| | Úsáideann múinteoirí modheolaíochtaí gníomhacha chun na príomhscileanna ina n-ábhar a fhorbairt. | | | |
| | Déantar idirdhealú idir an teagasc agus an fhoghlaim, agus soláthraítear deis chuí leis chun cur ar chumas gach scoláire gabháil don rath agus taithí a fháil air. | | | |

| |
|---|
| Cé na gnéithe de **Chultúr** thuasluaite ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach? |
| Céard a dhéanfaimid? |

| | |
|---|---|
| Cé a dhéanfaidh é? | Dáta athbhreithnithe: |

### PRÍOMHGHNÉ: CAIDRIMH

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh.
*(1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)*

| DÍRIÚ | ROINNT CRITÉAR LE LORG: | AIRD DE DHÍTH | MAITH GO LEOR | AR FHEABHAS |
|---|---|---|---|---|
| **Caidrimh idir an scoláire agus an múinteoir** | Bíonn caidrimh chairdiúla, thuisceanacha agus mheasúla idir an scoláire agus an múinteoir. | | | |
| | Mothaíonn foireann uile na scoile, mar dhaoine aonair, muiníneach as an ról a d'fhéadfadh a bheith acu mar an 'duine fásta maith amháin' ar féidir leis an scoláire dul ina muinín chun tacaíocht agus cabhair a lorg. | | | |
| | Is eol don scoláire cén áit ar féidir leis tacaíocht a fháil agus conas teacht ar na struchtúir 'cúraim' sa scoil. | | | |
| | Is ann do bheartas araíonachta dearfaí lena réitítear fadhbanna araíonachta le tuiscint, meas agus comhsheasmhacht. | | | |
| **Caidrimh le piaraí** | Léiríonn scoláirí meas, tuiscint agus cineáltas i leith a chéile. | | | |
| | Mothaíonn an scoláire sábháilte agus go dtacaítear leis i measc a phiaraí. | | | |
| | Braitheann múinteoirí go tacaíocht agus cúram ar fáil dóibh i measc a gcomhghleacaithe. | | | |

| DÍRIÚ | ROINNT CRITÉAR LE LORG: | AIRD DE DHÍTH | MAITH GO LEOR | AR FHEABHAS |
|---|---|---|---|---|
| **Guth an scoláire** | Tá struchtúir éagsúla i bhfeidhm inar féidir leis an scoláire a thuairimí a léiriú, m.sh. sa rang, cruinnithe leis an teagascóir, grúpaí fócais dírithe ar ghuth an scoláire, cruinnithe le maoir, Comhairle na Scoláirí. | | | |
| | Is eol don scoláire go bhfuil meas ar a aiseolas mar baintear leas as agus gníomhaítear dá réir. | | | |
| | Bíonn deis ag gach scoláire a thuairim a thabhairt agus bíonn baint acu le cinntí a dhéanamh faoina saol ar scoil. | | | |
| **Comh-pháirtíocht le tuismitheoirí/ caomhnóirí, leis an bpobal agus ta-caíochtaí níos forleithne** | Mothaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí go mbíonn fáilte rompu, go mbíonn meas orthu agus go n éistear leo mar chomhpháirtithe in oideachas a bpáistí. | | | |
| | Bíonn deiseanna ag tuismitheoirí/caomhnóirí foghlaim faoi chlár Folláine na scoile sa tsraith shóisearach agus conas is féidir leo tacú le folláine a bpáiste. | | | |
| | Tugtar spreagadh gníomhach do thuismitheoirí/chaomhnóirí páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i measúnú an chláir Folláine. | | | |
| | Tá naisc dhearfacha, réamhghníomhacha forbartha ag an scoil le grúpaí agus le clubanna sa phobal atá páirteach i dtacú le folláine daoine óga. | | | |

Cé na gnéithe de **Chaidrimh** thuasluaite ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

| | |
|---|---|
| Cé a dhéanfaidh é? | Dáta athbhreithnithe: |

### PRÍOMHGHNÉ: CURACLAM

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh.
*(1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)*

| DÍRIÚ | ROINNT CRITÉAR LE LORG: | AIRD DE DHÍTH | MAITH GO LEOR | AR FHEABHAS |
|---|---|---|---|---|
| **OSSP, Corpoideachas, OSPS** | Is ann do chur chuige soiléir comhordaithe i leith an tsoláthair OSSP, corpoideachais agus OSPS mar chuid den chlár Folláine sa tsraith shóisearach. | | | |
| | Is ann do dheiseanna rialta inar féidir le múinteoirí oibriú go comhoibríoch sa phleanáil do OSSP, Corpoideachas agus OSPS. | | | |
| | Úsáidtear tuairimí na scoláirí agus na dtuismitheoirí chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil in OSSP, Corpoideachas agus OSPS. | | | |
| | Tacaítear le múinteoirí agus spreagtar iad chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach in OSSP, Corpoideachas, agus OSPS. | | | |
| | Téitear i gcomhairle le múinteoirí sula bhfágtar ranganna OSPS agus/nó OSSP faoina gcúram. | | | |
| **Treoir** | Gné thábhachtach den churaclam Folláine sa tsraith shóisearach is ea foghlaim a bhaineann le treoir. | | | |
| | Oibríonn an treoirchomhairleoir i gcomhar leis an bhfoireann folláine chun an clár Folláine sa tsraith shóisearach a phleanáil. | | | |
| | Bíonn deiseanna ag an treoirchomhairleoir aithne a chur ar scoláirí na sraithe sóisearaí agus tacú leo. | | | |
| | Déanann an treoirchomhairleoir comhordú ar chomhroinnt chuí faisnéise ábhartha maidir leis an scoláire lena mhúinteoirí chun tacú lena fholláine. | | | |

| DÍRIÚ | ROINNT CRITÉAR LE LORG: | AIRD DE DHÍTH | MAITH GO LEOR | AR FHEABHAS |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhair agus eispéiris foghlama eile** | Tuigeann na múinteoirí ar fad an ról atá acu chun tacú leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine agus lena haghaidh ina n ábhar féin. | | | |
| | Spreagtar múinteoirí nach múinteoirí OSSP, OSPS ná Corpoideachais iad machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo cur leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine agus lena haghaidh. | | | |
| **Foghlaim sheach-churaclaim agus chomhchuraclaim** | Déantar bainistiú machnamhach ar na bealaí ina mbaintear úsáid as grúpaí agus gníomhaireachtaí seachtracha chun tacú leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine. | | | |
| | Tá clár seach-churaclaim na scoile deartha le bheith leathan, inrochtana agus uilechuimsitheach. | | | |
| | Bíonn baint ghníomhach ag an scoláire agus ag tuismitheoirí le clár seach-churaclaim na scoile a phleanáil agus le measúnú a dhéanamh air. | | | |

Cé na gnéithe de **Churaclam** ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

| | |
|---|---|
| Cé a dhéanfaidh é? | Dáta athbhreithnithe: |

## PRÍOMHGHNÉ: BEARTAS AGUS PLEANÁIL

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh.
*(1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)*

| DÍRIÚ | ROINNT CRITÉAR LE LORG: | AIRD DE DHÍTH | MAITH GO LEOR | AR FHEABHAS |
|---|---|---|---|---|
| **Beartais na scoile** | Déantar beartais na scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhar le scoláirí, tuismitheoirí agus an fhoireann. | | | |
| | Tá beartais a bhaineann le folláine i bhfeidhm, lena n-áirítear beartais i ndáil le hiompraíocht, sábháilteacht idirlín, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, OSPS (lena n-áirítear OCG) agus frithbhulaíocht, agus déantar athbhreithniú rialta orthu. | | | |
| | Tá fáil ar dhoiciméid bheartais agus scaiptear iad i measc scoláirí agus tuismitheoirí/ caomhnóirí. | | | |
| | Cuirtear beartais chun feidhme ar bhealach cóir tuisceanach. | | | |
| **Féin-mheastóireacht scoile** | Sa phleanáil scoile, cuirtear am ar fáil don phleanáil san Fholláine. | | | |
| | Déantar naisc fhollasacha idir an phleanáil don Fholláine agus féinmheastóireacht scoile. | | | |
| **Pleanáil ábhair agus scoile uile** | Déantar na doiciméid phleanála don Fholláine a chomhthiomsú agus a shábháil chun tacú le meastóireacht ar an scoil uile san Fholláine. | | | |
| | Tá an Fholláine sa tsraith shóisearach ina gné thábhachtach den phleanáil scoile uile agus ábhair. | | | |
| **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach** | Tugtar spreagadh agus tacaíocht do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú le folláine an scoláire. | | | |
| | Spreagtar agus éascaítear múinteoirí a gcuid foghlama i bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chomhroinnt le comhghleacaithe. | | | |
| | Cuimsítear le forbairt ghairmiúil leanúnach deiseanna do mhúinteoirí a gcuid oibre i bhFolláine na sraithe sóisearaí a chomhroinnt le comhghleacaithe ar scoil. | | | |

| | |
|---|---|
| Cé na gnéithe de **Bheartas agus pleanáil** ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach? | |
| Céard a dhéanfaimid? | |
| Cé a dhéanfaidh é? | Dáta athbhreithnithe: |

# AGUISÍN E: FÓCASGHRÚPA TUISMITHEOIRÍ

Is é is cuspóir leis an ngrúpa fócais seo rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí/caomhnóirí a éascú sa phróiseas pleanála don chlár Folláine sa tsraith shóisearach. Ba cheart ionadaithe tuismitheoirí as cohórt na scoile a áireamh sa ghrúpa fócais seo dá mb'fhéidir é. Murar féidir cruinniú fisiciúil a eagrú le tuismitheoirí, is féidir suirbhé ar líne a úsáid.

### 1. RÉAMHRÁ (GNÍOMHAÍOCHT AN GHRÚPA IOMLÁIN)

Mínigh do thuismitheoirí gur réimse foghlama í an Fholláine sa tsraith shóisearach agus gur féidir teacht ar fhaisnéis faoi seo ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/foll%C3%A1ine. Mínigh gurb é cuspóir an tseisiúin éisteacht lena smaointe agus moltaí don réimse foghlama seo agus go n-úsáidfear a n-aiseolas chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas leanúnach pleanála.

### 2. RANSÚ SMAOINTE: CÉARD IS FOLLÁINE ANN?

Céard iad na focail agus na frásaí a thagann chun cuimhne nuair a luaitear an focal 'folláine'?

Scríobh aiseolas ar smeach-chairt. Tarraing aird ar na gnéithe éagsúla den fholláine a chuimsítear. Sainaithin bearnaí, más ann dóibh, agus iarr ar na scoláirí an measann siad go bhfuil tábhacht leo sin agus ar mhaith leo na bearnaí sin a chur leis an aiseolas.

### 3. RANSÚ SMAOINTE: CÉARD ATÁ TÁBHACHTACH D'FHOLLÁINE DAOINE ÓGA?

Is féidir an t-aiseolas a scríobh ar smeach-chairt, ar bhalla graifítí nó ar bhileoga post-it.

### 4. GNÍOMHAÍOCHT SMAOINIMH, PÉIREÁLA AGUS ROINNTE

Asaibh féin, cuimhnígí ar na nithe seo a leanas:

*Céard is féidir leis an scoil seo a dhéanamh le tacú leis an scoláire agus lena fhoghlaim faoin bhfolláine?*

I mbeirteanna, sainaithnígí na trí smaoineamh is tábhachtaí.

Ag dul i gcomhar le beirt eile, roinnigí na rudaí a shainaithin an dá ghrúpa agus aontaígí ar an dá mholadh is tábhachtaí.

### 5. AISEOLAS

Glac le haiseolas ó gach grúpa agus scríobh na smaointe éagsúla ar smeach-chairt. Bí cúramach gan smaointe a athrá.

Tabhair cuireadh do na tuismitheoirí a smaointe a chur in ord tosaíochta, dóibh féin, agus uimhir a haon a thabhairt ar an smaoineamh is tábhachtaí. Tá dhá vóta ag gach duine. Caitheann siad an dá vóta, agus a gcéad vóta á thabhairt don cheann is tábhachtaí. (Is féidir an chéad tosaíocht agus an dara tosaíocht a thaifeadadh le greamáin de dhá dhath éagsúla.)

### 6. NA TÁSCAIRÍ FOLLÁINE A RANGÚ

Déanann na táscairí folláine cur síos ar na scileanna agus ar na meonta a bhfuil clár Folláine ceaptha le forbairt i ndaoine óga sa tsraith shóisearach.

Asaibh féin, rangaígí na táscairí in ord agus uimhir a haon ar an gceann is tábhachtaí dar leat.

I ngrúpaí de thriúr, pléigí na ranguithe leis an mbeirt tuismitheoirí eile. Aontaígí cad iad na táscairí óna dteastóidh an tacaíocht is mó agus an chaoi a bhféadfaí é sin a dhéanamh ar scoil.

### 7. CAD É AN FHOGHLAIM IS TÁBHACHTAÍ SAN FHOLLÁINE?

I ngrúpaí beaga, cuimhnígí ar na nithe seo a leanas:

*Nuair a smaoiníonn sibh faoi bhur bpáistí nó faoi dhaoine óga sa tsraith shóisearach, céard is gá go mbeidís in ann a dhéanamh le tacú lena bhfolláine? Cén chaoi ar féidir leis an scoil pleanáil don chineál seo foghlama? Sainaithneodh gach grúpa na trí smaoineamh is tábhachtaí agus scríobhfaidh siad ar smeach-chairt iad.*

Tabhair cuireadh do gach grúpa ceann dá smaointe a roinnt agus ba cheart iad seo a thaifeadadh.

### 8. MAR CHRÍOCH: MACHNAMH AONAIR

Iarr ar gach tuismitheoir an smaoineamh is mó ón lá inniu ar mhian leo go ndéanfaí machnamh air i bpleanáil na scoile don Fholláine sa tsraith shóisearach a thaifeadadh.

*Is é an smaoineamh mór amháin ó inniu ba mhaith liom go ndéanfaí machnamh air...*

# AGUISÍN I:
# TEIMPLÉAD CHUN TACÚ LE SCOILEANNA AGUS IAD AG PLEANÁIL AONAID FOGHLAMA SAN FHOLLÁINE

| | |
|---|---|
| **Teideal an Aonaid:** | **Fad** |
| **Riachtanas sainaitheanta:** | |
| **Aidhm an aonaid:** | |
| **Torthaí foghlama:**<br><br>Beidh sé ar chumas an scoláire… | |
| Eispéiris foghlama shamplacha scoláire: | |

**Naisc leis an tSraith Shóisearach**

| Ráiteas foghlama: | Sampla d'fhoghlaim ghaolmhar san aonad |
|---|---|
| | |
| | |

**Príomhscileanna i bhfócas**

| Príomhscil | Gné | Sampla de ghníomhaíocht foghlama a bhféadfadh an scoláire tabhairt fúithi |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Táscairí Folláine i bhfócas**

| Táscaire folláine | Tuairisceoirí |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

Measúnú

Acmhainní agus naisc ghréasáin úsáideacha

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment